

Is áis doiciméadúcháin amháin an téacs seo agus níl aon éifeacht dhlíthiúil aige. Ní ghabhann institiúidí an Aontais aon dlíteanas orthu féin i leith inneachar an téacs. Is iad na leaganacha de na gníomhartha a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus atá ar fáil ar an suíomh gréasáin EUR-Lex na leaganacha barántúla de na gníomhartha ábhartha, brollach an téacs san áireamh. Is féidir teacht ar na téacsanna oifigiúla sin ach na naisc atá leabaithe sa doiciméad seo a bhrú

► **B****COUNCIL DECISION 2014/512/CFSP**

of 31 July 2014

concerning restrictive measures in view of Russia's actions destabilising the situation in Ukraine

(IO L 229, 31.7.2014, lch. 13)

Arna leasú le:

		Iris Oifigiúil		
		Uimh	Leathanach	Dáta
► <u>M1</u>	Council Decision 2014/659/CFSP of 8 September 2014 (*)	L 271	54	12.9.2014
► <u>M2</u>	Council Decision 2014/872/CFSP of 4 December 2014 (*)	L 349	58	5.12.2014
► <u>M3</u>	Council Decision (CFSP) 2015/971 of 22 June 2015 (*)	L 157	50	23.6.2015
► <u>M4</u>	Council Decision (CFSP) 2015/1764 of 1 October 2015 (*)	L 257	42	2.10.2015
► <u>M5</u>	Council Decision (CFSP) 2015/2431 of 21 December 2015 (*)	L 334	22	22.12.2015
► <u>M6</u>	Council Decision (CFSP) 2016/1071 of 1 July 2016 (*)	L 178	21	2.7.2016
► <u>M7</u>	Council Decision (CFSP) 2016/2315 of 19 December 2016 (*)	L 345	65	20.12.2016
► <u>M8</u>	Council Decision (CFSP) 2017/1148 of 28 June 2017 (*)	L 166	35	29.6.2017
► <u>M9</u>	Council Decision (CFSP) 2017/2214 of 30 November 2017 (*)	L 316	20	1.12.2017
► <u>M10</u>	Council Decision (CFSP) 2017/2426 of 21 December 2017 (*)	L 343	77	22.12.2017
► <u>M11</u>	Council Decision (CFSP) 2018/964 of 5 July 2018 (*)	L 172	3	9.7.2018
► <u>M12</u>	Council Decision (CFSP) 2018/2078 of 21 December 2018 (*)	L 331	224	28.12.2018
► <u>M13</u>	Council Decision (CFSP) 2019/1108 of 27 June 2019 (*)	L 175	38	28.6.2019
► <u>M14</u>	Council Decision (CFSP) 2019/2192 of 19 December 2019 (*)	L 330	71	20.12.2019
► <u>M15</u>	Cinneadh (CBES) 2020/907 ón gComhairle an 29 Meitheamh 2020	L 207	37	30.6.2020
► <u>M16</u>	Cinneadh (CBES) 2020/2143 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020	L 430	26	18.12.2020
► <u>M17</u>	Cinneadh (CBES) 2021/1144 ón gComhairle an 12 Iúil 2021	L 247	99	13.7.2021
► <u>M18</u>	Cinneadh (CBES) 2022/52 ón gComhairle an 13 Eanáir 2022	L 9	43	14.1.2022
► <u>M19</u>	Cinneadh (CBES) 2022/264 ón gComhairle an 23 Feabhra 2022	L 42 I	95	23.2.2022
► <u>M20</u>	Cinneadh (CBES) 2022/327 ón gComhairle an 25 Feabhra 2022	L 48	1	25.2.2022
► <u>M21</u>	Cinneadh (CBES) 2022/335 ón gComhairle an 28 Feabhra 2022	L 57	4	28.2.2022

(*) Níor foilsíodh an gníomh seo i nGaeilge.

► <u>M22</u>	Cinneadh (CBES) 2022/346 ón gComhairle an 1 Márta 2022	L 63	5	2.3.2022
► <u>M23</u>	Cinneadh (CBES) 2022/351 ón gComhairle an 1 Márta 2022	L 65	5	2.3.2022
► <u>M24</u>	Cinneadh (CBES) 2022/395 ón gComhairle an 9 Márta 2022	L 81	8	9.3.2022
► <u>M25</u>	Cinneadh (CBES) 2022/430 ón gComhairle an 15 Márta 2022	L 87 I	56	15.3.2022
► <u>M26</u>	Cinneadh (CBES) 2022/578 ón gComhairle an 8 Aibreán 2022	L 111	70	8.4.2022
► <u>M27</u>	Cinneadh (CBES) 2022/884 ón gComhairle an 3 Meitheamh 2022	L 153	128	3.6.2022
► <u>M28</u>	Cinneadh (CBES) 2022/1271 ón gComhairle an 21 Iúil 2022	L 193	196	21.7.2022
► <u>M29</u>	Cinneadh (CBES) 2022/1313 ón gComhairle an 26 Iúil 2022	L 198	17	27.7.2022
► <u>M30</u>	Cinneadh (CBES) 2022/1909 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022	L 259 I	122	6.10.2022
► <u>M31</u>	Cinneadh (CBES) 2022/2369 ón gComhairle an 3 Nollaig 2022	L 311 I	8	3.12.2022
► <u>M32</u>	Cinneadh (CBES) 2022/2478 ón gComhairle an 16 Nollaig 2022	L 322 I	614	16.12.2022
► <u>M33</u>	Cinneadh (CBES) 2023/191 ón gComhairle an 27 Eanáir 2023	L 26	44	30.1.2023
► <u>M34</u>	Cinneadh (CBES) 2023/252 ón gComhairle an 4 Feabhra 2023	L 32 I	11	4.2.2023
► <u>M35</u>	Cinneadh (CBES) 2023/434 ón gComhairle an 25 Feabhra 2023	L 59 I	593	25.2.2023
► <u>M36</u>	Cinneadh (CBES) 2023/1217 ón gComhairle an 23 Meitheamh 2023	L 159 I	451	23.6.2023
► <u>M37</u>	Cinneadh (CBES) 2023/1517 ón gComhairle an 20 Iúil 2023	L 184	40	21.7.2023
► <u>M38</u>	Cinneadh (CBES) 2023/2874 ón gComhairle an 18 Nollaig 2023	L 2874	1	18.12.2023
► <u>M39</u>	Cinneadh (CBES) 2024/422 ón gComhairle an 29 Eanáir 2024	L 422	1	30.1.2024
► <u>M40</u>	Cinneadh (CBES) 2024/577 ón gComhairle an 12 Feabhra 2024	L 577	1	14.2.2024
► <u>M41</u>	Cinneadh (CBES) 2024/746 ón gComhairle An 23 Feabhra 2024	L 746	1	23.2.2024
► <u>M42</u>	Cinneadh (CBES) 2024/1429 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2024	L 1429	1	17.5.2024
► <u>M43</u>	Cinneadh (CBES) 2024/1470 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2024	L 1470	1	22.5.2024
► <u>M44</u>	Cinneadh (CBES) 2024/1744 ón gComhairle an 24 Meitheamh 2024	L 1744	1	24.6.2024
► <u>M45</u>	Cinneadh (CBES) 2024/2026 ón gComhairle an 22 Iúil 2024	L 2026	1	23.7.2024

Arna cheartú le:

- **C1** Ceartúchán, IO L 204, 4.8.2022, lch. 16 (2022/1313)
- **C2** Ceartúchán, IO L 207, 9.8.2022, lch. 148 (2022/1313)
- **C3** Ceartúchán, IO L 207, 9.8.2022, lch. 149 (2022/1313)
- **C4** Ceartúchán, IO L 220, 25.8.2022, lch. 5 (2022/1313)
- **C5** Ceartúchán, IO L 17, 19.1.2023, lch. 102 (2022/1909)
- **C6** Ceartúchán, IO L 90605, 4.10.2024, lch. 1 (2024/1744)

▼ B

COUNCIL DECISION 2014/512/CFSP

of 31 July 2014

concerning restrictive measures in view of Russia's actions destabilising the situation in Ukraine

▼ M20*Airteagal 1*

1. Bannaí, cothromas nó ionstraimí airgeadais comhchosúla, toirmiscfear iad a cheannach, a dhíol, seirbhísí infheistíochta a sholáthar dóibh nó cúnamh a sholáthar chun iad a eisiúint, nó aon déileáil eile leo, go díreach nó go hindíreach, ar bannaí, cothromas nó ionstraimí airgeadais comhchosúla iad a bhfuil aibíocht is mó ná 90 lá acu, a eisíodh tar éis an 1 Lúnasa 2014 go dtí an 12 Meán Fómhair 2014, nó a bhfuil aibíocht is mó ná 30 lá acu, a eisíodh tar éis an 12 Meán Fómhair 2014 go dtí an 12 Aibreán 2022 nó aon urrús inaistrithe agus ionstraim margaidh airgid a eiseofar i ndiaidh an 12 Aibreán 2022 ag:

- (a) mórinstiúid chreidmheasa, nó instiúidí maoinithe forbraíochta arna mbunú sa Rúis a bhfuil níos mó ná 50 % díobh faoi úinéireacht phoiblí nó faoi rialú poiblí ón 1 Lúnasa 2014, mar a liostaítear in Iarscríbhinn I;
- (b) aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus a bhfuil níos mó ná 50 % dó faoi úinéireacht ag eintiteas a liostaítear in Iarscríbhinn I; nó
- (c) aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir eintitis laistigh den chatagóir dá dtagraítear i bpointe (b) den mhír seo nó a liostaítear in Iarscríbhinn I.

2. Urrús inaistrithe agus ionstraimí margaidh airgid a eiseofar tar éis an 12 Aibreán 2022, toirmiscfear iad a cheannach, a dhíol, seirbhísí infheistíochta a sholáthar dóibh nó cabhair a eisiúint ina leith, nó déileáil leo ar shlí eile, go díreach nó go hindíreach, ar ceann díobh seo a leanas a eiseoidh iad:

- (a) aon mhórinstiúid chreidmheasa, nó instiúid eile a bhfuil níos mó ná 50 % di faoi úinéireacht phoiblí nó rialú poiblí ón an 26 Feabhra 2022 nó aon instiúid creidmheasa eile a bhfuil ról suntasach aici maidir le tacú le gníomhaíochtaí de chuid na Rúise, a Rialtas nó Banc Ceannais na Rúise agus atá bunaithe sa Rúis, mar a liostaítear in Iarscríbhinn V;
- (b) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus a bhfuil níos mó ná 50 % dá chearta dílseánaigh faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag eintiteas a liostaítear in Iarscríbhinn V; nó
- (c) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir eintitis dá dtagraítear i bpointe (a) nó (b) den mhír seo.

3. Urrús inaistrithe agus ionstraimí margaidh airgid, toirmiscfear iad a cheannach, a dhíol, seirbhísí infheistíochta a sholáthar dóibh nó cúnamh a sholáthar chun iad a eisiúint, nó déileáil leo ar shlí eile, go díreach nó go hindíreach, arb urrús inaistrithe agus ionstraimí margaidh a bhfuil aibíocht is mó ná 30 lá acu a eisíodh tar éis an 12 Meán Fómhair 2014 go dtí an 12 Aibreán 2022 nó aon urrús inaistrithe agus ionstraim margaidh airgid a eiseofar i ndiaidh an 12 Aibreán 2022, ar ceann díobh seo a leanas a eiseoidh iad:

▼ M20

- (a) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Rúis, mar a liostaítear in Iarscríbhinn II, agus a bhfuil baint aige le mórghníomhaíochtaí maidir le ceapadh, táirgeadh, díolacháin nó onnmhairiú trealamh mhíleata nó seirbhísí míleata den chuid is mó, cé is moite de dhaoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá gníomhach in earnáil an spáis agus in earnáil an fhuinnimh núicléach;
- (b) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Rúis, atá faoi rialú poiblí nó a bhfuil níos mó ná 50 % di faoi úinéireacht phoiblí agus ar mó ná RUB 1 trilliún na sócmhainní iomlána a mheastar a bheith aige agus a dtionscnaíonn a ioncain mheasta as 50 % ar a laghad ó amhola a dhíol nó a iompar nó ó tháirgí peitriiliam, mar a liostaítear in Iarscríbhinn III;
- (c) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus a bhfuil níos mó ná 50 % dá chearta dílseánaigh faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag eintiteas a liostaítear i bpointe (a) nó (b) den mhír seo; nó
- (d) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir eintitis dá dtagraítear i bpointe (a), (b) nó (c) den mhír seo.

4. Urrúis inaistrithe agus ionstraimí margaidh airgid a eiseofar tar éis an 12 Aibreán 2022, toirmiscfear iad a cheannach, a dhíol, seirbhísí infheistíochta a sholáthar dóibh nó cabhair a eisiúint ina leith, nó déileáil leo ar shlí eile, go díreach nó go hindíreach, ar ceann díobh seo a leanas a eiseoidh iad:

- (a) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Rúis, atá faoi rialú poiblí nó a bhfuil níos mó ná 50 % di faoi úinéireacht phoiblí agus a bhfuil sé de cheart ag an Rúis, a Rialtas nó a Banc Ceannais páirt a ghlacadh i mbrabúis nó a bhfuil gaolmhaireachtaí eacnamaíochta substaintiúla eile ag an Rúis, ag a Rialtas nó ag a Banc Ceannais; mar a liostaítear in Iarscríbhinn VI;
- (b) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus a bhfuil níos mó ná 50 % dá chearta dílseánaigh faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag eintiteas a liostaítear in Iarscríbhinn VI; nó
- (c) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir eintitis dá dtagraítear i bpointe (a) nó (b) den mhír seo.

▼ M32

5. I gcás urrúis inaistrithe aon duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá bunaithe sa Rúis agus a bhfuil níos mó ná 50 % díobh faoi úinéireacht phoiblí, beidh toirmeasc ar iad a liostú agus seirbhísí a sholáthar dóibh, ón 12 Aibreán 2022, agus ar iad a ligean isteach chun a dtrádála ón 29 Eanáir 2023, ar ionaid trádála atá cláraithe nó aitheanta san Aontas.

▼ M38

6. Cuirfear toirmeasc ar aon socrú a dhéanamh, nó a bheith ina chuid de shocrú go díreach nó go hindíreach maidir leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (i) iasachtaí nó creidmheas nua ag a bhfuil aibíocht is mó ná 30 lá a thabhairt d'aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i míreanna 1 nó 3, tar éis an 12 Meán Fómhair 2014 go dtí an 26 Feabhra 2022; nó
- (ii) iasachtaí nó creidmheas nua a thabhairt d'aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i míreanna 1, 2, 3 nó 4 tar éis an 26 Feabhra 2022.

Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc maidir leis na nithe seo a leanas:

- (a) iasachtaí nó creidmheas a bhfuil cuspóir sonrath doiciméadaithe acu maoiniú a sholáthar d'allmhairiú nó onnmhairiú neamhthoirmiscithe earraí agus seirbhísí neamhairgeadais idir an tAontas agus aon tríú Stát, lena n-áirítear an caiteachas le haghaidh earraí agus seirbhísí ó thríú Stát eile is gá chun na conarthaí onnmhairiúcháin nó allmhairiúcháin a fhorghníomhú, ar choinníoll gur tugadh fógra don údarás náisiúnta inniúil laistigh de 3 mhí ó dháta na hiasachta nó an chreidmheasa; nó

▼ M38

- (b) iasachtaí a bhfuil cuspóir sonracha agus doiciméadaithe acu cistiú éigeandála a sholáthar chun critéir sócmhainneachta agus leachtachta a chomhlíonadh le haghaidh daoine dlítheanacha atá bunaithe san Aontas, a bhfuil níos mó ná 50 % dá gcearta dílseánaigh faoi úinéireacht aon eintitis dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, ar choinníoll gur tugadh fógra don údarás náisiúnta inniúil laistigh de 3 mhí ó dháta na hiasachta nó an chreidmheasa.

7. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 6 maidir le híostarraingtí ná le heisiócaíochtaí arna ndéanamh faoi chonradh arna thabhairt i gcrích roimh an 26 Feabhra 2022, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) maidir le téarmaí agus coinníollacha uile na n-íostarraingtí nó na n-eisiócaíochtaí sin:
- (i) comhaontaíodh iad roimh an 26 Feabhra 2022; agus
- (ii) níor modhnaíodh iad ar an dáta sin nó dá éis;
- (b) socraíodh dáta aibíochta conarthaí roimh an 26 Feabhra 2022 chun na cistí uile a cuireadh ar fáil a aisíoc ina n-iomláine agus chun na gealltanais, na cearta agus na hoibleagáidí uile faoin gconradh a chur ar ceal;
- (c) tráth a tugadh an conradh i gcrích, ní raibh sé ag sárú na dtoirmeasc atá sa Chinneadh seo a bhí i bhfeidhm an tráth sin; agus,
- (d) tugadh fógra don údarás náisiúnta inniúil laistigh de 3 mhí ó dháta na n-íostarraingtí nó na n-eisiócaíochtaí.

I dtéarmaí agus coinníollacha na n-íostarraingtí agus na n-eisiócaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) áirítear forálacha a bhaineann le fad na tréimhse aisíocaíochta le haghaidh gach íostarraingthe nó eisiócaíochta, an ráta úis arna chur i bhfeidhm nó modh ríofa an ráta úis, agus an t-uasmhéid.

▼ M19*Airteagal 1a*

1. Maidir le díol nó ceannach díreach nó indíreach, nó soláthar díreach nó indíreach seirbhísí infheistíochta le haghaidh urrúis inais-trithe agus ionstraimí margaidh airgid arna n-eisiúint tar éis 9 Márta 2022, nó aon chuidiú maidir le heisiúint n-urrús agus na n-ionstraimí sin, nó aon déileáil eile leis na hurrúis agus leis na hionstraimí sin, arna dhéanamh ag:

- (a) an Rúis agus a rialtas;
- (b) Banc Ceannais na Rúise; nó,
- (c) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir an eintitis dá dtagraítear i bpointe (b),

beidh toirmeasc ar an méid sin.

▼ M38

2. Cuirfear toirmeasc ar aon iasacht nó creidmheas nua a dhéanamh, nó páirt a ghlacadh in aon socrú iasacht nó creidmheas nua a dhéanamh, go díreach nó go hindíreach, le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i mír 1 i ndiaidh an 23 Feabhra 2022.

▼ M38

Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc maidir le hiasachtaí ná creidmheas a bhfuil cuspóir sonrath agus doiciméadaithe acu maoiniú a sholáthar d'allmhairiú nó onnmhairiú neamhthoirmisce earraí agus seirbhísí neamhairgeadais idir an tAontas agus aon tríú Stát, lena n-áirítear an caiteachas le haghaidh earraí agus seirbhísí ó thríú Stát eile is gá chun na conarthaí onnmhairiúcháin nó allmhairiúcháin a fhorghníomhú, ar choinníoll gur tugadh fógra don údarás náisiúnta inniúil laistigh de 3 mhí ó dháta na hiasachta nó an chreidmheasa.

3. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 2 maidir le híostarraingtí ná le heisíocaíochtaí arna ndéanamh faoi chonradh arna thabhairt i gcrích roimh an 23 Feabhra 2022 ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) maidir le téarmaí agus coinníollacha uile na n-íostarraingtí nó na n-eisíocaíochtaí sin:
 - (i) comhaontaíodh iad roimh an 23 Feabhra 2022; agus
 - (ii) níor modhnaíodh iad ar an dáta sin nó dá éis;
- (b) roimh 23 Feabhra 2022, socraíodh dáta aibíochta conarthach chun na cistí uile a cuireadh ar fáil a aisíoc ina n-iomláine agus chun na gealltanais, na cearta agus na hoibleagáidí faoin gconradh a chur ar ceal; agus
- (c) tugadh fógra don údarás inniúil náisiúnta laistigh de 3 mhí ó dháta na n-íostarraingtí nó na n-eisíocaíochtaí.

I dtéarmaí agus coinníollacha na n-íostarraingtí agus na n-eisíocaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) áirítear forálacha a bhaineann le fad na tréimhse aisíocaíochta le haghaidh gach íostarraingthe nó eisíocaíochta, an ráta úis arna a chur i bhfeidhm nó modh ríofa an ráta úis, agus an t-uasmhéid.

▼ M24

4. Toirmeascfar idirbhearta a bhaineann le bainistiú cúlchistí mar aon le sócmhainní de chuid Bhanc Ceannais na Rúise, lena n-áirítear idirbhearta le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann Bhanc Ceannais na Rúise nó faoina threoir, amhail Ciste Rachmais Náisiúnta na Rúise.

▼ M21

5. De mhaolú ar mhír 4, féadfaidh na húdaráis inniúla idirbheart a údarú ar choinníoll go bhfuil sin fíor-riachtanach chun cobhsaíocht airgeadais an Aontais ina iomláine nó an Bhallstáit lena mbaineann a áirithiú.

6. An Ballstát lena mbaineann, cuirfidh sé na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon rún atá aige údarú a dheonú faoi mhír 5.

▼ M40

7. Ní bheidh feidhm ag mír 4 maidir le hidirbhearta a bhaineann leis an gclár comhardaithe atá nasctha le sócmhainní ná cúlchistí de chuid Bhanc Ceannais na Rúise, nó atá nasctha le sócmhainní agus cúlchistí de chuid aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann Bhanc Ceannais na Rúise, nó faoina threoir, amhail Ciste Rachmais Náisiúnta na Rúise, arna ndéanamh an 28 Feabhra 2022 nó ina dhiaidh sin.

▼M43

8. Ón 15 Feabhra 2024 ar aghaidh agus a fhad a choinnítear ar bun na bearta sriantacha a leagtar amach i mír 4, taisclanna lárnacha urrús de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 atá i seilbh sócmhainní agus cúlchistí dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo ar mó a luach iomlán ná EUR 1 milliún, déanfaidh siad na rialacha seo a leanas a chur i bhfeidhm maidir le hiarmhéideanna airgid atá ag carnadh go heisiach mar gheall ar na bearta sriantacha:

- (a) tabharfar cuntas ar na hiarmhéideanna airgid sin ar leithligh;
- (b) ioncam a fhabhraítear ó na hiarmhéideanna airgid dá dtagraítear i bpointe (a) nó a ghintear astu ón 15 Feabhra 2024, déanfar é a chlárú ar leithligh i gcuntais airgeadais na dtaisclann lárnach urrús;
- (c) gan dochar do mhíreanna 9 agus do mhír 10, ní fhéadfar glanbhrabús a ríomhadh i ndáil le hioncaim dá dtagraítear i bpointe (b) den mhír seo i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, lena n-áirítear trí na costais ábhartha uile atá nasctha le bainistiú na sócmhainní blocáilte nó a eascraíonn as bainistiú na sócmhainní sin agus leis an mbainistiú riosca a bhaineann leis na sócmhainní blocáilte agus tar éis cáin chorparáide a asbhaint faoi chóras ginearálta an Bhallstáit lena mbaineann, ní fhéadfar é a asbhaint le dáileadh i bhfoirm díbhinní nó in aon fhoirm eile chun tairbhe scairsealbhóirí nó aon tríú páirtí. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc sin maidir leis na glanbhrabúis nach iad an ranniocaíocht iad dá dtagraítear i mír 9.

9. Beidh an glanbhrabús dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 8 faoi réir ranniocaíocht atá dlite as taisclanna lárnacha urrús don Aontas.

Is éard a bheidh i ráta na ranniocaíochta, 99,7 % den ghlanbhrabús sin.

10. (a) Féadfaidh taisclanna lárnacha urrús sciar nach mó ná 10 % den ranniocaíocht dlite (“méideanna ar coinneáil go sealadach”) a choinneáil go sealadach, agus beidh an sciar sin dlite fós don Aontas.
- (b) Mura leor an sciar dá dtagraítear i bpointe (a) i bhfianaise na gceanglas maidir le bainistiú riosca, féadfaidh taisclann lárnach urrús iarraidh go gcoinneofar céatadán breise den ranniocaíocht airgeadais atá dlite. Ní údarófar céatadán breise ar coinneáil ach amháin má tá sé fíor-riachtanach ceanglais maidir le bainistiú riosca a chomhlíonadh i bhfianaise an tionchair atá ag an gcogadh san Úcráin ar shócmhainní atá i seilbh taisclann lárnach urrús.
 - (c) Úsáidfear na méideanna ar coinneáil taisclann lárnach urrús iad go sealadach go heisiach chun an speansas, na rioscaí agus na cailteanais arna dtabhú de dheasca an chogaidh san Úcráin a chumhdach maidir leis na sócmhainní atá i seilbh na taisclainne lárnáí urrús sin, agus sa mhéid nach féidir an speansas, na rioscaí ná na cailteanais sin a chumhdach le hacmhainní inmheánacha na taisclainne lárnáí urrús tráth a dtabhaithe. Ní bheidh méideanna ar coinneáil go sealadach a úsáideadh i gcomhréir leis an bpointe seo dlite don Aontas a thuilleadh.

▼ **M43**

- (d) Méideanna ar coinneáil go sealadach nach úsáidfeadh laistigh de 5 bliana chun na críche dá dtagraítear i bpointe (c), aistrefar chuig an Aontas iad, ach amháin má dhéanfar cinneadh maidir le cé acu atá nó nach bhfuil gá fós leis na méideanna sin nó le cuid de na méideanna sin chun na ceanglais maidir le bainistiú riosca a chomhlíonadh i bhfianaise an tionchair mar gheall ar an gcogadh san Úcráin ar shócmhainní atá i seilbh taisclann lárnach urrús. Aistrefar méideanna nach gcoinnítear a thuilleadh chuig an Aontas.
- (e) Aistreoidh na taisclanna lárnacha urrús na méideanna uile ar coinneáil go sealadach nár úsáideadh chuig an Aontas ar a dhéanaí nuair a chuirfeadh deireadh leis na bearta sriantacha faoin Airteagal sin, ach amháin má dhéanfar cinneadh na méideanna ina dhiaidh sin a choinneáil má tá gá fós leis na méideanna sin nó le cuid de na méideanna sin chun na ceanglais maidir le bainistiú riosca ábhartha a chomhlíonadh i bhfianaise an tionchair mar gheall ar an gcogadh san Úcráin ar shócmhainní atá i seilbh taisclann lárnach urrús.

11. Úsáidfeadh méideanna na ranníocaíochta a íocfar leis an Aontas chun tacú leis an Úcráin, tríd an tSaoráid Eorpach Síochána arna bunú le Cinneadh (CBES) 2021/ 509 ón gComhairle ⁽¹⁾ agus trí chlár an Aontais arna maoiniú ó bhuiséad an Aontais, de réir na heochrach seo a leanas:

- (a) An tSaoráid Eorpach Síochána: 90 %;
- (b) Clár an Aontais arna maoiniú ó bhuiséad an Aontais: 10 %.

Déanfar an leithdháileadh sin a athbhreithniú go bliantúil, agus, den chéad uair roimh an 1 Eanáir 2025, féadfar í a leasú le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, arna ghlacadh ar thogra a fháil ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála.

Glacfaidh an tAontas na bearta is gá chun an leithdháileadh sonrath, i measc chlár an Aontais, den chuid den ranníocaíocht airgeadais a bheidh le húsáid trí chlár an Aontais arna maoiniú ó bhuiséad an Aontais.

▼ **M25***Airteagal 1a*

1. Toirmeascfar dul i mbun idirbheartaíochta, go díreach nó go hindíreach, in aon idirbheart le:

- (a) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Rúis, atá faoi rialú poiblí nó a bhfuil níos mó ná 50 % de faoi úinéireacht phoiblí nó a bhfuil sé de cheart ag an Rúis, ag a Rialtas nó ag Banc Ceannais na Rúise a bheith rannpháirteach i mbrabúis nó lena bhfuil gaolmhaireacht eacnamaíoch shubstaintiúil eile, mar a liostaítear in Iarscríbhinn X, ag an Rúis, a Rialtas nó Banc Ceannais na Rúise;

⁽¹⁾ Cinneadh (CBES) ón gComhairle 2021/509 an 22 Márta 2021 lena mbunaítear Saoráid Síochána Eorpach, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2015/528 (IO L 102, 24.3.2021, lch. 14).

▼ M25

- (b) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus a bhfuil níos mó ná 50 % dá chearta dílseánaigh faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag eintiteas a liostaítear in Iarscríbhinn X; nó
- (c) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir eintiteas dá dtagraítear i bpointe (a) nó pointe (b) den mhír seo.

▼ M30

1a. Beidh toirmeasc ón 22 Deireadh Fómhair 2022 ar aon phost a shealbhú i gcomhlachtaí rialaithe aon duine dhlítheanaigh, aon eintitis nó aon chomhlachta dá dtagraítear i mír 1.

▼ M32

1b. Ón 16 Eanáir 2023 ar aghaidh, beidh toirmeasc ar aon phost a shealbhú i gcomhlachtaí rialaithe iad seo a leanas:

- (a) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Rúis, atá faoi rialú poiblí nó a bhfuil níos mó ná 50 % de faoi úinéireacht phoiblí, nó a bhfuil sé de cheart ag an Rúis, a Rialtas nó a Banc Ceannais páirt a ghlacadh ina bhrabúis nó a bhfuil gaolmhaireachtaí eacnamaíocha substaintiúla eile ag an Rúis, ag a Rialtas nó ag a Banc Ceannais leis;
- (b) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Rúis a bhfuil níos mó ná 50 % dá chearta dílseánaigh faoi úinéireacht, dhíreach nó indíreach, eintitis dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo; nó
- (c) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Rúis agus atá ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir eintitis dá dtagraítear i bpointí (a) nó (b) den mhír seo.

Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc seo maidir le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i mír 1, a bhfuil feidhm ag mír 1a maidir leis.

1c. De mhaolú ar mhír 1b, féadfaidh na húdaráis inniúla a údarú go sealbhófaí poist i gcomhlacht rialaithe duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta dá dtagraítear i mír 1b, tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh maidir leis an duine dlítheanach, an t-eintiteas nó an comhlacht sin:

- (a) is comhfhiontar nó comhshocrú dlíthiúil comchhosúil é lena mbaineann duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i mír 1b agus a tugadh i gcrích ag duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit roimh an 17 Nollaig 2022, nó
- (b) is duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht é dá dtagraítear i mír 1b a bunaíodh sa Rúis roimh an 17 Nollaig 2022 agus atá faoi úinéireacht duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta, nó á rialú go haonarach nó go compháirteach aige, atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit.

1d. De mhaolú ar mhír 1b, féadfaidh na húdaráis inniúla a údarú go sealbhófaí post i gcomhlacht rialaithe duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta dá dtagraítear i mír 1b, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil sealbhú an phoist sin riachtanach chun soláthar fuinnimh criticiúil a áirithiú.

▼ **M32**

1e. De mhaolú ar mhír 1b, féadfaidh na húdaráis inniúla a údarú go sealbhófaí post i gcomhlacht rialaithe duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta dá dtagraítear i mír 1b, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil baint ag an duine dlítheanach, ag an eintiteas nó ag an gcomhlacht le hola a aistriú tríd an Rúis ar ola de thionscnamh tríú tír é agus go bhfuil sé i gceist acu i bpost den sórt sin oibríochtaí a dhéanamh nach bhfuil toirmeasc orthu faoi Airteagal 4o agus 4p.

▼ **M38**

▼ **M30**

2a. An toirmeasc i mír 1, ní bheidh feidhm aige maidir leis na daoine dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí dá dtagraítear i gCuid A d'Iarscríbhinn X íocaíochtaí dlíte a ghlacadh de bhun conarthaí arna gcomhlíonadh roimh an 15 Bealtaine 2022.

▼ **M38**

▼ **M30**

2c. An toirmeasc i mír 1, ní bheidh feidhm aige maidir leis na daoine dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí dá dtagraítear i gCuid B d'Iarscríbhinn X íocaíochtaí dlíte a ghlacadh de bhun conarthaí a comhlíonadh roimh an 8 Eanáir 2023

▼ **M38**

▼ **M32**

2e. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le híocaíochtaí dlíte a bheith á nglacadh ag na daoine dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí dá dtagraítear i gCuid C d'Iarscríbhinn X de bhun conarthaí arna gcomhlíonadh roimh an 18 Márta 2023.

▼ **M25**

3. ► **M38** Mura dtoirmisctear a mhalairt, ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir leis an méid seo a leanas: ◀

▼ **M28**

- (a) idirbhearta a bhfuil fíorghá leo chun gás nádúrtha, tíotáiniam, alúmanam, copar, nicil, pallaidiam agus amhiarainn a cheannach go díreach nó go hindíreach, a allmhairiú nó a iompar ón Rúis nó tríd an Rúis isteach san Aontas, ó thír is ball den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, ón Eilvéis nó ó na Balcáin Thiar;
- (aa) mura dtoirmisctear sin faoi Airteagal 4o nó faoi Airteagal 4p, idirbhearta a bhfuil géarghá leo chun ola, lena n-áirítear táirgí peitriiliam scagtha, a cheannach, a allmhairiú nó a iompar go díreach nó go hindíreach ón Rúis nó tríd an Rúis;

▼ **M25**

- (b) idirbhearta a bhaineann le tionscadail fhuinnimh lasmuigh den Rúis ina bhfuil duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn X ina mion-scairshealbhóir;

▼ **M36**

▼ **M38**

- (d) idirbhearta, lena n-áirítear díolacháin, a bhfuil géarghá leo chun comhfhiontar nó comhshocrú dlíthiúil comhchosúil a tugadh i gcrích roimh an 16 Márta 2022 a fhoirceannadh roimh an 31 Nollaig 2024, a bhaineann le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i mír 1;

▼ **M27**

- (e) idirbhearta a bhaineann le soláthar seirbhísí cumarsáide leictreonaí, seirbhísí lárionaid sonraí agus soláthar seirbhísí agus trealamh is gá chun iad a oibriú, a chothabháil, a shlándáil, lena n-áirítear ballaí dóiteáin, agus ionaid glaonna a sholáthar, do dhuine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá liostaithe in Iarscríbhinn X;

▼ **M28**

- (f) idirbhearta a bhfuil gá leo chun táirgí cógaisíochta, leighis, talmhaíochta agus bia, lena n-áirítear cruithneacht agus leasacháin a gceadaítear a n-allmhairiú, a gceannach agus a n-iompar faoin gCinneadh seo, a cheannach, a allmhairiú nó a iompar;
- (g) idirbhearta a bhfuil fíorghá leo chun rochtain ar imeachtaí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána i mBallstát a áirithiú, agus chun aitheantas nó forfheidhmiú a dhéanamh maidir le breithiúnas nó dámhachtain eadrána arna soláthar i mBallstát agus má tá idirbhearta den sórt sin comhsheasmhach le cuspóirí an Chinnidh seo agus Chinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle ⁽¹⁾.

▼ **M38**

3a. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, idirbhearta a údarú a bhfuil géarghá leo do dhífheistiú agus aistarraingt, ag na heintitis dá dtagraítear i mír 1 nó óna bhfochuideachtaí san Aontas, ó dhuine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas, faoin 31 Nollaig 2024.

▼ **M26**

4. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na míreanna ábhartha atá le cumhdach leis an Airteagal seo a chinneadh.

▼ **M32**

5. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhíreanna 1c, 1d, 1e agus 3a laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

▼ **M30***Airteagal 1ab*

1. Na Ballstáit a thug údarú do Chlár Loingseoireachta Muirí na Rúise cigireachtaí agus suirbhéanna a bhaineann le deimhnithe reachtúla a dhéanamh go hiomlán nó i bpáirt agus, i gcás inarb iomchuí, na deimhnithe gaolmhara a eisiúint nó a athnuachan i gcomhréir le hAirteagal 3(2) agus le hAirteagal 5 de Threoir 2009/15/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, déanfaidh siad na húdaruithe sin a tharraingt siar i gcomhréir le hAirteagal 8 den Treoir sin roimh an 5 Eanáir 2023.

⁽¹⁾ Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 16).

⁽²⁾ Treoir 2009/15/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an Déardaoin 23 Aibreán 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna agus caighdeáin chomhchoiteanna d'eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge agus maidir le gníomhaíochtaí ábhartha córas riaracháin muirí (IO L 131, 28.5.2009, lch. 47).

▼ **M30**

Le linn na tréimhse go dtí go dtarraingeofar siar na húdaruithe sin, ní cheadóidh na Ballstáit do Chlár Loingseoireachta Muirí na Rúise ná ní tharmligfidh siad dó, aon cheann de na cúraimí a dhéanamh, ar cúraimí iad atá forchoimeáda, i gcomhréir le rialacha an Aontais maidir le sábháilteacht mhuirí, d'eagraíochtaí atá aitheanta ag an Aontas, lena n-áirítear cigireachtaí agus suirbhéanna a dhéanamh a bhaineann le deimhnithe reachtúla, ná na deimhnithe gaolmhara a eisiúint, a fhorhhuiniú nó a athnuachan.

2. Aon deimhnithe reachtúla arna n-eisiúint thar ceann Ballstáit ag Clár Loingseoireachta Muirí na Rúise roimh an 7 Deireadh Fómhair 2022 déanfaidh an Ballstát ábhartha, ag gníomhú dó mar Stát brataí, iad a tharraingt siar agus a fhoirceannadh roimh an 8 Aibreán 2023.

3. De mhaolú ar an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ agus in Airteagal 21(3) de Threoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, tarraingítear siar aitheantas an Aontais do Chlár Loingseoireachta Muirí na Rúise faoi Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 agus Treoir (AE) 2016/1629.

4. Na Ballstáit a bhfuil aon dualgais a bhaineann le cigireacht tarm-ligthe acu do Chlár Loingseoireachta Muirí na Rúise, mar a shainmhínítear in Airteagal 20(3) de Threoir (AE) 2016/1629, go háirithe cigireachtaí teicniúla a dhéanamh chun a sheiceáil an gcomhlíonann an t-árthach na ceanglais theicniúla dá dtagraítear i dTreoir (AE) 2016/1629, go háirithe in Iarscríbhinní II agus V a ghabhann léi, tarraingoidh siad siar na húdaruithe sin roimh an 6 Samhain 2022.

5. Na Ballstáit a bhfuil aon dualgais a bhaineann le slándáil tarm-ligthe acu do Chlár Loingseoireachta Muirí na Rúise i gcomhréir le pointe 4.3 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 725/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ nó le hAirteagal 11 de Threoir 2005/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾, go háirithe maidir le Deimhnithe Idirnáisiúnta um Shlándáil Long a eisiúint nó a athnuachan agus i gcomhréir le haon fhíoruithe gaolmhara i gcomhréir le pointí 19.1.2 agus 19.2.2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 725/2004, tarraingoidh siad siar na húdaruithe sin roimh an 5 Eanáir 2023.

6. Aon Deimhniú Idirnáisiúnta um Shlándáil Long arna eisiúint thar ceann Ballstáit ag Clár Loingseoireachta Muirí na Rúise roimh an 7 Deireadh Fómhair 2022, déanfaidh an Ballstát ábhartha, ag gníomhú dó mar Rialtas Conarthach, é a tharraingt siar agus a fhoirceannadh roimh an 8 Aibreán 2023.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna agus caighdeáin chomhchoiteanna d'eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge (IO L 131, 28.5.2009, lch. 11).

⁽²⁾ Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, lena leasaítear Treoir 2009/100/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/87/CE (IO L 252, 16.9.2016, lch. 118).

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 725/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir le slándáil long agus saoráidí calafoirt a fheabhsú (IO L 129, 29.4.2004, lch. 6).

⁽⁴⁾ Treoir 2005/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2005 maidir le slándáil chalafoirt a fheabhsú (IO L 310, 25.11.2005, lch. 28).

▼ **M44***Airteagal 1ac*

1. Toirmiscefear dul i mbun idirbheart, go díreach nó go hindíreach, le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i bpointí (a), (b) nó (c), d’Airteagal 7(1) den Chinneadh seo, atá tar éis éileamh a thaisceadh os comhair cúirt Rúiseach i gcoinne duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i bpointe (c) nó (d) d’Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh 833/2014 chun urghaire, ordú, faoiseamh, breithiúnas nó cinneadh Cúirte eile a fháil de bhun Airteagal 248 de Chód Nós Imeachta Eadrána Chónaidhm na Rúise, nó de bhun reachtaíocht Rúiseach choibhéiseach, i dtaca le haon chonradh a bhfuil difear déanta dá fheidhmiú, go díreach nó go hindíreach, go hiomlán nó go páirteach, mar thoradh ar na bearta a fhorchuirtear faoin gCinneadh seo nó Cinneadh 2014/145/CBES, nó faoi Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 nó (AE) Uimh. 269/2014, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XVII;

2. Mura dtoirmiscear a mhalairt, ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír I maidir leis na hidirbhearta seo a leanas:

- (a) a bhfuil gá leo chun táirgí cógaisíochta, leighis nó talmhaíochta agus bia a cheannach, a allmhairiú nó a iompar, lena n-áirítear cruithneacht agus leasacháin, táirgí a gceadaítear a gceannach, a n-allmhairiú, agus a n-iompar faoin gCinneadh seo nó faoi Rialachán (AE) Uimh. 833/2014;
- (b) a bhfuil géarghá leo chun rochtain ar imeachtaí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána i mBallstát a áirithiú, agus chun aitheantas nó forfheidhmiú a dhéanamh maidir le breithiúnas nó dámhachtain eadrána arna soláthar i mBallstát ar choinníoll go bhfuil na hidirbhearta sin comhsheasmhach le cuspóirí an Chinnidh seo nó Cinneadh 2014/145/CBES, nó Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 nó (AE) Uimh. 269/2014;
- (c) atá gan dochar do phointe (b) den mhír seo, a bhfuil géarghá leo chun cúiteamh a fháil i leith damáistí a rinneadh d’aon duine dá dtagraítear i bpointe (c) nó (d) d’Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, i ndáil le conradh nó idirbheart a ndearna na bearta a fhorchuirtear faoin gCinneadh seo difear dá fheidhmiú, agus i ndáil leis an mbainistíocht shealadach neamhdhlísteanach arna forchur ag an Rúis agus í ag díriú ar mhaoin daoine eachtracha, atá lonnaithe ar chríoch Chónaidhm na Rúise de bhun Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 nó Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

Airteagal 1ad

1. Ón 25 Meitheamh 2024, beidh toirmeasc ar dhaoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe san Aontas agus a oibríonn lasmuigh den Rúis nascadh go díreach le Córas Aistrithe Teachtairreachtaí Airgeadais Bhanc Ceannais na Rúise nó le seirbhísí speisialaithe coibhéiseacha teachtaireachtaí airgeadais arna mbunú ag Banc Ceannais na Rúise.

2. Toirmiscefear bheith ag gabháil d’idirbheart, go díreach nó go hindíreach, le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe laistigh den Rúis a liostaítear in Iarscríbhinn XVIII.

Áireofar in Iarscríbhinn XVIII na daoine dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí atá bunaithe lasmuigh den Rúis a úsáideann (i) SPFS Bhanc Ceannais na Rúise nó (ii) sainsheirbhísí coibhéiseacha teachtaireachtaí airgeadais arna mbunú ag Banc Ceannais na Rúise, ar seirbhísí iad a chuireann le hathléimneacht airgeadais na Rúise agus arb é is cuspóir nó éifeacht d’úsáid na gcóras sin dul timpeall ar thoirmisc sa Chinneadh seo nó i Rialachán (AE) Uimh. 833/2014.

▼ **M44**

3. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis an bhforghníomhú go dtí an 26 Meán Fómhair 2024 i gcás conarthaí a thabharfar i gcrích le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn XVIII roimh an 24 Márta 2024, nó conarthaí coimhdeacha a bhfuil gá leo chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

4. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn XVIII íocaíochtaí dlite a ghlacadh de bhun conarthaí a comhlíonadh roimh an 24 Márta 2024.

5. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le hidirbhearta seo a leanas:

- (a) a bhfuil géarghá leo chun gás nádúrtha, tíotáiniam, alúmanam, copar, nicil, pallaidiam agus amhiarann a cheannach, a allmhairiú nó a iompar, go díreach nó go hindíreach, ón Rúis nó tríd an Rúis isteach san Aontas, i mBallstát den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, san Eilvéis, nó sna Balcáin Thiar;
- (b) a bhfuil géarghá leo chun ola, lena n-áirítear táirgí peitriilium scagtha, a cheannach, a allmhairiú nó a iompar go díreach nó go hindíreach ón Rúis nó tríd an Rúis, mura dtairmisctear sin faoi Airteagal 4o nó 4p;
- (c) a bhfuil gá leo chun táirgí cógaisíochta, leighis nó talmhaíochta agus bia a cheannach, chomh maith lena n-iompar agus lena n-aistriú isteach san Aontas, lena n-áirítear cruithneacht agus leasacháin a gceadaítear a gceannach, chomh maith lena n-iompar agus lena n-aistriú isteach san Aontas, faoin gCinneadh seo;
- (d) a bhfuil gá leo chun fiach atá dlite do náisiúnach Ballstáit nó do dhuine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas a aisíoc;
- (e) a bhfuil gá leo chun scéim pinsin a íoc le duine atá bunaithe san Aontas; nó
- (f) a bhfuil gá leo chun íocaíocht a fháil ón gcomhdháil um Éilimh Ghiúdacha nó chun íocaíocht a dhéanamh leis an gcomhdháil sin.

6. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 2 maidir le hidirbhearta seo a leanas:

- (a) a bhfuil gá leo chun táirgí cógaisíochta agus leighis nó le táirgí talmhaíochta nó bia a cheannach, a onnmhairiú, a sholáthar, a dhíol, a aistriú nó a iompar, lena n-áirítear cruithneacht agus leasacháin a gceadaítear a n-onnmhairiú, a soláthar, a ndíol nó a n-aistriú, faoin gCinneadh seo agus a bhfuil gá leis chun dul i ngleic le slándáil bia i dtrú tíortha;
- (b) a bhfuil géarghá leo chun rochtain ar imeachtaí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána i mBallstát a áirithiú, agus chun aitheantas nó forfheidhmiú a dhéanamh maidir le breithiúnas nó dámhachtain eadrána arna soláthar i mBallstát ar choinníll go bhfuil na hidirbhearta sin comhsheasmhach le cuspóirí an Chinnidh seo agus Cinneadh 2014/145/CBES, agus Rialacháin (AE) Uimh. 833/2014 agus (AE) Uimh. 269/2014;
- (c) a bhfuil gá leo chun críoch daonnúil, mar shampla cúnamh a sheachadadh nó seachadadh cúnamh a éascú, lena n-áirítear soláthairtí liachta, bia, nó aistriú oibríthe daonnúla agus cúnamh gaolmhar, nó le haghaidh aslonnaithe;

▼ **M44**

- (d) a bhfuil gá leo chun fiach atá dlite do náisiúnach Ballstáit nó do dhuine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas a aisíoc; nó
- (e) atá ag brath ar dhuine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn XVIII a ghabhann leis an gCinneadh seo a bheith rannpháirteach chun seirbhísí baincéireachta comhfhreagraí a sholáthar; nó
- (f) a bhfuil gá leo chun íocaíocht a dhéanamh ó náisiúnach Ballstáit nó ó dhuine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas faoi chomhaontú iasachta arna thabhairt i gcrích ag Ballstát.

Airteagal 1ae

1. Toirmeascfar gabháil go díreach nó go hindíreach d'aon idirbheart leis na daoine seo a leanas:

- (a) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe lasmuigh den Aontas ar institiúid chreidmheasa nó airgeadais é nó ar eintiteas é a sholáthraíonn seirbhísí criptea-shócmhainní a bhfuil baint acu le hidirbhearta lena n-éascaítear, go díreach nó go hindíreach, onnmhairiú, díol, soláthar, aistriú nó iompar earraí agus teicneolaíochta dé-úsáide, earraí nó teicneolaíochta chuig an Rúis mar a liostaítear in Iarscríbhinní VII, XI, XX agus XXXV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, ítimí ardtosaíochta coiteanna mar a liostaítear in Iarscríbhinn XL a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, agus airm thine agus armlón Rialachán (AE) Uimh. 258/2012, mar a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo; nó
- (b) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir eintitis dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo.

2. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le hidirbhearta seo a leanas:

- (a) a bhfuil gá leo chun táirgí cógaisíochta, leighis, talmhaíochta agus bia, lena n-áirítear cruithneacht agus leasacháin, a onnmhairiú, a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a iompar chuig an Rúis, ar táirgí iad a cheadaítear a n-onnmhairiú, a ndíol, a soláthar, a n-aistriú nó a n-iompar chuig an Rúis faoin gCinneadh seo agus faoi Rialachán (AE) Uimh. 833/2014;
- (b) a bhfuil géarghá leo chun rochtain ar imeachtaí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána i mBallstát a áirithiú, agus chun aitheantas nó forfheidhmiú a dhéanamh maidir le breithiúnas nó dámhachtain eadrána arna soláthar i mBallstát, ar choinníoll go bhfuil na hidirbhearta sin comhsheasmhach le cuspóirí an Chinnidh seo, Chinneadh 2014/145/CBES, Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 agus Rialachán (AE) 269/2014; nó
- (c) a bhfuil gá leo chun críoch daonnúil, amhail cúnamh a sheachadadh nó an seachadadh sin a éascú, lena n-áirítear soláthairtí leighis, bia, nó oibríthe daonnúla agus cúnamh gaolmhar a aistriú, nó le haghaidh aslonnuithe.

▼ **M26***Airteagal 1b*▼ **M28**

1. Beidh toirmeasc ar ghlacadh aon taiscí ó náisiúnaigh Rúiseacha nó ó dhaoine nádúrtha a chónaíonn sa Rúis, nó ó dhaoine dlítheanacha, ó eintitis nó ó chomhlachtaí atá bunaithe sa Rúis, nó ó dhaoine dlítheanacha, ó eintitis nó ó chomhlachtaí atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus a bhfuil níos mó ná 50 % dá gcearta dílseánaigh faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag náisiúnaigh Rúiseacha nó ag daoine nádúrtha a chónaíonn sa Rúis, más mó ná EUR 100 000 luach iomlán thaiscí an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, an eintitis nó an chomhlachta in aghaidh na hinstitiúide creidmheasa.

▼ **M30**

2. Beidh toirmeasc ar sheirbhísí tiachóige, seirbhísí cuntais nó seirbhísí cumhdaigh i ndáil le cripteashócmhainní a sholáthar do náisiúnaigh Rúiseacha nó do dhaoine nádúrtha atá ina gcónaí sa Rúis, nó do dhaoine dlítheanacha, d'eintitis nó do chomhlachtaí atá bunaithe sa Rúis.

▼ **M38**

2a. Cuirfear toirmeasc ón 18 Eanáir 2024 ar chead a thabhairt do náisiúnaigh Rúiseacha nó do dhaoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu sa Rúis, go díreach nó go hindíreach, aon phost i gcomhlachtaí rialachais duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá ionchorpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit agus a sholáthraíonn na seirbhísí dá dtagraítear i mír 2 a shealbhú, a rialú, nó na poist sin a bheith acu.

3. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1, 2 agus 2a maidir le náisiúnaigh Ballstáit, le náisiúnaigh tíre is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, ná le náisiúnaigh na hEilvéise, ná le daoine nádúrtha ag a bhfuil cead cónaithe sealadach nó buan acu i mBallstáit, i dtír is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó san Eilvéis.

▼ **M28**▼ **M27**

5. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla a údarú go nglacfar le taisece den sórt sin nó go soláthrófar seirbhísí tiachóige, cuntais nó cumhdaigh, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh i ndáil le glacadh na taisece sin nó soláthar na seirbhíse tiachóige, cuntais nó cumhdaigh sin, gur fíor an méid seo a leanas maidir leo:

- (a) go bhfuil gá leo chun bunriachtanais daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintiteas nó comhlachtaí dá dtagraítear i mír 1 a chomhlíonadh, mar aon le bunriachtanais a mball teaghlai ghleithiúnacha, lena n-áirítear íocaíochtaí as bia, cíos nó morgáiste, cógais agus cóir leighis, cánacha, préimheanna árachais, agus muirir fóntais phoiblí;
- (b) go bhfuil siad ceaptha chun táillí gairmiúla réasúnta a íoc nó costais arna dtabhú a aisíoc, ar costais iad a bhaineann le soláthar seirbhísí dlí, agus chuige sin amháin;
- (c) go bhfuil siad ceaptha go heisiach chun táillí nó muirir sheirbhíse a íoc as cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite a choinneáil nó a choinneáil ar bun ar bhonn rialta;

▼ **M27**

- (d) go bhfuil gá leo i gcás costais urghnácha, ar choinníoll go bhfuil fógra tugtha, 2 sheachtain ar a laghad roimh an údarú, ag an údarás inniúil ábhartha d'údarás inniúla na mBallstát eile agus don Choimisiún faoi na forais ar a meastar gur cheart údarú sonrach a dheonú;
- (e) go bhfuil gá leo chun críoch oifigiúil misin taidhleoireachta nó poist chonsálaigh nó eagraíochta idirnáisiúnta; nó

▼ **M28**

- (f) go bhfuil gá léi le haghaidh trádáil trasteorann neamhchoiscthe earraí agus seirbhísí idir an tAontas agus an Rúis.

▼ **M27**

Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi phointí (a), (b), (c) nó (e) den mhír seo laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

▼ **M26**

6. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdarás inniúla a údarú go nglacfar le taisce den sórt sin nó go soláthrófar seirbhís tiachóige, cuntais nó cumhdaigh den sórt sin, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh i ndáil le glacadh na taisce sin nó soláthar na seirbhíse tiachóige, cuntais nó cumhdaigh sin, gur fíor an méid seo a leanas maidir leo:

- (a) go bhfuil gá leis chun críoch daonnúil, amhail cúnaimh a sheachadadh nó an seachadadh sin a éascú, lena n-áirítear soláthairtí leighis, bia, nó oibrithe daonnúla agus cúnaimh gaolmhar a aistriú nó le haghaidh aslonnaithe; nó
- (b) go bhfuil gá léi le haghaidh ghníomhaíochtaí na sochaí sibhialta, gníomhaíochtaí a chuireann an daonlathas, cearta an duine nó an smacht reachta chun cinn ar bhonn díreach sa Rúis.

Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin mír seo laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

▼ **M20***Airteagal 1c*

1. Beidh toirmeasc ar thaisclanna lárnacha urrús an Aontais aon seirbhís a sholáthar mar a shainmhínítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ i gcás urrús inaistrithe a eisítear tar éis an 12 Aibreán 2022 d'aon náisiúnach Rúiseach nó d'aon duine nádúrtha Rúiseach atá ina chónaí sa Rúis nó d'aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Rúis.

▼ **M28**

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le náisiúnaigh Ballstáit, le náisiúnaigh tíre sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ná le náisiúnaigh na hEilvéise, ná le daoine nádúrtha ag a bhfuil cead cónaithe sealadach nó buan acu i mBallstáit, i dtír is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó san Eilvéis.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoir 98/26/CE agus Treoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 (IO L 257, 28.8.2014, p. 1).

▼ **M20***Airteagal 1d*▼ **M36**

1. Maidir le hurrúis inaistrithe a ainmníodh in aon airgeadra oifigiúil de chuid Ballstáit agus a eisíodh tar éis an 12 Aibreán 2022, nó a ainmníodh in aon airgeadra eile agus a eisíodh tar éis an 6 Lúnasa 2023 nó aonaid i ngnóthais chomhinfheistíochta a chuireann neamh-chosaint ar na hurrúis sin ar fáil, cuirfear toirmeasc ar iad a dhíol le haon náisiúnach Rúiseach nó le haon duine nádúrtha a chónaíonn sa Rúis nó le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Rúis.

▼ **M27**

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le náisiúnaigh Ballstáit, le náisiúnaigh tíre sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ná le náisiúnaigh na hEilvéise, ná le daoine nádúrtha ag a bhfuil cead cónaithe sealadach nó buan acu i mBallstáit, i dtír is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó san Eilvéis.

Airteagal 1e

1. Cuirfear toirmeasc ar sheirbhísí speisialaithe teachtaireachtaí airgeadais a sholáthar, a úsáidtear chun sonraí airgeadais a mhalartú, do na daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn VIII nó d'aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Rúis agus a bhfuil níos mó ná 50% dá chearta dílseánaigh faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag eintiteas a liostaítear in Iarscríbhinn VIII.

2. Maidir le gach duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn VIII, beidh feidhm ag an toirmeasc a leagtar amach i mír 1 amhail ón dáta a luaitear dó san Iarscríbhinn sin. Beidh feidhm ag an toirmeasc amhail ón dáta céanna maidir le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht arna bhunú sa Rúis agus a bhfuil níos mó ná 50% dá chearta dílseánaigh faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag eintiteas a liostaítear in Iarscríbhinn VIII.

▼ **M26***Airteagal 1f*

1. Nótaí baine a ainmnítear in aon airgeadra oifigiúil de chuid Ballstáit, beidh toirmeasc ar iad a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú chuig an Rúis nó chuig aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis, lena n-áirítear chuig rialtas agus chuig Banc Ceannais na Rúise, nó lena n-úsáid sa Rúis.

2. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le nótaí baine a ainmnítear in aon airgeadra oifigiúil de chuid Ballstáit a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, ar choinníoll go bhfuil gá leis an díol, an soláthar, an aistriú nó an onnmhairiú sin le haghaidh an mhéid seo a leanas:

- (a) úsáid phearsanta ag daoine nádúrtha atá ag taisteal chun na Rúise nó daoine dá neasteaghlach atá ag taisteal ina dteannta; nó

▼ **M26**

- (b) cuspoirí oifigiúla misean taidhleoireachta, post consalach nó eagraíochtaí idirnáisiúnta sa Rúis a thairbhíonn de dhíolúintí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

▼ **M25***Airteagal 1g*▼ **M28**

1. Beidh toirmeasc ar sheirbhísí rátála creidmheasa a sholáthar d'aon náisiúnach Rúiseach nó aon duine nádúrtha a chónaíonn sa Rúis nó aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Rúis nó maidir leo.

▼ **M25**

2. Toirmeascfar an méid seo a leanas ón 15 Aibreán 2022 rochtain ar aon seirbhís sintiúis i ndáil le gníomhaíochtaí rátála creidmheasa a thabhairt d'aon náisiúnach Rúiseach nó d'aon duine nádúrtha atá ina chónaí sa Rúis nó d'aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Rúis.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 agus mír 2 maidir le náisiúnaigh de Bhallstát ná le daoine nádúrtha a bhfuil cead cónaithe sealadach nó buan acu i mBallstát.

▼ **M26***Airteagal 1h*▼ **M36**

1. Maidir le feidhmiú aon chonradh poiblí nó aon chonradh lamháltais a thagann faoi raon feidhme Threoracha 2014/23/AE ⁽¹⁾, 2014/24/AE ⁽²⁾, 2014/25/AE ⁽³⁾, 2009/81/CE ⁽⁴⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, mar aon le hAirteagal 10(1), (3), (6) pointí (a) go (e), (8), (9) agus (10), Airteagail 11, 12, 13 agus 14 de Threoir 2014/23/AE, Airteagal 7, pointí (a) go (d), agus Airteagal 8, Airteagal 10 pointí (b) go (f) agus (h) go (j) de Threoir 2014/24/AE, Airteagal 18, Airteagal 21 pointí (b) go (e) agus (g) go (i), Airteagail 29 agus 30 de Threoir 2014/25/AE agus Airteagal 13 pointí (a) go (d), (f) go (h) agus (j) de Threoir 2009/81/CE, cuirfear toirmeasc ar é a dhámhachtain orthu seo a leanas nó ar leanúint dá fheidhmiú in éineacht leo seo a leanas:

▼ **M28**

- (a) náisiúnach Rúiseach, duine nádúrtha a chónaíonn sa Rúis, nó duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Rúis;
- (b) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a bhfuil níos mó ná 50 % dá chearta dílseánaigh faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag eintiteas dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo; nó

⁽¹⁾ Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (IO L 94, 28.3.2014, lch. 1).

⁽²⁾ Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

⁽³⁾ Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmiú in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).

⁽⁴⁾ Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí áirithe oibreacha, conarthaí soláthair agus conarthaí seirbhíse ag údarais chonartha nua nó ag eintitis i réimsí na cosanta agus na slándála a chomhordú, agus lena leasaítear Treoracha 2004/17/CE agus 2004/18/CE (IO L 216, 20.8.2009, lch. 76).

▼ M28

- (c) duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ag gníomhú thar ceann nó ar stiúradh eintitis dá dtagraítear i bpointe (a) nó (b) den mhír seo, lena n-áirítear fochonraitheoirí, soláthróirí nó eintitis a bhfuiltear ag brath ar a n-acmhainneachtaí de réir bhrí Threoracha 2009/81/CE, 2014/23/AE, 2014/24/AE agus 2014/25/AE, i gcás inar mó iad ná 10 % de luach an chonartha.

▼ M26

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt conarthaí a dhámhachtain agus iad a fhorghníomhú go leanúnach, ar conarthaí iad a bheartaítear le haghaidh na nithe seo a leanas:

▼ M44

- (a) oibriú, cothabháil, díchoimisiúnú agus bainistiú dramhaíola radaighníomhaí, soláthar breosla agus athchóireáil agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, agus leanúint den dearadh, den tógáil agus den choimisiúnú is gá chun saoráidí sibhialta núicléacha a chríochnú chomh maith le soláthar ábhar réamhtheachtach chun radaiséatóp leighis agus feidhmeanna leighis comhchosúla a tháirgeadh, teicneolaíocht atá ríthábhachtach chun faireachán a dhéanamh ar radaíocht chomhshaoil, chomh maith le comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha;

▼ M26

- (b) comhar idir-rialtasach i gcláir spáis;
- (c) soláthar earraí nó seirbhísí a bhfuil géarghá leo nach féidir iad a chur ar fáil, nó nach féidir ach cainníochtaí leordhóthanacha díobh a chur ar fáil, ach leis na daoine dá dtagraítear i mír 1;
- (d) feidhmiú ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalacha an Aontais agus na mBallstát sa Rúis, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, nó eagraíochtaí idirnáisiúnta sa Rúis a thairbhíonn de dhíolúintí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta; nó

▼ M27

- (e) mura dtoirmisctear sin faoi Airteagal 4o nó 4p, gás nádúrtha agus ola, lena n-áirítear táirgí peitríliam scagtha, chomh maith le tíotáiniam, alúmanam, copar, nicil, pallaidiam agus amhiarainn, a cheannach, a allmhairiú nó a iompar ón Rúis, nó tríthi, isteach san Aontas.

▼ M36**▼ M26**

3. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin Airteagal seo laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

4. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 go dtí an 10 Deireadh Fómhair 2022 maidir le forghníomhú na gconarthaí a tugadh i gcrích roimh an 9 Aibreán 2022.

5. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na míreanna ábhartha atá le cumhdach leis an Airteagal seo a chinneadh.’;

▼ **M26***Airteagal li*▼ **M44**

1. Beidh toirmeasc ar thacaíocht a sholáthar go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear maoiniú agus cúnaimh airgeadais nó aon sochar eile faoi chlár agus faoi chonarthaí náisiúnta an Aontais, Euratom nó na mBallstáit de réir bhrí Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ⁽¹⁾:

- (a) do dhuine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Rúis;
- (b) do dhuine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a bhfuil níos mó ná 50 % dá chearta dílseánaigh faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag eintiteas dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo.

▼ **M26**

2. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) críocha daonnúla, éigeandálaí sláinte poiblí, chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, teagmhais ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol, nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha;
- (b) cláir fiteashláintíochta agus tréidliachta;
- (c) comhar idir-rialtasach i gcláir spáis agus faoi Chomhaontú an Imoibreora Thrialaigh Theirmeanúicléach Idirnáisiúnta;

▼ **M44**

(d) oibriú, cothabháil, díchoimisiúnú agus bainistiú dramhaíola radaighníomhaí, soláthar breosla agus athchóireáil agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, agus leanúint den dearadh, den tógáil agus den choimisiúnú is gá chun saoráidí sibhialta núicléacha a chríochnú chomh maith le soláthar ábhar réamhtheachtach chun radaiseatóp leighis agus feidhmeanna leighis comhchosúla a tháirgeadh, teicneolaíocht atá ríthábhachtach chun faireachán a dhéanamh ar radaíocht chomhshaoil, chomh maith le comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha;

▼ **M26**

- (e) malartuithe soghluaisteachta le haghaidh daoine aonair agus teagmhálacha duine le duine;
- (f) cláir chomhshaoil agus aeráide, cé is moite de thacaíocht i gcomhthéacs an taighde agus na nuálaíochta;
- (g) feidhmiú ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalacha an Aontais agus na mBallstát sa Rúis, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, nó eagraíochtaí idirnáisiúnta sa Rúis a thairbhíonn de dhíolúintí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta;

⁽¹⁾ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

▼ **M44**

- (h) feidhmiú comhlachas tráchtála, comhlachas gnó, ionad cultúrtha agus oideachais, institiúidí reiligiúnacha agus clár malartaithe acadúil ó Bhallstáit sa Rúis;
- (i) gníomhaíochtaí na sochaí sibhialta lena gcuirtear an daonlathas, cearta an duine, an smacht reachta nó aon chríoch eile chun cinn go díreach, cuir i gcás iriseoireacht neamhspleách nó comhrac na bréagaisnéise, i gcomhréir le cuspóirí an Chinnidh seo sa Rúis;
- (j) Cláir freagrachta stairiúla na mBallstát agus tacaíocht do mhionlaigh eitneacha na mBallstát sa Rúis.;

▼ **M27***Airteagal 1j:*

1. Cuirfear toirmeasc ar iontaobhas nó ar aon socrú dlí comhchosúil a chláir, nó oifig chláraithe, seoladh gnó nó seoladh riaracháin chomh maith le seirbhísí bainistíochta a sholáthar dó, arb iontaobhas nó ar socrú dlí é ag a bhfuil mar shocraitheoir nó mar thairbhí:

- (a) náisiúnaigh Rúiseacha nó daoine nádúrtha a chónaíonn sa Rúis;
- (b) daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis;
- (c) daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil níos mó ná 50 % dá gcearta dílseánaigh faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag duine nádúrtha nó duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i bpointí (a) nó (b);
- (d) daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí arna rialú ag duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i bpointí (a), (b) nó (c);
- (e) duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ag gníomhú thar ceann nó faoi stiúir duine nádúrtha nó dlítheanaigh, eintitis nó comhlachta dá dtagraítear i bpointí (a), (b), (c) nó (d).

2. Cuirfear toirmeasc amhail ón 5 Iúil 2022 ar ghníomhú, nó socrú a dhéanamh chun go mbeadh duine eile ag gníomhú, mar iontaobhaí, mar scairshealbhóir ainmnitheach, mar stiúrthóir, mar rúnaí nó i bpost comhchosúil, i gcomhair iontaobhais nó comhshocrú dlíthiúil comhchosúil dá dtagraítear i mír 1.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 agus 2 maidir leis na hoibríochtaí atá fíor-riachtanach maidir le foirceannadh conarthaí, faoin 5 Iúil 2022, nach bhfuil i gcomhréir leis an Airteagal seo a tugadh chun críche roimh an 9 Aibreán 2022 nó conarthaí coimhdeacha is gá chun conarthaí den sórt sin a fhorghníomhú.

▼ **M30**

4. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 i gcás inar náisiúnach Ballstáit, náisiúnach tíre is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó náisiúnach na hEilvéise é an socraitheoir nó an tairbhí, ná i gcás inar duine nádúrtha a bhfuil cead cónaithe sealadach nó buan aige i mBallstáit, i dtír is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó san Eilvéis é an socraitheoir nó an tairbhí.

▼ **M27**

5. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, leanúint de na seirbhísí dá dtagraítear i mír 2 tar éis 5 Iúil 2022 in ionad:

- (a) oibríochtaí a chur i gcrích faoin 5 Meán Fómhair 2022 atá fíor-riachtanach maidir le foirceannadh conarthaí dá dtagraítear i mír 3, ar choinníoll go ndearnadh na hoibríochtaí sin a thionscnamh roimh an 11 Bealtaine 2022; nó

▼ **M27**

(b) ar chúiseanna eile, ar choinnioll nach nglacann na soláthróirí seirbhíse le haon chistí nó acmhainní eacnamaíocha ó na daoine dá dtagraítear i mír 1, ná nach gcuireann siad aon chistí nó acmhainní eacnamaíocha ar fáil dóibh, go díreach ná go hindíreach, ná aon tairbhe as sócmhainní arna gcur in iontaobhas a chur ar fáil do na daoine.

6. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla na seirbhísí dá dtagraítear sna míreanna sin a údarú, faoi cibé coiníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leo le haghaidh na nithe seo a leanas:

- (a) críocha daonnúla, amhail cúnamh a sheachadadh nó an seachadadh sin a éascú, lena n-áirítear soláthairtí leighis, bia, nó oibríthe daonnúla a aistriú nó cúnamh gaolmhar nó le haghaidh aslonnuithe; nó
- (b) gníomhaíochtaí na sochaí sibhialta a chuireann chun cinn go díreach an daonlathas, cearta an duine nó an smacht reachta sa Rúis.
- (c) feidhmiú iontaobhas arb é is cuspóir acu scéimeanna pinsin ceirde, polasaithe árachais, nó scéim scaireanna d'fhostaithe, carthanachtaí, clubanna spóirt amaitéaracha agus cistí le haghaidh mionaoiseach nó le haghaidh aosaigh leochaileacha a riar.

7. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 5 nó 6 laistigh de 2 sheachtain ón údarú sin.

▼ **M32***Airteagal 1k*

1. Beidh toirmeasc ar sheirbhísí cuntasáíochta, iniúchóireachta, lena n-áirítear seirbhísí iniúchóireachta reachtúla, seirbhísí leabharch-oimeáda nó seirbhísí comhairliúcháin cánach, nó seirbhísí comhairliúcháin gnó agus bainistíochta nó seirbhísí caidrimh phoiblí a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, dóibh seo a leanas:

- (a) Rialtas na Rúise; nó
- (b) daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis.

2. Beidh toirmeasc ar sheirbhísí ailtireachta agus innealtóireachta, seirbhísí comhairleacha dlí agus seirbhísí comhairliúcháin TF a sholáthar go díreach nó go hindíreach dóibh seo a leanas:

- (a) Rialtas na Rúise; nó
- (b) daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis.

▼ **M38**

2a. Cuirfear toirmeasc ar sheirbhísí taighde margaidh agus seirbhísí pobalbhreitheanna, seirbhísí tástála teicniúla agus anailíse agus seirbhísí fógraíochta a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, dóibh seo a leanas:

▼ **M32**

- (a) Rialtas na Rúise; nó
- (b) daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis.

▼ **M38**

2b. Cuirfear toirmeasc ar bhogearraí a dhíol, a sholáthar, a aistriú, a onnmhairiú, a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, maidir le bainistiú fiontar nó bogearraí maidir le dearadh tionsclaíoch agus monaraíocht do:

- (a) Rialtas na Rúise; nó
- (b) dhaoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis.

3a. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus na seirbhísí dá dtagraítear i míreanna 1, 2, 2a agus 2b chun iad a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, do Rialtas na Rúise nó do dhaoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis;
- (b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus na seirbhísí dá dtagraítear i míreanna 1, 2, 2a agus 2b chun iad a sholáthar, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, do Rialtas na Rúise nó do dhaoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis.

4b. Ní bheidh feidhm ag mír 2b maidir le díol, soláthar, aistriú, onnmhairiú, nó soláthar bogearraí a bhfuil géarghá leis chun conarthaí nach bhfuil i gcomhréir leis an Airteagal seo a tugadh i gcrích faoin 20 Márta 2024 a fhoirceannadh faoin 19 Nollaig 2023, nó chun conarthaí coimhdeacha a fhoirceannadh ar conarthaí coimhdeacha iad a bhfuil gá leo chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

▼ **M32**

5. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le soláthar seirbhísí a bhfuil géarghá leo chun an ceart chun cosanta in imeachtaí breithiúnacha a fheidhmiú ná an ceart chun leigheas éifeachtach dlí a fháil.

6. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le soláthar seirbhísí a bhfuil géarghá leo chun rochtain ar imeachtaí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána i mBallstát a áirithiú, nó chun aitheantas nó forfheidhmiú a dhéanamh maidir le breithiúnas nó dámhachtain eadrána arna soláthar i mBallstát, ar choinníoll go bhfuil an soláthar seirbhísí sin comhsheasmhach le cuspóirí an Chinnidh seo agus Chinneadh 2014/145/CBES.

▼ **M44**

7. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1, 2, 2a agus 2b go dtí an 30 Meán Fómhair 2024 maidir le díol, soláthar, aistriú, onnmhairiú, nó soláthar seirbhísí atá beartaithe lena n-úsáid go heisiach ag daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis atá faoi úinéireacht nó faoi rialú iomlán nó comhpháirteach duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit, faoi dhlí tíre is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, faoi dhlí na hEilvéise nó faoi dhlí tíre is comhpháirtí a liostaítear in Iarscríbhinn VII.

▼ **M38**

8. Ní bheidh feidhm ag míreanna 2, 2a ná 2b maidir le díol, soláthar, aistriú, onnmhairiú, nó soláthar seirbhísí is gá le haghaidh éigeandálaí sláinte poiblí, chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, teagmhais ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach mór aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol, nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha.

▼ M44

8a. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1, 2 ná 2a maidir le seirbhísí arna soláthar ag náisiúnaigh de chuid Ballstáit a bhfuil cónaí orthu sa Rúis agus a bhí amhlaidh roimh an 24 Feabhra 2022 i leith, maidir leis na daoine dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí dá dtagraítear i mír 10, ar choinníoll go bhfuil na seirbhísí sin beartaithe lena n-úsáid go heisiach ag na daoine dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí sin.

▼ M38**▼ M36**

9a. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla soláthar na seirbhísí dá dtagraítear sna míreanna sin a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil géarghá leis na seirbhísí sin chun balla dóiteáin a chur ar bun, a dheimhniú nó a mheas a ndéantar an méid seo a leanas leis:

- (a) cuirtear deireadh leis an rialú ag duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES, ar shócmhainní duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta neamhliostaithe atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit atá faoi úinéireacht nó faoi rialú ag an gcéad cheann sin; agus
- (b) áirithítear nach bhfabhróidh aon chistí ná acmhainní eacnamaíocha breise chun tairbhe an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, an eintitis nó an chomhlachta sin a liostaítear.

▼ M38

9b. De mhaolú ar mhír 2b, féadfaidh na húdaráis inniúla soláthar na seirbhísí dá dtagraítear sna míreanna sin a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis na seirbhísí sin chun críche rannchuidiú náisiúnaigh de chuid na Rúise le tionscadail idirnáisiúnta foinse oscailte.

10. De mhaolú ar mhíreanna 1, 2, 2a, 2b agus 3a, féadfaidh na húdaráis inniúla na seirbhísí dá dtagraítear iontu a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leo chun na gcríoch seo a leanas:

▼ M32

- (a) críocha daonnúla, mar shampla cúnaimh a sheachadadh nó an seachadadh sin a éascú, lena n-áirítear soláthairtí leighis, bia, nó oibríthe daonnúla a aistriú nó cúnaimh gaolmhar nó le haghaidh aslonnuithe;
- (b) gníomhaíochtaí na sochaí sibhialta lena gcuirtear an daonlathas, cearta an duine nó an smacht reachta chun cinn go díreach sa Rúis;
- (c) feidhmiú ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalacha an Aontais agus na mBallstát nó tíortha is comhpháirtithe sa Rúis, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, nó eagraíochtaí idirnáisiúnta sa Rúis a thairbhíonn de dhíolúintí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta;
- (d) soláthar criticiúil fuinnimh laistigh den Aontas a áirithiú mar aon le ceannach, allmhairiú nó iompar tíotáiniam, alúmanam, copair, nicile, pallaidiam agus amhiarainn isteach san Aontas;
- (e) oibriú leanúnach bonneagar, crua-earraí agus bogearraí a áirithiú, rud atá criticiúil le haghaidh shláinte agus shábháilteacht an duine, nó sábháilteacht an chomhshaoil;

▼ **M44**

- (f) bunú, oibriú, cothabháil, soláthar breosla agus athchóireáil agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, agus leanúint den dearadh, den tógáil agus den choimisiúnú is gá chun saoráidí núicléacha sibhialta a chríochnú, ábhar réamhtheachtach a sholáthar chun raidiseatóip leighis agus feidhmeanna leighis comhchosúla a tháirgeadh, nó teicneolaíocht chriticiúil chun faireachán a dhéanamh ar radaíocht chomhshaoil, agus le haghaidh comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha;

▼ **M32**

- (g) soláthar seirbhísí leictreonacha cumarsáide a dhéanann oibreoirí teileachumarsáide de chuid an Aontais agus is gá le haghaidh oibriú, cothabháil agus slándáil, lena n-áirítear cibearslándáil, seirbhísí cumarsáide sa Rúis, san Úcráin, san Aontas, idir an Rúis agus an tAontas agus idir an Úcráin agus an tAontas agus le haghaidh seirbhísí ionaid sonraí san Aontas;

▼ **M38**

- (h) úsáid eisiach ag daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis atá faoi úinéireacht nó faoi rialú iomlán nó comhpháirteach duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit, faoi dhlí tíre is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, faoi dhlí na hEilvéise nó faoi dhlí tíre comhpháirtíochta a liostaítear in Iarscríbhinn VII.

11. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhíreanna 9a, 9b agus 10 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

▼ **M35***Airteagal 11*

1. Beidh toirmeasc amháil ón 27 Márta 2023 ar chead a thabhairt do náisiúnaigh na Rúise nó daoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu sa Rúis post a shealbhú i gcomhlachtaí rialála úinéirí nó oibreoirí bonneagar criticiúil, bonneagair chriticiúil Eorpaigh agus eintiteas criticiúil.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le náisiúnaigh Bhallstáit, le náisiúnaigh tíre is ball den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ná le náisiúnaigh na hEilvéise.

Airteagal 1m

1. Beidh toirmeasc ar thuilleadh stórála mar a shainmhínítear in Airteagal 2, mír 1, pointe 28 de Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ a sholáthar i saoráid stórála mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe 9 de Threoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, cé is moite den chuid sin de na saoráidí gáis nádúrtha leachtaithe a úsáidtear le haghaidh stórála, dóibh siúd a leanas:

- (a) náisiúnach de chuid na Rúise, duine nádúrtha atá ina chónaí sa Rúis, nó duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Rúis;
- (b) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a bhfuil níos mó ná 50 % dá chearta dílseánaigh faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo; nó
- (c) duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i bpointe (a) nó (b) den mhír seo.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le coinníollacha le haghaidh rochtain ar na gréasáin gáis nádúrtha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005 (IO L 211, 14.8.2009, lch. 36).

⁽²⁾ Treoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhriallacha don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/55/CE (IO L 211, 14.8.2009, lch. 94).

▼ **M38**▼ **M35**

3. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi na coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, soláthar toillte stórála dá dtagraítear i mír 1 a údarú tar éis dóibh a chinneadh gur gá sin chun an soláthar criticiúil fuinnimh a áirithiú laistigh den Aontas.

4. Cuirfidh an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhír 3 laistigh de choicís ón údarú.

▼ **M38***Airteagal In*

1. Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí atá bunaithe san Aontas a bhfuil níos mó ná 40 % dá gcearta dílseánaigh faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach na ndaoine seo a leanas:

(a) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Rúis;

(b) náisiúnach de chuid na Rúise; nó

(c) duine nádúrtha a bhfuil cónaí air sa Rúis,

ón 1 Bealtaine 2024, tuairisceoidh siad d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil siad bunaithe, laistigh de 2 seachtain ó dheireadh gach ráithe, faoi aon aistriú cistí is mó ná EUR 100 000 amach as an Aontas a rinne siad, go díreach nó go hindíreach, in oibríocht amháin nó i roinnt oibríochtaí.

2. D'ainneoin na rialacha is infheidhme maidir le tuairisciú, rúndacht agus rúndacht ghairmiúil, tuairisceoidh institiúidí creidmheasa agus airgeadais, ón 1 Iúil 2024 i leith, d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil siad lonnaithe, laistigh de 2 sheachtain tar éis dheireadh gach seimeastar, faisnéis maidir le gach aistriú cistí amach as an Aontas de mhéid carnach, le linn an tseimeastair sin, is mó ná EUR 100 000 a thionscain siad, go díreach nó go hindíreach, le haghaidh na ndaoine dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear i mír 1.

3. Déanfaidh na Ballstáit measúnú ar an bhfaisnéis a fhaightear i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 chun idirbhearta, eintitis agus earnálacha gnó a shainithint lena léirítear go bhfuil riosca tromchúiseach ann go sárfaí nó go rachfaí timpeall ar chistí, nó go n-úsáidfear cistí chun críoch nach bhfuil ag lú leis an gCinneadh seo nó le Cinní 2014/145/CBES ⁽¹⁾, 2014/386/CBES ⁽²⁾, 2014/512/CBES, nó

⁽¹⁾ Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 16)..

⁽²⁾ Cinneadh 2014/386/CBES ón gComhairle an 23 Meitheamh 2014 a bhaineann le bearta sriantacha mar fhreagairt ar ionghabháil neamhdhleathach ar an gCrimé agus Sevastopol (IO L 183, 24.6.2014, lch. 70).

▼ **M38**

(CBES) 2022/266 ⁽¹⁾ ón gComhairle, nó le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ⁽²⁾, (AE) Uimh. 833/2014 ⁽³⁾, (AE) Uimh. 692/2014 ⁽⁴⁾ nó (AE) 2022/263 ⁽⁵⁾ ón gComhairle, agus cuirfidh siad a chéile agus an Coimisiún ar an eolas go rialta faoina dtorthaí.

4. Bunaithe ar an bhfaisnéis a gheofar ó na Ballstáit faoi mhír 3, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar fheidhmiú na mbearta dá bhforáiltear san Airteagal seo tráth nach déanaí ná na 20 Nollaig 2024.

▼ **M44***Airteagal 1o*

1. Oifigí maoinne intleachtúla agus agus institiúidí inniúla eile atá comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit nó faoi dhlí an Aontais, ní ghlacfaidh siad don mhéid seo a leanas:

- (a) iarratais nua ar chlárú trádmharcanna, paitinní, dearáí tionsclaíocha, cuspaí áisiúlachta, ainmniúcháin thionscnaimh faoi chosaint, agus tásca geografacha arna gcomhdú ag náisiúnaigh Rúiseacha nó ag daoine nádúrtha a chónaíonn sa Rúis, nó ag daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis, lena n-áirítear má chomhdaíonn náisiúnach de chuid na Rúise nó daoine nádúrtha a chónaíonn sa Rúis, daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis i gcomhpháirt le duine nádúrtha nó dlítheanach amháin nó níos mó nach Rúiseach é nó í a chónaíonn nó atá bunaithe lasmuigh den Rúis.
- (b) aon iarratas nó aighneacht arna chomhdú ag náisiúnaigh de chuid na Rúise nó ag daoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu sa Rúis, nó ag daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí arna mbunú sa Rúis le linn na nósanna imeachta um chlárú sula raibh baint ag na hoifigí maoinne intleachtúla le haon cheann de na cearta maoinne intleachtúla dá dtagraítear i bpointe (a).

2. Déanfaidh na Ballstáit, ina gcáil mar Stáit Chonarhacha sa Choinbhinsiún ar Dheonú Paitinní Eorpacha an 5 Deireadh Fómhair 1973, arna athbhreithniú an 17 Nollaig 1991 agus an 29 Samhain 2000 (“CPE”) agus a n-oibleagáidí idirnáisiúnta arna ngabháil orthu féin in CPE á gcomhlíonadh acu, a seacht ndícheall chun a áirithiú nach nglacfaidh Oifig na bPaitinní Eorpacha le hiarrataí ar éifeacht aonadach de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 1257/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶⁾ arna gcomhdú ag náisiúnaigh Rúiseacha

⁽¹⁾ Cinneadh (CBES) 2022/266 ón gComhairle an 23 Feabhra 2022 maidir le bearta sriantacha mar fhreagairt ar limistéir áirithe nach bhfuil faoi rialú an rialtais san Úcráin a bheith á n-aithint, á bhforghabháil nó á n-ionghabháil go neamhdhleathach ag Cónaidhm na Rúise (IO L 42I, 23.2.2022, lch. 109).

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 6).

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí na Rúise i ndícheobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) Uimh. 692/2014 ón gComhairle an 23 Meitheamh 2014 a bhaineann le bearta sriantacha mar fhreagairt ar ionghabháil neamhdhleathach ar an gCrimé agus Sevastopol (IO L 183, 24.6.2014, lch. 9).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) 2022/263 ón gComhairle an 23 Feabhra 2022 a bhaineann le bearta sriantacha mar fhreagairt ar limistéir áirithe nach bhfuil faoi rialú an rialtais san Úcráin a bheith á n-aithint, á bhforghabháil, nó á hionghabháil go neamhdhleathach ag Cónaidhm na Rúise (IO L 42I, 23.2.2022, lch. 77).

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1257/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2012 lena gcuirtear comhar feabhsaithe chun feidhme sa réimse a bhaineann le cosaint aonadach phaitinne a chruthú (IO L 361, 31.12.2012, lch. 1).

▼ **M44**

nó ag daoine nádúrtha a chónaíonn sa Rúis, nó ag daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis, lena n-áirítear, i gcás ina gcomhdaíonn náisiúnach Rúiseach nó daoine nádúrtha a chónaíonn sa Rúis, daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis go comhpháirteach iad le duine nádúrtha nó dlítheanach amháin nó níos mó nach Rúiseach é a chónaíonn nó atá bunaithe lasmuigh den Rúis.

3. Déanfaidh na Ballstáit, ina gcáil mar Stáit Chonartha in CPE agus i gcomhlíonadh a n-oibleagáidí idirnáisiúnta arna ngabháil de láimh in CPE, a ndícheall chun a áirithiú nach nglacfaidh Oifig na bPaitinní Eorpacha le hiarratais nua ar chlárú iarratas ar phaitinn Eorpach arna gcomhdú ag náisiúnaigh Rúiseacha nó ag daoine nádúrtha a chónaíonn sa Rúis, nó ag daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis, lena n-áirítear, i gcás ina gcomhdaíonn náisiúnach Rúiseach nó daoine nádúrtha a chónaíonn sa Rúis, daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis go comhpháirteach iad, le duine nádúrtha nó dlítheanach amháin nó níos mó nach Rúiseach é a chónaíonn nó atá bunaithe lasmuigh den Rúis.

4. Déanfaidh na Ballstáit agus, i gcás inarb infheidhme, an tAontas, agus iad ag gníomhú faoin gCoinbhinsiún lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil an 14 Iúil 1967 agus arna leasú an 28 Meán Fómhair 1979 (WIPO), a seacht ndícheall chun a áirithiú nach nglacfaidh EDMÍ ná oifigí maoine intleachtúla arna mbunú faoi dhlí Ballstáit nó faoi dhlí an Aontais, ná Oifig Eorpach na bPaitinní, le hiarratais nua ar na cearta sin ó aon náisiúnaigh Rúiseacha nó ó aon daoine nádúrtha a chónaíonn sa Rúis, nó ó dhaoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis, lena n-áirítear má chomhdaíonn náisiúnach Rúiseach nó daoine nádúrtha a chónaíonn sa Rúis, daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis i gcomhpháirt le duine nádúrtha nó dlítheanach amháin nó níos mó nach Rúiseach é a chónaíonn nó atá bunaithe lasmuigh den Rúis.

5. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 go 4 maidir le náisiúnaigh Ballstáit, le náisiúnaigh tíre is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ná le náisiúnaigh na hEilvéise, ná le daoine nádúrtha ag a bhfuil cead cónaithe sealadach nó buan acu i mBallstát, i dtír is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó san Eilvéis.

Airteagal 1p

1. Beidh toirmeasc ar thabhartais, ar shochair eacnamaíocha nó ar thacaíocht, lena n-áirítear maoiniú agus cúnaimh airgeadais, a ghlacadh, go díreach nó go hindíreach, ó na foinsí seo a leanas:

- (a) Rialtas na Rúise;
- (b) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Rúis agus atá faoi rialú poiblí nó a bhfuil níos mó ná 50 % di faoi úinéireacht phoiblí;
- (c) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus a bhfuil níos mó ná 50 % dá chearta dílseánaigh faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag eintiteas dá dtagraítear i bpointe (a) nó (b); nó
- (d) duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir eintitis dá dtagraítear i bpointe (a), (b) nó (c).

▼ **M44**

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 ach amháin maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾;
- (b) páirtithe polaitiúla agus comhghuaillíochtaí polaitiúla, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 1141/2014, gan dochar do bhunphrionsabail de chineál bunreachtúil sna Ballstáit, lena rialaítear feidhmiú na bpáirtithe agus na gcomhghuaillíochtaí polaitiúla sin;
- (c) eagraíochtaí neamhrialtasacha atá bunaithe nó cláraithe i gcomhréir le dlí Ballstáit; agus
- (d) soláthraithe seirbhíse meán, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2024/1083 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, atá bunaithe i mBallstát, gan dochar do bhunphrionsabail de chineál bunreachtúil, mar a chuirtear i bhfeidhm sna Ballstáit iad, a bhaineann le saoirse an phreasa agus leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh.

3. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, a údarú go nglacfaí le deonacháin, sochair eacnamaíocha nó tacaíocht, lena n-áirítear maoiniú agus cúnamh airgeadais ó na heintitis dá dtagraítear i bpointí (c) agus (d) de mhír 2, ar choinníoll nach ndéanfaidh an glacadh sin aon dochar do na próisis dhaonlathacha san Aontas nó dá bhonn daonlathach, lena n-áirítear an méid sin a dhéanamh trí fheachtais tionchair agus trí bhréagaisnéis a chur chun cinn, agus í dírithe ar dhochar a dhéanamh d'iomláine chríochach, ceannasacht agus neamhspleáchas na hÚcráine, agus trí ghníomhaíochtaí bolscaireachta lena dtacaítear le fogha míleata na Rúise i gcoinne na hÚcráine.

4. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 2 laistigh de 3 sheachtain ón údarú.

▼ **B***Article 2*

1. The direct or indirect sale, supply, transfer or export of arms and related materiel of all types, including weapons and ammunition, military vehicles and equipment, paramilitary equipment, and spare parts therefor, to Russia by nationals of Member States or from the territories of Member States or using their flag vessels or aircraft, shall be prohibited whether originating or not in their territories.

2. It shall be prohibited:

- (a) to provide technical assistance, brokering services or other services related to military activities and to the provision, manufacture, maintenance and use of arms and related materiel of all types, including weapons and ammunition, military vehicles and equipment, paramilitary equipment, and spare parts therefor, directly or indirectly to any natural or legal person, entity or body in, or for use in Russia;

⁽¹⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha (IO L 317, 04.11.2014, lch. 1).

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2024/1083 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh seirbhíse meán sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 2010/13/AE (An Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán) (IO L, 2024/1083, 17.4.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1083/oj>).

▼ B

- (b) to provide financing or financial assistance related to military activities, including in particular grants, loans and export credit insurance or guarantee, as well as insurance and reinsurance for any sale, supply, transfer or export of arms and related materiel, or for the provision of related technical assistance, brokering services or other services directly or indirectly to any person, entity or body in, or for use in Russia.

▼ M30

3. Toirmiscfear airm agus ábhar gaolmhar de gach cineál a allmhairiú, a cheannach nó a iompar go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear airm agus armlón, feithiclí agus trealamh míleata, trealamh paraimíleata, agus páirteanna spártha lena n-aghaidh, ón Rúis arna dhéanamh ag náisiúnaigh na mBallstát nó trína soithí brataí nó a aerárthaí a úsáid.

▼ M2

4. The prohibition in ►**M26** paragraph 3 ◀ shall be without prejudice to the execution of contracts concluded before 1 August 2014 or ancillary contracts necessary for the execution of such contracts, and to the provision of spare parts and services necessary for the maintenance and safety of existing capabilities within the Union.

▼ M26

4a. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir le soláthar páirteanna spártha agus seirbhísí atá riachtanach do chothabháil, do dheisiú agus do shábháilteacht na gcumas atá ann cheana laistigh den Aontas.

▼ M4

5. The prohibitions in paragraphs 1 and 3 shall not apply to:
- (a) the sale, supply, transfer or export and to the import, purchase or transport of hydrazine (CAS 302-01-2) in concentrations of 70 per cent or more;
 - (b) the import, purchase or transport of unsymmetrical dimethyl hydrazine (CAS 57-14-7);
 - (c) the sale, supply, transfer or export and to the import, purchase or transport of monomethyl hydrazine (CAS 60-34-4);

for use of launchers operated by European launch service providers, or for the use of launches of European space programmes, or for the fuelling of satellites by European satellites manufacturers.

The amount of any export of hydrazine shall be calculated in accordance with the launch or launches or the satellites for which it is made and shall not exceed a total quantity of 800 kg for each individual launch or satellite. The amount of any export of monomethyl hydrazine shall be calculated in accordance with the launch or launches or the satellites for which it is made.

▼ M9

5a. The prohibitions in paragraphs 1 and 3 shall not apply to the sale, supply, transfer or export and to the import, purchase or transport of hydrazine (CAS 302-01-2) in concentrations of 70 % or more for the tests and flight of ExoMars descent module and for the flight of ExoMars carrier module in the framework of the ExoMars 2020 mission, under the following conditions:

▼ M9

- (a) the amount of hydrazine destined for the tests and flight of the ExoMars descent module in the framework of the ExoMars 2020 mission, calculated in accordance with the needs of each phase of that mission, is not to exceed a total of 5 000 kg for the entire duration of the mission;
 - (b) the amount of hydrazine destined for the flight of the ExoMars carrier module in the framework of the ExoMars 2020 mission is not to exceed a total of 300 kg.
6. The prohibitions in paragraph 2 shall not apply to the provision of technical assistance, brokering services or other services, and to the provision of financing or financial assistance, related to the operations referred to in paragraphs 5 and 5a.
7. The operations referred to paragraphs 5, 5a and 6 shall be subject to prior authorisation by the competent authorities of the Member States. Member States shall duly inform the Council in all cases where they grant an authorisation. The information shall include the details of the amounts transferred and of the end-use.

▼ M20*Airteagal 3*

1. Gach earra agus teicneolaíocht dé-úsáide a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú, beidh toirmeasc ar náisiúnaigh de chuid na mBallstát nó ó chríocha na mBallstát nó a bhfuil leas á bhaint acu as soithí nó as aerárthaigh faoina mbratach, beidh toirmeasc orthu na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, le haon duine nádúrtha nó duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis, bíodh na hearraí agus an teicneolaíocht sin de thionscnamh a gcríoch nó ná bíodh.

▼ M35

1a. Earraí agus teicneolaíocht dé-úsáide dá dtagraítear i mír 1 agus a onnmhairítear ón Aontas, beidh toirmeasc ar a n-idirthuras trí chríoch na Rúise.

▼ M20

2. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:
- (a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar, agus ar sholáthar, monaraíocht agus cothabháil na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis;
 - (b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó cúnamh teicniúil lena mbaineann, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis, nó lena n-úsáid sa Rúis;

⁽¹⁾ Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú (athmhúnlú) (IO L 206, 11.6.2021, lch. 1).

▼ M36

- (c) cearta maoinne intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d'aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoinne intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.

▼ M20

3. Gan dochar do na ceanglais údarúcháin de bhun Rialachán (AE) 2021/821, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir le hearraí ná teicneolaíocht dé-úsáide a dhíol, a sholáthar, a aistriú ná a onnmhairiú, ná leis an gcúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, atá beartaithe don mhéid seo a leanas:

- (a) chun críoch daonnúil, éigeandálaí sláinte, chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, teagmhais ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha;
- (b) chun críoch leighis nó cógaisíochta;
- (c) onnmhairiú sealadach ítimí atá le húsáid sna meáin nuachta;
- (d) nuashonruithe bogearraí;
- (e) úsáid mar fheistí cumarsáide tomhaltóirí; nó

▼ M28**▼ M20**

- (g) úsáid phearsanta na n-earraí nó teicneolaíochta sin ag daoine nádúrtha atá ag taisteal chun na Rúise nó daoine dá neasteaghlach atá ag taisteal ina dteannta, agus an úsáid sin teoranta d'earraí pearsanta, earraí tí, feithiclí nó uirlisí trádála atá faoi úinéireacht an ndaoine aonair sin agus nach bhfuil beartaithe lena ndíol.

▼ M28

Cé is moite de phointe (g) den chéad fhomhír, dearbhóidh an t-onnmhaireoir sa dearbhú custaim go bhfuil na hítimí sin á n-onnmhairiú faoin eisceacht ábhartha a leagtar amach sa mhír seo agus tabharfaidh sé fógra d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an t-onnmhaireoir ina chónaí nó ina bhfuil sé bunaithe le haghaidh chéad úsáid na heisceachta ábhartha laistigh de 30 lá tar éis an dáta ar tharla an chéad onnmhairiú.

▼ M35

3a. Gan dochar do na ceanglais údarúcháin de bhun Rialachán (AE) 2021/821, ní bheidh feidhm ag an toirmeasc a shonraítear i mír 1a den Airteagal seo maidir le hidirthuras earraí agus teicneolaíocht dé-úsáide atá beartaithe chun na gcríoch a leagtar amach i bpointí (a) go (e) de mhír 3 den Airteagal seo trí críoch na Rúise.

▼ M20

4. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, agus gan dochar do na ceanglais údarúcháin de bhun Rialachán (AE) 2021/821, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt earraí agus teicneolaíocht dé-úsáide a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, tar éis don údaráis sin a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann beartaithe don mhéid seo a leanas:

(a) comhar idir an tAontas, rialtais na mBallstát agus rialtas na Rúise i gcomhair ábhair shibhialtacha amháin;

(b) comhar idir-rialtasach i geláir spáis;

▼ M44

(c) oibriú, cothabháil, athchóireáil breosla agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, chomh maith le comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha;

▼ M20

(d) sábháilteacht mhuirí;

▼ M26

(e) líonraí cumarsáide leictreonaí sibhialtacha atá ar fáil go neamhphoiblí agus nach maoin le heintiteas atá faoi rialú poiblí nó ag a bhfuil úinéireacht phoiblí os cionn 50 % é;

▼ M20

(f) úsáid eisiach eintiteas atá faoi úinéireacht, nó á rialú go haonarach nó i gcomhpháirt ag duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit nó tíre comhpháirtíochta;

(g) ionadaíocht taidhleoireachta an Aontais, na mBallstát agus na dtíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin;

▼ M28

(h) an chibearshlándaíl agus slándáil faisnéise a áirithiú do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha, d'eintitis agus do chomhlachtaí sa Rúis, cé is moite dá rialtas agus do na gnóthais atá faoi rialú díreach nó indíreach an rialtais sin.

▼ M35

4a. De mhaolú ar mhír 1a, agus gan dochar do na ceanglais údarúcháin de bhun Rialachán (AE) 2021/821, féadfaidh na húdaráis inniúla idirthuras earraí agus teicneolaíochta dé-úsáide trí chríoch na Rúise a údarú tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin beartaithe chun na gcríoch atá i bpointí (b), (c), (d) agus (h) de mhír 4 den Airteagal seo.

▼ **M20**

5. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, agus gan dochar do na ceanglais údarúcháin de bhun Rialachán (AE) 2021/821, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt na hearraí nó teicneolaíocht dé-úsáide a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, tar éis don údaráis sin a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh teicniúil nó an cúnamh airgeadais lena mbaineann sin dlite faoi chonarthaí a tugadh i gcrích roimh an 26 Feabhra 2022, nó faoi chonarthaí coimhdeacha is gá chun conradh den sórt sin a chur i gcrích, ar choinníoll go bhfuarthas an t-údarú sin roimh an 1 Bealtaine 2022.

6. Na húdaruithe uile a éilítear faoin Airteagal seo, deonóidh na húdaráis inniúla iad i gcomhréir leis na rialacha agus leis na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/821, a mbeidh feidhm *mutatis mutandis* aige. Beidh an t-údarú bailí ar fud an Aontais.

▼ **M25**

7. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le hiarrataí ar údaruithe i gcomhréir le mír 4 agus mír 5, ní dhéanfaidh na húdaráis inniúla údarú a dheonú má tá forais réasúnacha acu chun a chreidiúint:

▼ **M26**

- (i) go bhféadfadh sé gur úsáideoir deiridh míleata, duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht in Iarscríbhinn IV a bheadh san úsáideoir deiridh nó go bhféadfadh úsáid deiridh mhíleata a bheith ag na hearraí, mura gceadaítear díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí agus na teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1 nó má cheadaítear cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais a sholáthar faoi mhír 1(a) d'Airteagal 3b;
- (ii) go bhfuil díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí agus na teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1 nó soláthar cúnaimh theicniúil nó airgeadais a bhaineann leo beartaithe don tionscal eitlíochta nó don tionscal spáis, mura gceadaítear an díol, an soláthar, an t-aistriú nó an t-onnmhairiú sin nó cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais a sholáthar faoi mhír 4(b); nó

▼ **M25**

- (iii) go bhfuil díolachán, soláthar, aistriú nó onnmhairiú earraí agus teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1 nó soláthar an chúnaimh theicniúil ghaolmhair nó an chúnaimh airgeadais ghaolmhair beartaithe don earnáil fuinnimh, mura gceadaítear díolachán, soláthar, aistriú nó onnmhairiú den sórt sin nó don chúnamh teicniúil gaolmhar nó an cúnamh airgeadais gaolmhar faoi na heisceachtaí dá dtagraítear in Airteagal 4, míreanna 3 go 6.

▼ **M20**

8. Féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát údarú atá deonaithe acu de bhun mhíreanna 4 agus 5 a neamhniú, a chur ar fionraí, a mhodhnú nó a chúlghairm má mheasann siad gur gá an neamhniú, an cur ar fionraí, an modhnú nó an chúlghairm sin chun go gcuirfean an Cinneadh seo chun feidhme go héifeachtach.

9. Áirítear in Iarscríbhinn VII na tíortha comhpháirtíochta dá dtagraítear san Airteagal seo agus i bpointí (f) agus (g) d'Airteagal 3a(4), agus a chuireann bearta atá coibhéiseach go substaintiúil i bhfeidhm maidir le rialú onnmhairí.

Airteagal 3a

1. Beidh toirmeasc ar earraí agus teicneolaíocht a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, earraí agus teicneolaíocht lena bhféadfaí rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíocht na Rúise, nó le forbairt earnáil na cosanta agus na slándála, bíodh na hearraí agus an teicneolaíocht sin de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, le haon duine nádúrtha nó duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.

▼ M36

1a. Toirmiscfear idirthuras earraí agus teicneolaíochta trí chríoch na Rúise lena bhféadfaí rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Rúise, nó le forbairt a hearnála cosanta agus slándála, a onnmhairítear ón Aontas.

▼ M20

2. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

- (a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar, agus soláthar, monaraíocht agus cothabháil na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis;
- (b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó cúnamh teicniúil lena mbaineann, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis, nó lena n-úsáid sa Rúis;

▼ M36

- (c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d'aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhithin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.

▼ M20

3. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir le hearraí ná teicneolaíocht a liostaítear i mír 1, a dhíol, a sholáthar, a aistriú ná a onnmhairiú, ná leis an gcúnamh teicniúil ná an cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, atá beartaithe don mhéid seo a leanas:

- (a) chun críoch daonnúil, éigeandálaí sláinte, chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, teagmhais ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha;
- (b) chun críoch leighis nó cógaisíochta;
- (c) onnmhairiú sealadach ítimí atá le húsáid sna meáin nuachta;
- (d) nuashonruithe bogearraí;
- (e) úsáid mar fheistí cumarsáide tomhaltóirí; nó

▼ M28**▼ M20**

- (g) úsáid phearsanta na n-earraí nó teicneolaíochta sin ag daoine nádúrtha atá ag taisteal chun na Rúise nó daoine dá neasteaghlach atá ag taisteal ina dteannta, agus an úsáid sin teoranta d'earraí pearsanta, earraí tí, feithiclí nó uirlisí trádála atá faoi úinéireacht an ndaoine aonair sin agus nach bhfuil beartaithe lena ndíol.

▼ M28

Cé is moite de phointe (g) den chéad fhomhír, dearbhóidh an t-onnmhairioir sa dearbhú custaim go bhfuil na hítimí sin á n-onnmhairiú faoin eisceacht ábhartha a leagtar amach sa mhír seo agus tabharfaidh sé fógra d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an t-onnmhairioir ina chónaí nó ina bhfuil sé bunaithe le haghaidh chéad úsáid na heisceachta ábhartha laistigh de 30 lá tar éis an dáta ar tharla an chéad onnmhairiú.

▼ **M36**

3a. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1a den Airteagal seo maidir le hidirthuras earraí agus teicneolaíochta trí chríoch na Rúise lena bhféadfaí rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Rúise, nó le forbairt a hearnála cosanta agus slándála, mar a liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, atá beartaithe chun na gcríoch a leagtar amach i bpointí (a) go (e) de mhír 3 den Airteagal seo.

▼ **M20**

4. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt na hearraí nó an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, tar éis don údarás sin a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann beartaithe don mhéid seo a leanas:

- (a) comhar idir an tAontas, rialtais na mBallstát agus rialtas na Rúise i gcomhair ábhair shibhialtacha amháin;
- (b) comhar idir-rialtasach i gcláir spáis;

▼ **M44**

(c) oibriú, cothabháil, athchóireáil breosla agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, chomh maith le comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha;

▼ **M20**

(d) sábháilteacht mhuirí;

▼ **M26**

(e) líonraí cumarsáide leictreonaí sibhialtacha atá ar fáil go neamhphoiblí agus nach maoin le heintiteas atá faoi rialú poiblí nó ag a bhfuil úinéireacht phoiblí os cionn 50 % é;

▼ **M20**

(f) úsáid eisiach eintiteas atá faoi úinéireacht, nó á rialú go haonarach nó i gcomhpháirt ag duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit nó tíre comhpháirtíochta;

(g) ionadaíocht taidhleoireachta an Aontais, na mBallstát agus na dtíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin;

▼ **M28**

(h) an chibearshláid agus slándáil faisnéise a áirithiú do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha, d'eintitis agus do chomhlachtaí sa Rúis, cé is moite dá rialtas agus do na gnóthais atá faoi rialú díreach nó indíreach an rialtais sin; nó

▼ **M36**

(i) atá beartaithe le haghaidh úsáid eisiach agus faoi rialú iomlán an Bhallstáit údaraithe agus chun a oibleagáidí cothabhála a chomhlíonadh i limistéir atá faoi chomhaontú léasa fhadtéarmaigh idir an Ballstát sin agus Cónaidhm na Rúise.

4a. De mhaolú ar mhír 1a, féadfaidh na húdaráis inniúla idirthuras earraí agus teicneolaíochta trí chríoch na Rúise a údarú ar earraí agus teicneolaíocht iad lena bhféadfaí rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Rúise, nó le forbairt a hearnála cosanta agus slándála, mar a liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin beartaithe chun na gcríoch a leagtar amach i bpointí (b), (c), (d) agus (h) de mhír 4 den Airteagal seo.

▼ M20

5. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt na hearraí nó an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, tar éis don údarás sin a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh teicniúil nó an cúnamh airgeadais sin lena mbaineann dlíte faoi chonarthaí a tugadh i gcrích roimh an 26 Feabhra 2022, nó faoi chonarthaí coimhdeacha is gá chun conradh den sórt sin a chur i gcrích, ar choinníoll go bhfuarthas an t-údarú sin roimh an 1 Bealtaine 2022.

6. Na húdaruithe uile a éilítear faoin Airteagal seo, deonóidh na húdaráis inniúla iad i gcomhréir leis na rialacha agus leis na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/821, a mbeidh feidhm *mutatis mutandis* aige. Beidh an t-údarú bailí ar fud an Aontais.

▼ M25

7. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le hiarrataí ar údaruithe i gcomhréir le mír 4 agus mír 5 den Airteagal seo, ní dhéanfaidh na húdaráis inniúla údarú a dheonú má tá forais réasúnacha acu chun a chreidiúint:

▼ M26

(i) go bhféadfadh sé gur úsáideoir deiridh míleata, duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht in Iarscríbhinn IV a bheadh san úsáideoir deiridh nó go bhféadfadh úsáid deiridh mhíleata a bheith ag na hearraí, mura gceadaítear díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí agus na teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1 nó má cheadaítear cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais a sholáthar faoi mhír 1 d'Airteagal 3b;

(ii) go bhfuil díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí agus na teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1 nó soláthar cúnaimh theicniúil nó airgeadais a bhaineann leo beartaithe don tionscal eitlíochta nó don tionscal spáis, mura gceadaítear an díol, an soláthar, an t-aistriú nó an t-onnmhairiú sin nó cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais a sholáthar faoi mhír 4(b); nó

▼ M25

(iii) go bhfuil díolachán, soláthar, aistriú nó onnmhairiú earraí agus teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1 nó soláthar an chúnaimh theicniúil ghaolmhair nó an chúnaimh airgeadais ghaolmhair beartaithe don earnáil fuinnimh, mura gceadaítear díolachán, soláthar, aistriú nó onnmhairiú den sórt sin nó don chúnaimh teicniúil gaolmhar nó an cúnamh airgeadais gaolmhar faoi na heisceachtaí dá dtagraítear in Airteagal 4, míreanna 3 go 6.

▼ M20

8. Féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát údarú atá deonaithe acu de bhun mhíreanna 4 agus 5 a neamhniú, a chur ar fionraí, a mhodhnú nó a chúlghairm má mheasann siad gur gá an neamhniú, an cur ar fionraí, an modhnú nó an chúlghairm sin chun go gcuirfean an Cinneadh seo chun feidhme go héifeachtach.

9. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na míreanna ábhartha atá le cumhdach san Airteagal seo a chinneadh.

▼ **M30***Airteagal 3aa*▼ **M36**

1. Airm thine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna riachtanacha agus armlón, mar a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, agus airm thine agus airm áirithe eile, cibé acu de thionscnamh an Aontais iad nó nach ea, cuirfear toirmeasc ar na hearraí sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, le haon duine nádúrtha nó duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.

▼ **M35**

1a. Maidir le hairm agus a gcodanna, a gcomhpháirteanna riachtanacha agus a n-armlón dá dtagraítear i mír 1 agus a onnmhairítear ón Aontas, beidh toirmeasc ar a n-idirthuras trí chríoch na Rúise.

▼ **M30**

2. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

- (a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i mír 1, agus a bhaineann le soláthar, monaraíocht, cothabháil agus úsáid na n-earraí sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis;
- (b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar chun na hearraí sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'eintiteas nó do chomhlacht sa Rúis, nó lena n-úsáid sa Rúis;

▼ **M36**

(c) cearta maoinne intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d'aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhithin cearta maoinne intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.

3. Glacfaidh an tAontas na bearta is gá chun na hítimí ábhartha atá le cumhdach leis an Airteagal seo a chinneadh.

▼ **M20***Airteagal 3b*▼ **M25**

1. Maidir leis na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn IV, de mhaolú ar Airteagal 3 agus Airteagal 3a den Chinneadh seo agus gan dochar do na ceanglais údarúcháin de bhun Rialachán (AE) 2021/821, ní fhéadfaidh údaráis inniúla na mBallstát údarú a thabhairt na hearraí agus teicneolaíocht dé-úsáide agus na hearraí agus teicneolaíocht dá dtagraítear in Airteagal 3a den Chinneadh seo a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú nó cúnamh airgeadais gaolmhar nó cúnamh teicniúil gaolmhar a sholáthar, ach amháin tar éis dóibh a chinneadh:

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena gcuirtear Airteagal 10 de Phrótocal na Náisiún Aontaithe i gcoinne monarú agus gáinneáil aindleathach arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh coireachta eagraithe trasnáisiúnta (Prótocal Arm Tine na Náisiún Aontaithe) chun feidhme, agus lena mbunaítear bearta i ndáil le húdarú onnmhairithe, le hallmhairithe agus le hidirthuras le haghaidh arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin (IO L 94, 30.3.2012, lch. 1).

▼ **M25**

- (a) go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh teicniúil gaolmhar nó an cúnamh airgeadais gaolmhar riachtanach chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, ar teagmhas é ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol; nó
- (b) go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh airgeadais gaolmhar nó an cúnamh teicniúil gaolmhar sin dlite faoi chonarthaí a tugadh i gcrích roimh an 26 Feabhra 2022, nó faoi chonarthaí coimhdeacha is gá chun conarthaí den sórt sin a fhorghníomhú, ar choinníoll go n-iarrtar an t-údarú roimh an 1 Bealtaine 2022.

▼ **M20**

2. Na húdaruithé uile a éilítear faoin Airteagal seo, deonóidh na húdaráis inniúla iad i gcomhréir leis na rialacha agus leis na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/821, a mbeidh feidhm *mutatis mutandis* aige. Beidh an t-údarú bailí ar fud an Aontais.

3. Féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát údarú atá deonaithe acu de bhun mhír 1 a neamhniú, a chur ar fionraí, a mhodhnú nó a chúlghairm má mheasann siad gur gá an neamhniú, an cur ar fionraí, an modhnú nó an chúlghairm sin chun go gcuirfear an Cinneadh seo chun feidhme go héifeachtach.

▼ **M25***Airteagal 4*

1. Beidh toirmeasc ar earraí agus teicneolaíocht atá oiriúnach do chatagóirí áirithe tionscadal taiscéalaíochta agus táirgthe, a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, bíodh na hearraí agus an teicneolaíocht sin de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis, lena n-áirítear a Limistéar Eacnamaíoch Eisiach agus a Scairbh Ilchríochach nó lena n-úsáid sa Rúis, lena n-áirítear a Limistéar Eacnamaíoch Eisiach agus a Scairbh Ilchríochach.

Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na míreanna ábhartha atá le cumhdach leis an mhír sin a chinneadh.

2. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

- (a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar agus beidh toirmeasc ar sholáthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis;
- (b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar maidir leis na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó maidir le cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis, nó lena n-úsáid sa Rúis.

3. Na toirmisc i mír 1 agus mír 2, ní bheidh feidhm acu maidir le díolachán, soláthar, aistriú ná onnmhairiú earraí nó teicneolaíochta is gá, nó maidir le soláthar cúnamh teicniúil nó an cúnamh airgeadais is gá chun:

▼ **M27**

- (a) iompar gáis nádúrtha agus ola, lena n-áirítear táirgí peitriiliam scagtha, mura dtoirmisctear sin faoi Airteagal 4o nó 4p, ón Rúis nó tríd an Rúis isteach san Aontas; nó

▼ **M25**

- (b) teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, teagmhas ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol.

▼ **M38**

4. Na toirmisc i mír 2, ní bheidh feidhm acu go dtí an 20 Meitheamh 2024 maidir le hárachas nó athárachas a sholáthar d'aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit maidir lena ghníomhaíochtaí lasmuigh den earnáil fuinnimh sa Rúis.;

5. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh na húdaráis inniúla a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, go soláthrófar árachas nó athárachas tar éis an 20 Meitheamh 2024 d'aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit maidir lena ghníomhaíochtaí lasmuigh den earnáil fuinnimh sa Rúis.

▼ **M25**

6. De mhaolú ar mhír 1 agus mír 2, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha is iomchuí leo, a údarú aon chúnamh teicniúil nó cúnaimh airgeadais a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú agus a sholáthar, tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:

- (a) gur gá sin chun soláthar fuinnimh criticiúil a áirithiú laistigh den Aontas; nó
- (b) go bhfuil sé beartaithe le haghaidh úsáid eisiach eintiteas atá faoi úinéireacht, nó á rialú go haonarach nó i gcomhpháirt ag duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit.

7. Cuirfidh an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 6 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

▼ **M32***Airteagal 4a*

1. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

▼ **M44**

- (a) aon rannpháirtíocht nua a fháil, nó aon rannpháirtíocht atá ann cheana a leathnú, in aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht arna ionchorprú nó arna chomhdhéanamh faoi dhlí na Rúise nó faoi dhlí aon tríú tír agus a oibríonn in earnáil an fhuinnimh sa Rúis, lena n-áirítear tionscadail atá á dtógáil chun gás nádúrtha leachtaithe a tháirgeadh;

▼ **M32**

- (b) aon socrú a dheonú nó a bheith mar chuid d'aon socrú chun aon iasacht nó creidmheas nua a dheonú nó chun maoiniú a sholáthar ar bhealach eile, lena n-áirítear caipiteal cothromais, d'aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí na Rúise nó aon tríú tír, agus atá ag feidhmiú san earnáil fuinnimh sa Rúis, nó i gcomhair an chuspóra, a bhfuil fianaise dhoiciméadaithe leis, duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht mar sin a mhaoiniú;
- (c) aon fhiontar comhphárteach nua a chruthú le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí na Rúise nó aon tríú tír eile, agus atá ag feidhmiú san earnáil fuinnimh sa Rúis;
- (d) seirbhísí infheistíochta a sholáthar a bhaineann go díreach leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c).

2. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

- (a) aon rannpháirtíocht nua a fháil nó sineadh a chur le haon rannpháirtíocht atá ann cheana maidir le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí na Rúise nó aon tríú tír eile, agus atá ag feidhmiú san earnáil mianadóireachta agus cairéalachta sa Rúis;
- (b) aon socrú a dheonú nó a bheith mar chuid d'aon socrú chun aon iasacht nó creidmheas nua a dheonú nó chun maoiniú a sholáthar ar bhealach eile, lena n-áirítear caipiteal cothromais, d'aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí na Rúise nó aon tríú tír, agus atá ag feidhmiú san earnáil mianadóireachta agus cairéalachta sa Rúis, nó i gcomhair an chuspóra, a bhfuil fianaise dhoiciméadaithe leis, duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht mar sin a mhaoiniú;

▼ M32

- (c) aon fhiontar comhpháirteach nua a chruthú le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí na Rúise nó aon tríú tír eile, agus atá ag feidhmiú san earnáil mianadóireachta agus cairéalachta sa Rúis;
 - (d) seirbhísí infheistíochta a sholáthar a bhaineann go díreach leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c).
3. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, aon ghníomhaíocht dá dtagraítear i mír 1 a údarú tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:
- (a) go bhfuil gá léi chun soláthar criticiúil fuinnimh a áirithiú laistigh den Aontas, mar aon le hiompar gás nádúrtha agus ola, lena n-áirítear táirgí peitriiliam scagtha, mura dtairmisteartar sin faoi Airteagal 4o nó 4p., ón Rúis nó tríd an Rúis isteach san Aontas; nó
 - (b) go mbaineann sí go heisiach le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag feidhmiú san earnáil fuinnimh sa Rúis agus atá faoi úinéireacht duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit.

▼ M38

3a. De mhaolú ar mhír 1(b), féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, aon ghníomhaíocht dá dtagraítear sa mhír sin a údarú tar éis dóibh a chinneadh, i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 1aa(3), go bhfuil gá leis an ngníomhaíocht sin chun oibriú tionscadail gáis domhainfharraige amach ón gcósta sa Mheánmhuir a áirithiú go raibh duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn X ina scairshealbhóir mionlaigh ann roimh an 31 Deireadh Fómhair 2017 agus ina bhfuil an duine dlítheanach, an t-eintiteas nó an comhlacht sin ina scairshealbhóir mionlaigh ann fós, ar choinníoll go bhfuil an tionscadal á rialú nó á oibriú go hiomlán nó go comhpháirteach ag duine dlítheanach atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit;’ (14) in Airteagal 4d, scriostar míreanna 5, 5a, 5b agus 5c;

▼ M32

- 4. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 3 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.
- 5. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 2 maidir le gníomhaíochtaí mianadóireachta agus cairéalachta a dtagann a luach is airde ó ábhair áirithe a tháirgeadh, nó a bhfuil sé mar phríomhchuspóir acu ábhair áirithe a tháirgeadh. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na míreanna ábhartha atá le cumhdach leis an mír seo a chinneadh.

▼ M20*Airteagal 4b*

- 1. Beidh toirmeasc ar mhaoiniú poiblí nó ar chúnamh airgeadais a sholáthar le haghaidh trádáil leis an Rúis nó le haghaidh infheistíocht sa Rúis.
- 2. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le:
 - (a) gealltanais cheangailteacha i dtaca le maoiniú nó cúnamh airgeadais arna mbunú roimh an 26 Feabhra 2022;

▼ M24

- (b) maoiniú poiblí nó cúnamh airgeadais a sholáthar dar luach suas le EUR 10 000 000 ina iomláine in aghaidh an tionscadail, ar maoiniú nó cúnamh é a théann chun tairbhe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide atá bunaithe san Aontas; nó

▼ M20

- (c) maoiniú poiblí nó cúnamh airgeadais a sholáthar le haghaidh trádáil bia agus chun críoch talmhaíochta, leighis nó daonnúil.

▼ M22

3. Beidh toirmeasc ar infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail arna gcómhaoiniú ag Ciste Infheistíochta Dírí na Rúise, ar bheith páirteach iontu nó ar rannchuidiú leo ar bhealach eile.

4. De mhaolú ar mhír 3, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi choinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, rannpháirtíocht infheistíochta i dtionscadail arna gcómhaoiniú ag Ciste Infheistíochta Dírí na Rúise a údarú, nó ranníocaíocht le tionscadail den sórt sin a údarú, tar éis do na húdaráis sin a chinneadh go bhfuil rannpháirtíocht infheistíochta nó ranníocaíocht den sórt sin dlite faoi chonarthaí a tugadh i gcrích roimh an 2 Márta 2022 nó faoi chonarthaí coimhdeacha atá riachtanach chun conarthaí den sórt sin a fhorghníomhú.

▼ M20*Airteagal 4c***▼ M26**

1. Earraí agus teicneolaíocht atá oiriúnach lena n-úsáid chun ola a scogadh agus gás nádúrtha a leachtú, beidh toirmeasc ar a ndíol, a soláthar, a n-aistriú nó a n-onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, cibé acu de thionscnamh an Aontais iad nó nach ea, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, le heintiteas nó le comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.

▼ M20

2. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

- (a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar, agus ar sholáthar, monaraíocht agus cothabháil na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis;
- (b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, a sholáthar go díreach nó go hindíreach d'aon duine, d'eintiteas nó do chomhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis;

▼ M36

(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d'aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhithin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.

▼ M20

3. Na toirmisc i míreanna 1 agus 2, beidh siad gan dochar don chur i gcrích, go dtí an 27 Bealtaine 2022 conarthaí arna dtabhairt i gcrích roimh an 26 Feabhra 2022, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a chur i gcrích.

4. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát údarú a thabhairt, faoi cibé coinníollacha is iomchuí leo, na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú nó cúnamh teicniúil gaolmhar nó cúnamh airgeadais gaolmhar a sholáthar, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh ábhartha teicniúil nó an cúnamh ábhartha airgeadais sin riachtanach chun teagmhas a chosc nó a mhaolú ar teagmhas é ar dhócha dó tionchar tromchúiseach agus suntasach a imirt ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol.

▼ M20

I gcásanna éigeandála a mbeidh údar cuí leo, féadfar an díol, an soláthar, an t-aistriú nó an t-onnmhairiú a dhéanamh gan réamhúdarú, ar choinníoll go dtabharfaidh an t-onnmhaireoir fógra don údarás inniúil laistigh de chúig lá oibre ó lá an díola, an tsoláthair, an aistriithe nó an onnmhairithe, agus go mbeidh leis an bhfógra sin mionsonra faoin údar cuí a bhí leis an díol, leis an soláthar, leis an aistriú nó leis an onnmhairiú a rinneadh gan réamhúdarú.

▼ M28

4a Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin mír seo laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

▼ M20

5. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na míreanna ábhartha atá le cumhdach san Airteagal seo a chinneadh.

*Airteagal 4d***▼ M26**

1. Earraí agus teicneolaíocht atá oiriúnach lena n-úsáid don tionscal eitlíochta nó don tionscal spáis, mar aon le scairdbhreosla agus breiseáin breosla, beidh toirmeasc ar a ndíol, a soláthar, a n-aistriú nó a n-onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, cibé acu de thionscnamh an Aontais iad nó nach ea, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, le heintiteas nó le comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.

▼ M36

1a. Toirmiscfear earraí agus teicneolaíocht a bheidh oiriúnach lena n-úsáid san eitlíocht nó i dtionscal an spáis, agus scairdbhreosla agus breiseáin bhreosla, a onnmhairítear ón Aontas, a idirthuras trí chríoch na Rúise.

▼ M20

2. Beidh toirmeasc ar árachas agus atharachas a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, i ndáil leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1, d'aon duine, d'aon eintiteas nó d'aon chomhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.

3. Toirmeascfar aon cheann nó aon chumasc de na gníomhaíochtaí seo a leanas a sholáthar: ollchóiriú, deisiú, iniúchadh, athionadú, modhnú nó ceartú lochta a dhéanamh ar aerárthach nó ar chomhpháirt, cé is moite d'iniúchadh réamheiltite, a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'eintiteas nó do chomhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.

4. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

- (a) cúnadh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar, agus ar sholáthar, monaraíocht agus cothabháil na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis;

▼ M20

- (b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, a sholáthar go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'eintiteas nó do chomhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis;

▼ M36

- (c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d'aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.

▼ M38**▼ M26**

6. De mhaolú ar mhír 1 agus ar mhír 4, féadfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta údarú a thabhairt, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, go bhforghníomhófar léas airgeadais aerárthaigh a tugadh i gcrích roimh an 26 Feabhra 2022 tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:

- (a) go bhfuil géarghá le haisíocaíochtaí léasa le duine dlítheanach, le heintiteas nó le comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit nach dtagann faoi aon cheann de na bearta sriantacha dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a áirithiú; agus
- (b) nach gcuirfear aon acmhainn eacnamaíoch ar fáil don chontrapháirtí Rúiseach, cé is moite d'úinéireacht an aerárthaigh a aistriú tar éis an léas airgeadais a aisíoc ina iomláine.

▼ M30

6a. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 4, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú earraí a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, nó cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a údarú, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil sé sin riachtanach chun earraí tíotáiniam atá ag teastáil sa tionscal aerloingseoireachta a tháirgeadh, agus nach bhfuil aon soláthar malartach ar fáil ina leith.

▼ M32

6b. De mhaolú ar mhír 4, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, soláthar cúnaimh theicniúil a bhaineann le húsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1 a údarú, tar éis dóibh a chinneadh gur gá an cúnamh teicniúil sin a sholáthar chun imbhuailidh idir satailítí, nó a n-athiontráil neamhbheartaithe san atmaisféar, a sheachaint.

▼ M32

6c. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 4, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí a thagann faoi chóid AC 8517 71 00, 8517 79 00 agus 9026 00 00 a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh 833/2014, nó cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais, a údarú, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis chun críoch leighis nó cógaisíochta, nó chun críoch daonnúil, mar shampla cúnamh a sholáthar nó an soláthar sin a éascú, lena n-áirítear soláthairtí leighis, bia, nó aistriú oibríthe daonnúla agus an cúnamh gaolmhar, nó le haghaidh aslonnaithe.

Agus cinneadh á dhéanamh maidir le hiarrataí ar údaruithe chun críoch leighis, cógaisíochta nó daonnúil i gcomhréir leis an mír seo, ní dheonóidh na húdaráis inniúla údarú le haghaidh onnmhairí d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis, ná le húsáid sa Rúis, má tá forais réasúnacha acu chun a chreidiúint go bhféadfadh úsáid deiridh mhíleata a bheith ag na hearraí.

▼ M36

6d. De mhaolú ar mhír 1a den Airteagal seo, féadfaidh na húdaráis inniúla idirthuras earraí agus teicneolaíocht a bheidh oiriúnach lena n-úsáid san eitlíocht nó i dtionscal an spáis, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, agus idirthuras scairdbhreoslaí agus breiseán breosla mar a liostaítear in Iarscríbhinn XX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin beartaithe chun na gcríoch a leagtar amach i míreanna 6a, 6b agus 6c den Airteagal seo a údarú trí chríoch na Rúise.

6e. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh na húdaráis inniúla díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn XI de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a údarú, má tá sé beartaithe na hearraí a úsáid go heisiach agus faoi rialú iomlán an Bhallstáit a údaraíonn iad agus chun a oibleagáidí cothabhála a chomhlíonadh i limistéir atá faoi chomhaontú léasa fhadtéarmaigh idir an Ballstát sin agus Cónaidhm na Rúise.

▼ M44

6f. De mhaolú ar mhíreanna 1, 2 agus 4, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, maidir le hallmhairiú nó aistriú na n-earraí a thagann faoi chóid AC 9026 00 00, mar a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, atá lonnaithe go fisiciúil san Aontas an 25 Meitheamh 2024 a údarú chun críche cothabhála nó deisiúcháin, nó maidir le cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile, árachas nó athárachas, nó maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil géarghá leis sin i bhfeidhmiú Thionscadal Sakhalin-2 (Сахалин-2) chun slándáil fuinnimh na Seapáine a áirithiú.

▼ M26

7. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin Airteagal seo laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

8. Beidh an toirmeasc i mír 1 gan dochar d'Airteagal 3(4)(b) agus 3a (4)(b).

▼ M28

8a. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 4, pointe (a) maidir le malartú faisnéise arb é is aidhm dó caighdeáin theicniúla a bhunú faoi chuimsiú na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta maidir le hearraí agus teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1.

▼ **M26**

9. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na míreanna ábhartha atá le cumhdach leis an Airteagal seo a chinneadh.

▼ **M21***Airteagal 4e*▼ **M44**

1. Diúltóidh na Ballstáit, i gcomhréir lena rialacha agus lena ndlíthe náisiúnta agus i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, go háirithe comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha maidir le heitlíocht shibhialta, d'aon aerárthach atá á oibriú ag aeriompróirí Rúiseacha, lena n-áirítear ina gcáil mar iompróir margaíochta trí shocruithe roinnte cóid nó trí shocruithe suíochán blocáilte, nó le haghaidh aon aerárthach atá cláraithe sa Rúis, agus le haghaidh aon aerárthach nach bhfuil cláraithe sa Rúis atá faoi úinéireacht aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht Rúiseach, nó atá cairtfhostaithe aige, tuirlingt i gcríoch an Aontais, éirí de thalamh uaithi nó eitilt thairsti. Beidh feidhm ag an toirmeasc sa mhír seo freisin maidir le haon aerárthach eile a úsáidtear le haghaidh eitilt neamhsceidealaithe agus agus a bhfuil duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht Rúiseach in ann áit nó am a éirí de thalamh nó a thuirlingthe a chinneadh go héifeachtach ina leith. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc sa mhír seo maidir le haerárthaí ag a bhfuil spás uasta suí ceathrair agus ag a bhfuil uasmhais éirí de thalamh nach mó ná 2000 kg nuair a úsáidtear iad le haghaidh eitiltí príobháideacha, neamh-chorparáideacha a dhéantar laistigh de chríoch agus d'aerspás an Aontais chun críoch áineasa nó chun críche oiliúna le haghaidh ceadúnais do pháilótaí príobháideacha agus rátálacha gaolmhara le soláthraithe oiliúna de chuid an Aontais.

1a. Gan dochar do mhír 5, soláthróidh oibreoirí aerárthaigh an méid seo a leanas, le haghaidh eitiltí neamhsceidealaithe, an fhaisnéis is gá chun a fhíorú go gcomhlíontar mír 1, lena n-áirítear i measc faisnéis:

- (a) faisnéis inchreidte shásúil maidir le húnéir tairbhíúil iarbhír an aerárthaigh agus, i gcás inarb infheidhme, an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, an eintitis nó an chomhlachta a dhéanann an t-aerárthach a chairtfhostú ar deireadh: agus
- (b) dearbhú ginearálta, liosta paisinéirí agus doiciméid oifigiúla eile ina dtaispeántar aimneacha iomlána, dátaí breithe, áiteanna breithe agus náisiúntachtaí na bpaisinéirí uile agus na mball criú, i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ann chun bheith in amhras go ndeachthas timpeall ar an toirmeasc i mír 1, ar bhonn tosca amhail ródúchán agus áit tionscnaimh na heitilte, nó faisnéis faoin oibreoir ábhartha.

Cuirfear an fhaisnéis ar fáil arna iarraidh sin d'údarais inniúla an Bhallstáit imeachta, an Bhallstáit cinn scríbe nó an Bhallstáit a n-eitlítear thairis.

Soláthrófar an fhaisnéis roimh thuirlingt i gcríoch an Aontais, roimh éirí de thalamh uaithi nó roimh eitilt thairsti, laistigh de sprioc-am arna leagan síos ag údarais inniúil an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann.

▼ **M21**

2. Ní bheidh feidhm ag Mír 1 i gcás tuirlingthe éigeandála nó traseitilte éigeandála.

3. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdarais inniúla údarú d'aerárthach tuirlingt i gcríoch an Aontais, éirí de thalamh uaithi nó eitilt thairsti más rud é go gcinneann na húdarais inniúla gur gá an tuirlingt, an t-éirí den talamh nó an eitilt thairsti sin chun críoch daonnúil nó chun críoch ar bith eile is comhchuí le cuspóirí an Chinnidh seo.

▼ M21

4. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 3 laistigh de dhá sheachtain ón údarú.

▼ M36

5. Déanfaidh oibreoírí aerárthaí eitiltí neamhsceidealaithe idir an Rúis agus an tAontas, a oibrítear go díreach nó trí thríú tír, gach faisnéis ábhartha a bhaineann leis an eitilt a chur in iúl d'údaráis inniúla an Bhallstáit imeachta nó an Bhallstáit cinn scríbe sula n-oibreoidh siad, agus 48 n-uair an chloig roimh ré ar a laghad.

▼ M35

6. Ar eitilt ar tugadh fógra ina leith i gcomhréir le mír 5 a dhiúltú, cuirfidh na Ballstáit lena mbaineann na Ballstáit eile, an Bainisteoir Líonra agus an Coimisiún ar an eolas fúthu láithreach bonn.

▼ M21*Airteagal 4f*▼ M25

1. An Bainisteoir Líonra le haghaidh feidhmeanna líonra bainistíochta aerthráchta an aerispáis Eorpaigh aonair, tacóidh sé leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit maidir le cur chun feidhme agus comhlíonadh Airteagal 4e a áirithiú. Diúltóidh an Bainisteoir Líonra, go háirithe, do na pleananna eitilte uile arna gcomhdú ag oibreoírí aerárthaí, ar pleananna iad ina bhfuil sé léirithe go bhfuil sé beartaithe gníomhaíochtaí a dhéanamh thar chríoch an Aontais, arb ionann iad agus sárú ar fhorálacha an Chinnidh seo, sa chaoi nach gceadaítear don pháilóta eitilt.

▼ M21

2. Déanfaidh an Bainisteoir Líonra tuarascálacha a chur ar fáil go rialta don Choimisiún agus do na Ballstáit tuarascálacha, bunaithe ar anailís ar pheleananna eitilte, ar chur chun feidhme Airteagal 4e.

▼ M23*Airteagal 4g*

1. Toirmeascfar d'oibrítheoirí aon inneachar ó na daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn IX a chraoladh, nó craoladh a chumasú, a éascú nó rannchuidiú leis an gcaoladh ar bhealach eile, lena n-áirítear trí tharchur nó trí dháileadh ar aon bhealach amhail cábla, satailít, teilifís trí Phrótacal Idirlín (IP-TV), soláthraithe seirbhísí idirlín, ardáin nó feidhmchláir comhroinnte fiseán idirlín, bíodh siad nua nó réamhshuiteáilte.

2. Cuirfear aon cheadúnas nó údarú craolacháin, agus aon shocrú tarchurtha agus dáileacháin, leis na daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn IX ar fionraí.

▼ M27

3. Cuirfear toirmeasc ar fhógraíocht a dhéanamh ar tháirgí nó ar sheirbhísí in aon ábhar arna léiriú nó arna chraoladh ag na daoine dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn IX, lena n-áirítear trí tharchur nó trí dháileadh ar aon mhodh dá dtagraítear i mír 1.

▼ **M24***Airteagal 4h*

1. Beidh toirmeasc ar earraí agus ar theicneolaíocht loingseoireachta muirí a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, bíodh na hearraí agus an teicneolaíocht sin de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis, lena n-úsáid sa Rúis nó lena gcur ar bord soithigh faoi bhratach na Rúise.
2. Toirmeascfar an méid seo a leanas:
 - (a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1, agus a bhaineann le soláthar, monaraíocht agus cothabháil na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis;
 - (b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'eintiteas nó do chomhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis;

▼ **M36**

- (c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d'aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhithin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.

▼ **M24**

3. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú ná a onnmhairiú, ná leis an gcúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, atá beartaithe chun críoch daonnúil, éigeandálaí sláinte, chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, teagmhais ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha.
4. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt earraí agus teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, tar éis do na húdaráis sin a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann beartaithe le haghaidh na sábháilteachta muirí.

▼ **M28**

- 4a. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 4 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

▼ **M24**

5. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na míreanna ábhartha atá le cumhdach leis an Airteagal seo a chinneadh.

▼ **M26***Airteagal 4ha*▼ **M44**

1. Beidh toirmeasc ar rochtain a sholáthar, tar éis an 16 Aibreán 2022, ar chalafoirt agus, tar éis an 29 Iúil 2022, ar loic i gcríoch an Aontais, ar aon soitheach atá cláraithe faoi bhratach na Rúise, agus ar rochtain na soithí sin ar chalafoirt agus ar loic, cé is moite de rochtain ar loic chun críoch an Aontais a fhágáil.

▼ M30

1a. Beidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 freisin, tar éis an 8 Aibreán 2023, maidir le haon soitheach atá deimhnithe ag Clár Loingseoireachta Muirí na Rúise.

▼ M26

2. Beidh feidhm ag mír 1 maidir le soithí a d'athraigh a mbratach Rúiseach nó a gclárú, go bhratach nó go clár aon Stáit eile tar éis an 24 Feabhra 2022.

▼ M30

3. Chun críocha an Airteagail seo, cé is moite de mhír 1a, ciallaíonn soitheach:

▼ M44

(a) long a thagann faoi raon feidhme na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta ábhartha, lena n-áirítear macasamhla long stairiúil;

▼ M26

(b) luamh 15 mhéadar nó níos mó ar fad, nach n-iompraíonn lasta agus nach n-iompraíonn níos mó ná 12 phaisinéir; nó

(c) árthaí áineasa nó árthaí uisce pearsanta mar a shainítear iad i dTreoir 2013/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾.

▼ M30

4. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 ná 1a i gcás soitheach a bhfuil cúnaimh de dhíth air agus é ag lorg áit dídine, ná cuaird éigeandála ar chalafort de dhíth air ar chúiseanna sábháilteachta muirí, nó chun duine a shábháil ar muir.

5. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 1a, féadfaidh na húdaráis inniúla soitheach a údarú chun rochtain a fháil ar chalafort nó loc faoi na coinníollacha sin a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis an rochtain:

▼ M27

(a) mura dtoirmisctear sin faoi Airteagal 4o nó 4p, gás nádúrtha agus ola, lena n-áirítear táirgí peitríliam scagtha, tíotáiniam, alúmanam, copar, nicil, pallaidiam agus amhiarainn, chomh maith le táirgí ceimiceacha agus iarainn áirithe a cheannach, a allmhairiú nó a iompar isteach san Aontas;

▼ M26

(b) chun táirgí cógaisíochta, míochaine, talmhaíochta agus bia, lena n-áirítear cruithneacht agus leasacháin a gceadaítear a n-allmhairiú, a gceannach agus a n-iompar faoin gCinneadh seo, a cheannach, a allmhairiú nó a iompar;

(c) chun críoch daonnúil; nó

▼ M44

(d) chun breosla núicléach agus earraí eile a bhfuil géarghá leo d'fheidhmiú cumas núicléach sibhialta a iompar.

▼ M36**▼ M28**

5a. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh na húdaráis inniúla soithí a d'athraigh a mbratach Rúiseach nó a gclárú, go bratach nó go clár aon Stáit eile roimh an 16 Aibreán 2022, a údarú rochtain a fháil ar chalafort nó ar loc, faoi na coinníollacha sin a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh:

(a) gur ceanglaíodh de réir conartha bratach Rúiseach nó clárú; agus

(b) go bhfuil gá leis an rochtain chun earraí a dhíluchtú atá fíor-riachtanach chun tionscadail fuinnimh inathnuaite a thabhairt chun críche san Aontas, ar choinníoll nach gcuirtear toirmeasc ar shlí eile faoin Rialachán seo ar allmhairiú na n-earraí sin

⁽¹⁾ Treoir 2013/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le hárthaí áineasa agus báid phearsanta agus lena n-aisghairtear Treoir 94/25/CE (IO L 354, 28.12.2013, lch. 90).

▼ M30

5b. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, rochtain ar chalafort nó ar loc a údarú do shoitheach, ar choinníoll go gcomhlíonfar an méid seo a leanas:

- (a) a bhfuil bratach Chónaidhm na Rúise ar foluain aige faoi chlárú cairtfhostaithe a cuireadh i gcrích ar dtús roimh an 24 Feabhra 2022,
- (b) a d'athghabh roimh an 31 Eanáir 2023 a cheart chun bratach chlárann fholuiteach Bhallstát an Aontais Eorpaigh a bheith ar foluain aige; agus
- (c) nach bhfuil faoi úinéireacht, cairtfhostaithe, á oibriú ná faoi rialú ar shlí eile ag náisiúnach Rúiseach ná ag aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Chónaidhm na Rúise.

▼ M44

5c. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh na húdaráis inniúla soithí a d'athraigh a mbratach Rúiseach go bratach aon Stáit eile roimh an 16 Aibreán 2022, a údarú rochtain a fháil ar chalafort nó ar loc, faoi na coinníollacha sin a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh i ndáil leis an soitheach:

- (a) gur dearbhaíodh é a bheith tréigthe faoi dhlí Ballstáit roimh an 24 Feabhra 2022;
- (b) gur chuir na húdaráis inniúla náisiúnta de chuid Ballstáit faoi réir díol éigeantach é roimh an 24 Feabhra 2022; agus
- (c) go raibh sé lonnaithe go fisiciúil i gcríoch Bhallstáit tráth an díola éigeantaigh.

6. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhíreanna 5, 5a, 5b agus 5c laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

▼ M26

7. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na míreanna ábhartha atá le cumhdach leis an Airteagal seo a chinneadh.

▼ M36*Airteagal 4hb*

1. Cuirfear toirmeasc, ón 24 Iúil 2023 ar rochtain a thabhairt ar chalafóirt agus ar loic i gcríoch an Aontais, d'aon soitheach a dhéanann aistriú ó long go long, tráth ar bith le linn an turais go calafóirt nó go loic Ballstáit, i gcás ina bhfuil cúis réasúnach ag an údaráis inniúil amhras a bheith air go bhfuil na toirmisc a leagtar amach in Airteagal 4o (1) agus (2) agus in Airteagal 4p (1) agus (4) á shárú ag an soitheach.

2. Ní dheonóidh údarás inniúil rochtain mura dtabharfaidh an soitheach fógra don údarás inniúil 48 n-uair an chloig ar a laghad roimh ré maidir le haistriú ó long go long a tharlóidh laistigh de Limistéar Eacnamaíoch Eisiach Ballstáit nó laistigh de 12 mhuirmhíle ó bhonnlíne chósta an Bhallstáit sin.

3. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 i gcás soitheach a bhfuil cúnaimh de dhíth air agus é ag lorg áit dídine, ná cuaird éigeandála ar chalafort de dhíth air ar chúiseanna sábháilteachta muirí, nó chun duine a shábháil ar muir.

4. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla soitheach a údarú chun rochtain a fháil ar chalafort nó loc i gcríoch an Aontais, faoi na coinníollacha sin a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis an rochtain sin chun críoch daonnúil.

▼ **M36**

5. Ar dhiúltú do ghlao ar rochtain ar chalafóirt i gcomhréir le míreanna 1 agus 2, cuirfidh na húdaráis inniúla lena mbaineann údaráis inniúla eile na mBallstát ar an eolas láithreach bonn. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas gan mhoill.

6. Chun críocha mhíreanna 1 agus 2, úsáidfidh na húdaráis inniúla, sa bhreis ar aon chóras náisiúnta agus aon fhaisnéis náisiúnta, an fhaisnéis mhuirí chomhtháite atá ar fáil i gCóras an Aontais um Malartú Faisnéise Muirí (SafeSeaNet) a bunaíodh i gcomhréir le Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾.

Airteagal 4hc

1. Cuirfear toirmeasc ón 24 Iúil 2023 ar rochtain a thabhairt ar chalafóirt agus ar loic i gcríoch an Aontais, d'aon soitheach a bhfuil cúis réasúnach ag an údarás inniúil amhras a bheith air go bhfuil sé ag cur isteach go neamhdhleathach ar a chóras aitheantais uathoibríoch ar bord loinge, nó go ndearna sé an córas sin a mhúchadh nó a dhíchumasú ar bhealach eile, tráth ar bith le linn an turais go calafóirt nó go loic Ballstáit, de shárú ar Rialachán SOLAS V/19, pointe 2.4, agus táirgí amhola nó peitríliam á n-iompar faoi réir na dtoirmeasc a leagtar amach in Airteagal 4o(1) agus (2) agus in Airteagal 4p(1) agus (4).

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 i gcás soitheach a bhfuil cúnaimh de dhíth air agus é ag lorg áit dídine, i gcás ina bhfuil cuaird ar chalafort éigeandála aige ar chúiseanna sábháilteachta muirí, nó chun duine a shábháil ar muir.

3. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla soitheach a údarú chun rochtain a fháil ar chalafort nó loc i gcríoch an Aontais, faoi na coinníollacha sin a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis an rochtain sin chun críoch daonnúil.

4. Ar dhiúltú do ghlao ar rochtain ar chalafóirt i gcomhréir le mír 1, cuirfidh na húdaráis inniúla lena mbaineann údaráis inniúla eile na mBallstát eile ar an eolas láithreach bonn. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile, agus an Coimisiún ar an eolas gan mhoill.

5. Chun críocha mhír 1, úsáidfidh na húdaráis inniúla, sa bhreis ar aon chóras náisiúnta agus aon fhaisnéis náisiúnta, an fhaisnéis mhuirí chomhtháite atá ar fáil i gCóras an Aontais um Malartú Faisnéise Muirí (SafeSeaNet) a bunaíodh i gcomhréir le Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

▼ **M25***Airteagal 4i*

1. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) táirgí iarainn agus cruach a allmhairiú, go díreach nó go hindíreach, isteach san Aontas más rud é:

(i) gur de thionscnamh na Rúise iad; nó

(ii) gur onnmhairíodh ón Rúis iad;

⁽¹⁾ Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear córas faireacháin agus faisnéise um thrácht soithí de chuid an Chomhphobail agus lena n-aisghairtear Treoir 93/75/CEE ón gComhairle (IO L 208, 5.8.2002, lch. 10).

▼ M25

- (b) táirgí iarainn agus cruach, atá suite sa Rúis nó ar de thionscnamh na Rúise iad, a cheannach, go díreach nó go hindíreach;
- (c) táirgí iarainn agus cruach a iompar más de thionscnamh na Rúise iad nó má tá siad á n-onnmhairiú ón Rúis go dtí aon tír eile;

▼ M38

- (d) táirgí iarainn agus cruach mar a liostaítear in Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a allmhairiú nó a cheannach, ón 30 Meán Fómhair 2023, go díreach nó go hindíreach, nuair a phróiseáiltear iad i dtríú tír ina n-ionchorpraítear táirgí iarainn agus cruach de thionscnamh na Rúise mar a liostaítear in Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014; maidir le táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 883/2014 a phróiseáiltear i dtríú tír ina n-ionchorpraítear táirgí cruach de thionscnamh na Rúise dar cóid AC 7207 11, 7207 12 10 nó 7224 90, beidh feidhm ag an toirmeasc seo ón 1 Aibreán 2024 i gcás chód AC 7207 11 agus ón 1 Deireadh Fómhair 2028 i gcás chód AC 7207 12 10 agus 7224 90;

‘Chun críocha chur i bhfeidhm an phointe seo, tráth an allmhairithe, cuirfidh allmhairteoirí fianaise ar fáil maidir le tír thionscnaimh na n-ionchur iarainn agus cruach a úsáideadh chun an táirge a phróiseáil i dtríú tír mura ndéantar an táirge a allmhairiú ó thír chomhpháirtíochta chun iarann agus cruach a allmhairiú mar a liostaítear in Iarscríbhinn XV;

▼ M30

- (e) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear díorthaigh airgeadais, mar aon le hárachas agus athárachas, a bhaineann leis na toirmisc i bpointí (a), (b), (c) agus (d).

▼ M25

Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na míreanna ábhartha atá le cumhdach leis an mír sin a chinneadh.

▼ M36**▼ M30**

4. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i bpointí (a), (b), (c) agus (e) de mhír 1 maidir le hallmhairiú, ceannach nó iompar, nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann, na gcainníochtaí earraí seo a leanas a thagann faoi chód AC 7207 12 10:

- (a) 3 747 905 thona mhéadracha idir an 7 Deireadh Fómhair 2022 agus an 30 Meán Fómhair 2023;
- (b) 3 747 905 thona mhéadracha idir an 1 Deireadh Fómhair 2023 agus an 30 Meán Fómhair 2024;

▼ M38

- (c) 3 185 719 tona méadrach idir an 1 Deireadh Fómhair 2024 agus an 30 Meán Fómhair 2025;
- (d) 2 998 324 tona méadrach idir an 1 Deireadh Fómhair 2025 agus an 30 Meán Fómhair 2026;
- (e) 2 623 534 thona mhéadracha idir an 1 Deireadh Fómhair 2026 agus an 30 Meán Fómhair 2027;
- (f) 2 061 348 dtona mhéadracha idir an 1 Deireadh Fómhair 2027 agus an 30 Meán Fómhair 2028.

▼ M30

5. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i mír 1 maidir le hallmhairiú, ceannach nó iompar, nó cúnamh teicniúil nó airgeadais lena mbaineann, na gcainníochtaí earraí seo a leanas a thagann faoi chód AC 7207 11:

- (a) 487 202 thona mhéadracha idir an 7 Deireadh Fómhair 2022 agus an 30 Meán Fómhair 2023;
- (b) 85 260 tona méadrach idir an 1 Deireadh Fómhair 2023 agus an 31 Nollaig 2023;
- (c) 48 720 tona méadrach idir an 1 Eanáir 2024 agus an 31 Márta 2024.

▼ M32

5a. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i mír 1 maidir le hallmhairiú, ceannach nó iompar, ná cúnamh teicniúil nó airgeadais lena mbaineann, na gcainníochtaí seo a leanas de na hearraí a thagann faoi chód AC 7224 90:

- (a) 147 007 tona méadrach idir an 17 Nollaig 2022 agus an 31 Nollaig 2023;
- (b) 110 255 tona méadrach idir an 1 Eanáir 2024 agus an 30 Meán Fómhair 2024;

▼ M38

- (c) 124 956 tona méadrach idir an 1 Deireadh Fómhair 2024 agus an 30 Meán Fómhair 2025;
- (d) 117 606 tona méadrach idir an 1 Deireadh Fómhair 2025 agus an 30 Meán Fómhair 2026;
- (e) 102 905 thona mhéadracha idir an 1 Deireadh Fómhair 2026 agus an 30 Meán Fómhair 2027;
- (f) 80 854 thona mhéadracha idir an 1 Deireadh Fómhair 2027 agus an 30 Meán Fómhair 2028.

▼ M32

6. Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit na cuótaí méid allmhairí a leagtar amach i míreanna 4, 5 agus 5ú a bhainistiú i gcomhréir leis an gcóras bainistíochta le haghaidh cuótaí rátaí taraife dá bhforáiltear in Airteagail 49 go 54 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ⁽¹⁾.

▼ M44

7. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla ceannach, allmhairiú nó aistriú na n-earraí a liostaítear in Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh gur gá sin do bhunú, d'oibriú, do chothabháil, do sholáthar breosla agus d'ath-chóireáil agus do shábháilteacht cumas núicléach sibhialta, agus leanúint den dearadh, den tógáil agus den choimisiúnú is gá chun saoráidí sibhialta núicléacha a chríochnú, soláthar ábhair réamh-theachtaigh chun raidiseatóip leighis agus feidhmeanna leighis comhchosúla atháirgeadh, nó teicneolaíocht chriticiúil chun faireachán a dhéanamh ar radaíocht chomhshaoil, chomh maith le comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha.

▼ M30

8. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhír 7 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.;

⁽¹⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).

▼ **M25***Airteagal 4j*▼ **M38**

1. Cuirfear toirmeasc ar shó-earraí a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, bíodh siad de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis, nó lena n-úsáid sa Rúis.

▼ **M36**

2. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

- (a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i mír 1, agus a bhaineann le soláthar, monaraíocht agus cothabháil na n-earraí sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis;
- (b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i mír 1 chun na hearraí sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, a sholáthar go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis;
- (c) cearta maoiníntleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d'aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhithin cearta maoiníntleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.

2a. Na toirmisc dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, beidh feidhm acu maidir le só-earraí a mhéid gur mó a luach ná EUR 300 in aghaidh na hítíme mura sonraítear a mhalairt.

▼ **M25**

3. An toirmeasc dá dtagraítear i mír 1, ní bheidh feidhm aige maidir le hearraí is gá le haghaidh chríocha oifigiúla na misean taidhleoirachta nó consalach ag na Ballstáit nó ag tíortha comhpháirtíochta sa Rúis ná ag eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil díolúintí acu i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, ná maidir le hearraí pearsanta a bhfoirne.

▼ **M28**

3a. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le só-earraí le haghaidh úsáid phearsanta ag daoine nádúrtha atá ag taisteal ón Aontas Eorpach nó ag baill dá neasteaghlaigh atá ag taisteal leo, atá faoi úinéireacht na ndaoine aonair sin agus nach bhfuil ceaptha le díol.

▼ **M26**

4. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla aistriú nó onnmhairiú earraí cultúrtha atá ar iasacht chuig an Rúis a údarú i gcomhthéacs comhar cultúrtha foirmiúil leis an Rúis.

▼ **M36**

4a. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla díol nó soláthar soithigh a thagann faoi réim chód AC 8901 10 00 nó 8901 90 00, nó soláthar, go dtí 31 Nollaig 2023, cúnaimh theicniúil nó airgeadais ghaolmhair a údarú do dhuine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena úsáid sa Rúis, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:

- (a) sa Rúis atá an soitheach lonnaithe go fisiciúil an 24 Meitheamh 2023 agus is lena úsáid sa Rúis atá sé;

▼ M36

- (b) bhí bratach Chónaidhm na Rúise ar foluain ag an soitheach faoi chlárú cairtfhostaithe a cuireadh i gcrích ar dtús roimh an 24 Feabhra 2022;
- (c) ní úsáideoir deiridh míleata é an duine dlítheanach, an t-eintiteas nó an comhlacht sa Rúis agus ní úsáidfidh sé an soitheach chun críche míleata;
- (d) ní chun tairbhe duine, eintitis, ná comhlacht a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES nó atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear sa Chinneadh seo an díol nó an soláthar.

5. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhíreanna 4 agus 2 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

▼ M26

- 6. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na míreanna ábhartha atá le cumhdach leis an Airteagal seo a chinneadh.

Airteagal 4k

1. Earraí a ghineann ioncam suntasach don Rúis agus ar an gcaoi sin lena gcumasaítear a gníomhaíochtaí chun staid na hÚcráine a dhíchobhsú, beidh toirmeasc ar na hearraí sin a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach isteach san Aontas, más sa Rúis a thionscnaítear iad nó más ón Rúis a onnmhairíodh iad.

2. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

- (a) cúnaimh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1, agus a bhaineann le soláthar, monaraíocht, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach, i ndáil leis an toirmeasc i mír 1;
- (b) maoiniú nó cúnaimh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a cheannach, a allmhairiú, nó a aistriú, nó chun cúnaimh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, i ndáil leis an toirmeasc i mír 1.

▼ M36**▼ M30**

3a. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le ceannacháin sa Rúis atá riachtanach d'fheidhmiú ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalacha an Aontais agus na mBallstát, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, nó le haghaidh úsáid phearsanta náisiúnaigh na mBallstát agus a ngarghaolta.

▼ M38

3aa. Féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit allmhairiú earraí a cheadú, ar earraí iad atá beartaithe le haghaidh úsáid phearsanta daoine nádúrtha atá ag taisteal chuig an Aontas nó ag baill dá neasteaghlaigh amháin, atá teoranta d'earraí pearsanta ar leis na daoine aonair sin iad agus ar léir nach bhfuil ceaptha lena ndíol.

▼ **M38**

3ab. Féadfaidh na húdaráis inniúla a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, go dtabharfar isteach san Aontas feithicil a thagann faoi chód AC 8703 agus nach bhfuil ceaptha lena díol agus atá faoi úinéireacht saoránaigh Ballstáit nó ball neas-teaghlaigh a bhfuil cónaí air sa Rúis agus atá ag tiomáint na feithicle isteach san Aontas le haghaidh úsáid pearsanta agus lena haghaidh sin amháin.

3ac. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le teacht isteach san Aontas mótarfeithiclí a thagann faoi chód AC 8703 ar choinníoll go bhfuil pláta cláraithe feithiclí taidhleoireachta acu agus go bhfuil siad riachtanach d'fheidhmiú uiríoll taidhleoireachta agus consalachta, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, nó eagraíochtaí idirnáisiúnta a thairbhíonn de dhíolúintí de réir an dlí idirnáisiúnta, nó le haghaidh úsaide pearsanta a bhfoirne agus a neas-teaghlaigh.

3ad. Ní choisfidh an toirmeasc i mír 1 feithiclí atá ar chríoch an Aontais cheana féin ar an 19 Nollaig 2023 ó bheith cláraithe i mBallstát.

▼ **M44**

3c. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla ceannach, allmhairiú nó aistriú na n-earraí a liostaítear in Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, nó soláthar cúnamh teicniúil agus airgeadais lena mbaineann a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh gur gá sin do bhunú d'oibriú, do chothabháil, do sholáthar breosla agus d'athchóireáil agus do shábháilteacht cumas núicléach sibhialta, agus leanúint den dearadh, den tógáil agus den choimisiúnú is gá chun saoráidí sibhialta núicléacha a chríochnú, soláthar ábhair réamhtheachtaigh chun raidiseatóip leighis agus feidhmeanna leighis comhchosúla a tháirgeadh, nó teicneolaíocht chriticiúil chun faireachán a dhéanamh ar radaíocht chomhshaoil, chomh maith le comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha.

▼ **M38**

3cb. 'I dtaca leis na hearraí a thagann faoi chóid AC 2711 12, 2711 13, 2711 14,, 2711 19 agus 7202, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis an bhforghníomhú go dtí an 20 Nollaig 2024 i gcás conarthaí a thabharfar i gcrích roimh an 19 Nollaig 2023, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

3cc. Maidir leis na hearraí a thagann faoi chód AC 7201, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir le hallmhairiú, ceannach nó iompar na gcainníochtaí seo a leanas d'earraí, ná maidir leis an gcúnamh teicniúil nó airgeadais lena mbaineann:

- (a) 1 140 000 tona mhéadrach idir an 19 Nollaig 2023 agus an 31 Nollaig 2024;
- (b) 700 000 tona mhéadrach idir an 1 Eanáir 2025 agus an 31 Nollaig 2025.

3cd. Maidir leis na hearraí a thagann faoi chód AC 7203, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir le hallmhairiú, ceannach nó iompar na gcainníochtaí seo a leanas d'earraí, ná maidir leis an gcúnamh teicniúil nó airgeadais lena mbaineann:

- (a) 1 140 836 tona mhéadrach idir an 19 Nollaig 2023 agus an 31 Nollaig 2024;
- (b) 651 906 tona méadrach idir an 1 Eanáir 2025 agus an 31 Nollaig 2025;

▼ M44

3ce De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, maidir le hallmhairiú nó aistriú earraí a bhí lonnaithe go fisiciúil sa Rúis sular tháinig an toirmeasc ábhartha i bhfeidhm i leith na n-earraí sin, ar earraí iad a thagann faoi chóid AC 8471, 8523, 8536 agus 9027, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXI, nó maidir le cúnamh gaolmhar teicniúil agus airgeadais a sholáthar, tar éis dóibh a chinneadh gur comhpháirteanna de chuid feistí leighis iad na hearraí sin agus gur tugadh isteach san Aontas iad chun comhpháirteanna lochtacha a chothabháil, a dheisiú nó a thabhairt ar ais.

3cf. I dtaca leis na hearraí a thagann faoi na cóid AC 28042910 agus 284540, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis an bhforghníomhú go dtí an 26 Meán Fómhair 2024 gcás conarthaí a thabharfar i gcrích roimh an 25 Meitheamh 2024, nó conarthaí coimhdeacha a bhfuil gá leo chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

▼ M36**▼ M35**

3da. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc a shonraítear i míreanna 1 agus 2 go dtí an 30 Meitheamh 2024 maidir leis na cainníochtaí seo a leanas a allmhairiú, a cheannach nó a iompar nó maidir leis an gcúnamh teicniúil ná airgeadais gaolmhar is gá chun iad a allmhairiú isteach san Aontas:

- (a) 752 475 thonna mhéadracha i gcás earraí a thagann faoi chód AC 2803;
- (b) 562 973 thonna mhéadracha i gcás earraí a thagann faoi chód AC 4002.

▼ M36

3e. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, féadfaidh na húdaráis inniúla ceannach, allmhairiú nó aistriú earraí a thagann faoi chóid AC 7007, 8479, 8481, 8487, 8504, 8517, 8525, 8531, 8536, 8537, 8538, 8542, 8543, 8603 mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, nó soláthar cúnaimh theicniúil agus airgeadais ghaolmhair a údarú, faoi na coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis sin chun gluaisteáin líne mheitreo 3 i mBúdaipeist, arna seachadadh in 2018, a oibriú, a chothabháil nó a dheisiú, agus ráthaíocht a thug Metrowagonmash roimh an 24 Meitheamh 2023 á forfheidhmiú.

▼ M26

4. Amhail ón 10 Iúil 2022, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir le hallmhairiú, ceannach nó iompar na nithe seo a leanas, is gá chun iad a allmhairiú isteach san Aontas, ná maidir le cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais a bhaineann leo:

- (a) 837 570 tona méadrach de chlóiríd photaisiam ina bhfuil AC 3104 20 idir an 10 Iúil de bhliain áirithe agus an 9 Iúil den bhliain dár gcionn;
- (b) 1 577 807 dtonna méadrach le chéile de na táirgí eile faoi AC 3105 20, 3105 60 agus 3105 90 idir an 10 Iúil de bhliain áirithe agus an 9 Iúil den bhliain dár gcionn.

▼ **M38**

5. Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit na cuótaí méideanna allmhairiúcháin a leagtar amach i míreanna 3cc, 3cd, 3da agus 4 den Airteagal seo a bhainistiú i gcomhréir leis an gcóras bainistíochta le haghaidh cuótaí rátaí taraife dá bhforáiltear in Airteagail 49 go 54 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún.

▼ **M44**

5a. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhíreanna 3ab, 3c agus 3e laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

▼ **M26**

6. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na míreanna ábhartha atá le cumhdach leis an Airteagal seo a chinneadh.

▼ **M36**▼ **M26***Airteagal 4m*▼ **M38**

1. Earraí lena bhféadfaí rannchuidiú le feabhsú acmhainneachtaí tionsclaíocha na Rúise go háirithe, bíodh siad de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, cuirfear toirmeasc ar iad a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.

1a. Earraí agus teicneolaíocht áirithe, agus a onnmhairítear ón Aontas, cuirfear toirmeasc ar a n-idirthuras trí chríoch na Rúise.

▼ **M26**

2. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

- (a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1, agus a bhaineann le soláthar, monaraíocht agus cothabháil na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis;
- (b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar maidir leis na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó maidir le cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis, nó lena n-úsáid sa Rúis;

▼ **M36**

- (c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d'aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.

▼ **M38**

▼ **M44**

▼ **M38**

3ab. Maidir le hearraí áirithe, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis an bhforghníomhú go dtí an 20 Meitheamh 2024 i gcás conarthaí a thabharfar i gcrích roimh an 19 Nollaig 2023, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

▼ **M41**

3ac. Maidir leis na hearraí a thagann faoi chóid AC 850410, 850421, 850422, 850423, 850431, 850440, 850450 agus 850490, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis an bhforghníomhú go dtí an 25 Bealtaine 2024 i gcás conarthaí a thabharfar i gcrích roimh an 24 Feabhra 2024, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

▼ **M44**

3ad. I dtaca le hearraí agus teicneolaíocht a liostaítear in Iarscribhinn XXIIC a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis an bhforghníomhú go dtí an 26 Meán Fómhair 2024 i gcás conarthaí a thabharfar i gcrích roimh an 25 Meitheamh 2024, nó conarthaí coimhdeacha a bhfuil gá leo chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

3ae. I dtaca leis na hearraí a thagann faoi chód AC 2602, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis an bhforghníomhú go dtí an 26 Iúil 2024 i gcás conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 25 Meitheamh 2024, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

3af. I dtaca leis na hearraí a thagann faoi chóid AC 8481 80 agus 8708 99, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis an bhforghníomhú go dtí an 26 Iúil 2024 i gcás conarthaí a thabharfar i gcrích roimh an 25 Meitheamh 2024, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

▼ **M38**

▼ **M36**

▼ **M26**

4. Na toirmisc i míreanna 1 agus 2, ní bheidh feidhm acu maidir le hearraí is gá chun críocha oifigiúla misin taidhleoireachta nó chon-salacha na mBallstát nó na dtíortha comhpháirtíochta sa Rúis nó chun críocha eagraíochtaí idirnáisiúnta a thairbhíonn de dhíolúintí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, nó maidir le héifeachtaí pearsanta a bhfoirne.

▼ **M44**

4a. Féadfaidh údarais inniúla na mBallstát, faoi na coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí a leanas a údarú, nó soláthar cúnaimh teicniúil nó airgeadais gaolmhar a údarú, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis na hearraí sin nó le cúnaimh teicniúil nó airgeadais gaolmhar a sholáthar le haghaidh úsáid phearsanta tí ag daoine nádúrtha sa Rúis:

- (a) earraí a thagann faoi chód AC 8417 20;
- (b) sconnaí, cocáí agus comhlaí a thagann faoi chód AC 8481 80 atá deartha le haghaidh córais phluiméireachta, téimh, aerála nó aerchóirithe;
- (c) feadáin chopair, píobáin chopair agus feistis do phíopaí chopair a thagann faoi chóid AC 7411 nó 7412 a bhfuil trastomhas inmheánach acu nach mó ná 50 mm.

▼ M44

4aa. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1, 1a agus 2 maidir leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú ná a onnmhairiú, ná maidir leis an gcúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, atá beartaithe le haghaidh éigeandálaí sláinte, chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, teagmhas ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach nach beag aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol, nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha.

▼ M36

4b. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí a thagann faoi chaibidlí AC 72, 84, 85, agus 90, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, nó cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a údarú, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil géarghá leis sin chun earraí tíotáiniam atá ag teastáil sa tionscal aerloingseoireachta a tháirgeadh, agus nach bhfuil aon soláthar malartach ar fáil ina leith.

▼ M38

4c. De mhaolú ar mhír 1a, féadfaidh na húdaráis inniúla idirthuras earraí agus teicneolaíochta áirithe a d'fhéadfadh rannchuidiú go háirithe le feabhsú acmhainneachtaí tionsclaíocha na Rúise a údarú trí chríoch na Rúise, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin beartaithe chun na gríoch a leagtar amach i míreanna 4b agus 5 den Airteagal seo.

▼ M44

4d. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát údarú a thabhairt, faoi na coinníollacha den sórt sin a mheasann siad a bheith iomchuí, maidir le díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí agus na teicneolaíochta a thagann faoi chóid AC 3917, 8421, 8471, 8523, 8536 agus 8544, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, nó maidir leis an gcúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis na hearraí sin nó le soláthar an chúnamh ghaolmhair teicniúil nó airgeadais chun feistí leighis a cothabháil nó a dheisiú.

4e. De mhaolú ar mhíreanna 1, 2, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, onnmhairiú agus aistriú na n-earraí a thagann faoi chóid AC 8414 90 agus 9026, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, atá lonnaithe go fisiciúil san Aontas a údarú ón 25 Meitheamh 2024 i leith chun críocha cothabhála nó deisiúcháin, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile, árachas nó athárachas, nó maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil géarghá leis d'fheidhmiú Thionscadal Sakhalin-2 (Сахалин-2) chun slándáil fuinnimh na Seapáine a áirithiú.

▼ M28

5. Féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát údarú a thabhairt earraí agus teicneolaíochta a chumhdaítear faoin Airteagal seo, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú faoi na coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, nó féadfaidh siad údarú a thabhairt cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis na hearraí den sórt sin nó leis an teicneolaíocht den sórt sin nó leis an gcúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann chun na gríoch seo a leanas:

▼ M28

- (a) chun críocha leighis nó cógaisíochta, nó críocha daonnúla, amhail cúnaimh a sheachadadh nó an seachadadh sin a éascú, lena n-áirítear soláthairtí leighis, bia, nó oibrithe daonnúla a aistriú nó cúnaimh gaolmhar nó le haghaidh aslonnuithe;
- (b) le haghaidh úsáid eisiach agus faoi rialú iomlán an Bhallstáit údaraithe agus chun a oibleagáidí cothabhála a chomhlíonadh i limistéir atá faoi chomhaontú léasa fhadtéarmaigh idir an Ballstát sin agus Cónaidhm na Rúise; nó

▼ M44

- (c) bunú, oibriú, cothabháil, soláthar breosla agus athchóireáil agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, agus leanúint den dearadh, den tógáil agus den choimisiúnú is gá chun saoráidí núicléacha sibhialta a chur i gcrích, ábhar réamhtheachtach a sholáthar chun raidiseatóip leighis agus feidhmeanna leighis comhchosúla a tháirgeadh, nó teicneolaíocht chriticiúil chun faireachán a dhéanamh ar radaíocht chomhshaoil, agus le haghaidh comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha.

5a. Agus cinneadh á dhéanamh acu maidir le hiarrataí ar údaruithe dá dtagraítear i míreanna 4a, 4b, 4c, 4d, 5 agus 5aa,, ní dheonóidh na húdaráis inniúla údarú le haghaidh onnmhairiú chuig aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáide sa Rúis, má tá forais réasúnacha acu lena chreidiúint go bhféadfadh úsáid deiridh mhíleata a bheith ag na hearraí.

▼ M38

- 5b. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhíreanna 4a, 4b, 4c agus 5 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

▼ M26

- 6. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na míreanna ábhartha atá le cumhdach leis an Airteagal seo a chinneadh.

Airteagal 4n

- 1. Beidh toirmeasc ar aon ghnóthas iompair de bhóthar atá bunaithe sa Rúis earraí a iompar de bhóthar laistigh de chríoch an Aontais, lena n-áirítear faoi bhealach.

▼ M36

- 1a. Beidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le hiompar earraí laistigh de chríoch an Aontais ag gnóthais iompair de bhóthar, a dhéantar trí bhíthin leantóirí nó leathleantóirí atá cláraithe sa Rúis, lena n-áirítear nuair is trucaíl atá cláraithe i dtíortha eile a tharraingíonn iad.

▼ M44

- 1b. Aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas agus ar le duine nádúrtha nó dlítheanach Rúiseach, eintiteas nó comhlacht Rúiseach 25 % nó níos mó, toirmeascfar orthu a ligean a bheith ina ngnóthas iompair de bhóthar a iompraíonn earraí de bhóthar laistigh de chríoch an Aontais, lena n-áirítear le linn idirthurais.

1c. Amhail ón 26 Iúil 2024 i gcás aon ghnóthas atá bunaithe san Aontas agus ar le duine nádúrtha nó dlítheanach Rúiseach, eintiteas nó comhlacht Rúiseach 25 % nó níos mó toirmeascfar air earraí a iompar de bhóthar laistigh de chríoch an Aontais, lena n-áirítear idirthuras.

1d. Gnóthais iompair de bhóthar atá bunaithe san Aontas, soláthróidh siad faisnéis faoina struchtúr úinéireachta, arna iarraidh sin d'údarás inniúil náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil siad bunaithe, don údarás inniúil náisiúnta sin.

▼ **M26**

2. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le gnóthais iompair de bhóthar a iompraíonn:

- (a) post mar sheirbhís uilíoch;
- (b) earraí faoi bhealach tríd an Aontas idir Kaliningrad Oblast agus an Rúis, ar choinníoll nach bhfuil toirmeasc ar na hearraí sin a iompar ar shlí eile faoin gCinneadh seo.

▼ **M44**

2a. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1b agus 1c maidir le gnóthais iompair de bhóthar atá bunaithe san Aontas agus atá faoi úinéireacht 25 % nó níos mó ag náisiúnaigh Rúiseacha ar náisiúnaigh de Bhallstát iad freisin nó a bhfuil cead cónaithe sealadach nó buan acu i mBallstát..

▼ **M38**▼ **M36**

4. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 1a, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit iompar earraí ag gnóthas iompair de bhóthar a bhunaítear sa Rúis nó ag aon ghnóthas iompair de bhóthar a údarú nuair is leantóirí nó leathleantóirí a chláraítear sa Rúis a iompraítear na hearraí, lena n-áirítear más trucaílí a chláraítear i dtíortha eile a tharlaíonn na leantóirí nó na leathleantóirí sin, má tá sé cinntithe ag na húdaráis inniúla go bhfuil gá leis an iompar sin chun:

▼ **M38**

(a) mura dtóir misctear a mhalairt, gás agus ola nádúrtha, lena n-áirítear táirgí peitriam scagtha, mar aon le tíotáiniam, alúmanam, copar, nicil, pallaidiam agus amhiarann, a cheannach, a allmhairiú nó a iompar isteach san Aontas;

▼ **M26**

(b) táirgí cógaisíochta, míochaine, talmhaíochta agus bia, lena n-áirítear cruithneacht agus leasacháin a gceadaítear a n-allmhairiú, a gceannach agus a n-iompar faoin gCinneadh seo, a cheannach, a allmhairiú nó a iompar;

(c) críocha daonnúla;

▼ **M27**

(d) feidhmiú ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalacha sa Rúis, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, nó eagraíochtaí idirnáisiúnta sa Rúis a thairbhíonn de dhíolúintí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta; nó

▼ **M26**

(e) aistriú nó onnmhairsiú chuig an Rúis earraí cultúrtha atá ar iasacht i gcomhthéacs comhar cultúrtha foirmiúil leis an Rúis.

5. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 4 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

▼ **M27***Airteagal 4o*▼ **M34**

1. Maidir le hamhola nó táirgí peitriam mar a liostaítear in Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an gCinneadh seo, beidh toirmeasc ar iad a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach, más de thionscnamh na Rúise iad nó más ón Rúis a onnmhairítear iad.

▼ **M27**

2. Cuirfear toirmeasc ar chúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais nó aon seirbhís eile a bhaineann leis an toirmeasc i mír 1, a sholáthar go díreach nó go hindíreach.

▼ **M27**

3. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2:
- (a) go dtí an 5 Nollaig 2022 maidir le hidirbhearta aonuaire le haghaidh seachadadh gearrthéarmach, arna dtabhairt i gcrích agus arna bhforghníomhú roimh an dáta sin, nó maidir le tabhairt i gcrích conarthaí chun amhola a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú arna dtabhairt i gcrích roimh an 4 Meitheamh 2022, nó maidir le conarthaí coimhdeacha is gá chun conarthaí den sórt sin a fhorghníomhú, ar choinníoll gur chuir na Ballstáit ábhartha fógra chuig an gCoimisiún faoi na conarthaí sin faoin 24 Meitheamh 2022 agus go dtabharfaidh na Ballstáit ábhartha fógra don Choimisiún faoi na hidirbhearta aonuaire le haghaidh seachadadh gearrthéarmach laistigh de 10 lá óna dtabhairt i gcrích;
- (b) go dtí an 5 Feabhra 2023, maidir le hidirbhearta aonuaire le haghaidh seachadadh gearrthéarmach, arna dtabhairt i gcrích agus arna bhforghníomhú roimh an dáta sin, nó maidir le tabhairt i gcrích conarthaí chun táirgí peitriiliam a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú arna dtabhairt i gcrích roimh an 4 Meitheamh 2022, nó maidir le conarthaí coimhdeacha is gá chun conarthaí den sórt sin a fhorghníomhú, ar choinníoll gur chuir na Ballstáit ábhartha fógra chuig an gCoimisiún faoi na conarthaí sin faoin 24 Meitheamh 2022 agus go dtabharfaidh na Ballstáit ábhartha fógra don Choimisiún faoi na hidirbhearta aonuaire le haghaidh seachadadh gearrthéarmach laistigh de 10 lá óna dtabhairt i gcrích;

▼ **M34**

- (c) maidir le ceannach, allmhairiú nó aistriú amhola mhuirompartha agus táirgí peitriiliam, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an gCinneadh seo, i gcás gur de thionscnamh tríú tír na hearraí sin agus nach bhfuil siad ach á luchtú sa Rúis, ag imeacht ón Rúis nó ar idirthuras tríd an Rúis, ar choinníoll nach de thionscnamh na Rúise na hearraí sin agus nach Rúiseach úinéir na n-earraí sin;

▼ **M27**

- (d) maidir le hamhola arna seachadta trí pháiblíne ón Rúis isteach sna Ballstáit, go dtí go gcinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, ar thogra ón Ardionadaí le tacaíocht ón gCoimisiún, go mbeidh feidhm ag na toirmisc atá i míreanna 1 agus 2.

▼ **M36**

- 3a. Scoirfidh an díolúine i mír 3, pointe (d), d'fheidhm a bheith aici maidir leis an nGearmáin agus leis an bPolainn an 23 Meitheamh 2023.

▼ **M27**

4. Má chuirtear isteach ar an soláthar amhola trí pháiblíne ón Rúis chuig Ballstát talamhiata ar chúiseanna nach bhfuil neart ag an mBallstát sin orthu, féadfar amhola mhuirompartha ón Rúis a allmhairiú isteach sa Bhallstát sin, mar mhaolú sealadach eisceachtúil ar mhíreanna 1 agus 2, go dtí go n-atosófar ar an soláthar nó go dtí go mbeidh feidhm ag an gcinneadh ón gComhairle dá dtagraítear i mír 3 (d) maidir leis an mBallstát sin, cibé acu is túisce.

▼ **M34**

5. Ón 5 Nollaig 2022, agus de mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh údarais inniúla na Bulgáire údarú a thabhairt, suas go dtí an 31 Nollaig 2024, d'fhorghníomhú conarthaí arna dtabhairt i gcrích roimh an 4 Meitheamh 2022, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun conarthaí den sórt sin a fhorghníomhú, chun amhola mhuirompartha agus táirgí peitriiliam, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an gCinneadh seo, ar de thionscnamh na Rúise iad nó a onnmhairítear ón Rúis, a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú.

▼ **M38**

6. Ón 5 Feabhra 2023 i leith, agus de mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh údaráis inniúla na Cróite údarú a thabhairt go dtí 31 Nollaig 2024 chun ola fholúsgháis a thagann faoi chód AC 2710 19 71, ar de thionscnamh na Rúise í nó a onnmhairítear ón Rúis, a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas araon:

▼ **M27**

(a) nach bhfuil soláthar malartach ar fáil don ola fholúsgháis sin; agus

(b) tá fógra tugtha ag an gCróit don Choimisiún, 2 sheachtain ar a laghad roimh an údarú, maidir leis na forais ar a measann sí gur cheart údarú sonrath a dheonú, agus ní dhearna an Coimisiún agóid laistigh den tréimhse sin.

7. Na hearraí a allmhairítear de réir maolú arna dheonú ag údarás inniúil faoi mhír 5 nó 6, ní dhíolfar ar aghaidh iad le ceannaitheoirí atá lonnaithe i mBallstát eile nó i dtríú tír.

▼ **M32**

Ón 5 Feabhra 2023 ar aghaidh, beidh toirmeasc ar tháirgí peitriiliam a thagann faoi AC 2710 a aistriú nó a iompar, ar táirgí iad a fhaightear ó amhola a allmhairíodh ar bhonn maolú arna dheonú ag údarás inniúil na Bulgáire faoi mhír 5, chuig Ballstáit eile nó chuig tríú tíortha, nó na táirgí peitriiliam sin a dhíol le ceannaitheoirí i mBallstáit eile nó i dtríú tíortha.

De mhaolú ar an toirmeasc a leagtar amach sa dara fómhír, féadfaidh údaráis inniúla na Bulgáire, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú táirgí peitriiliam áirithe chuig an Úcráin, a údarú, ar táirgí iad a fhaightear ó amhola a allmhairíodh faoi mhír 5, tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:

(a) go bhfuil na táirgí beartaithe lena n-úsáid go heisiach san Úcráin;

(b) nach bhfuil an díol, an soláthar, an t-aistriú ná an t-onnmhairiú sin ceaptha dul timpeall ar na toirmisc sa dara fómhír.

De mhaolú ar an toirmeasc a leagtar amach sa dara fómhír, féadfaidh údaráis inniúla na Bulgáire, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú táirgí peitriiliam áirithe chuig aon tríú tír, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXXII, a údarú, ar táirgí iad a fhaightear ó amhola a allmhairítear faoi mhír 5, laistigh de na cuótaí maidir le méid onnmhairiúcháin a luaitear san Iarscríbhinn a gabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:

(a) nach féidir na táirgí a stóráil sa Bhulgáir i ngeall ar rioscaí comhshaoil agus sábháilteachta;

(b) nach bhfuil an díol, an soláthar, an t-aistriú ná an t-onnmhairiú sin ceaptha dul timpeall ar na toirmisc sa dara fómhír.

▼ M32

Cuirfidh an Bhulgáir na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin tríú fómhír agus faoin gceathrú fómhír laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na míreanna ábhartha atá le cumhdach leis na maoluithe a leagtar amach sa tríú fómhír agus sa cheathrú fómhír a chinneadh.

▼ M27

8. Cuirfear toirmeasc ar aistriú nó iompar amhola a sheachadtar trí phíblíne isteach sna Ballstáit mar a thagraítear don mhéid sin i mír 3(d) chuig Ballstáit eile nó chuig tríú tíortha, nó ar a díol le ceannaitheoirí i mBallstáit eile nó i dtríú tíortha.

Déanfar na coinsíneachtaí agus na coimeádáin den amhola sin a mharcáil go soiléir mar “REBCO: onnmhairiú toirmisce”.

Amhail ón 5 Feabhra 2023, i gcás inar seachadadh amhola trí phíblíne isteach i mBallstát mar a thagraítear don mhéid sin i mír 3(d), beidh toirmeasc ar táirgí peitriiliam a fhaightear ón amhola sin a aistriú nó a iompar chuig Ballstáit eile nó chuig tríú tíortha, nó na táirgí peitriiliam sin a dhíol le ceannaitheoirí i mBallstáit eile nó i dtríú tíortha.

▼ M38

De mhaolú sealadach, beidh feidhm ag na toirmisc dá dtagraítear sa tríú fómhír ón 5 Nollaig 2024 maidir le táirgí peitriiliam a fhaightear ó amhola a seachadadh trí phíblíne isteach i mBallstát eile dá dtagraítear i mír 3(d) a allmhairiú agus a aistriú isteach sa tSeicia, agus a dhíol le ceannaitheoirí sa tSeicia. Má chuirtear soláthairtí malartacha le haghaidh na dtáirgí peitriiliam sin ar fáil don tSeicia roimh an dáta sin, déanfaidh an Chomhairle an maolú sealadach sin a fhoirceannadh. Le linn na tréimhse go dtí an 5 Nollaig 2024, ní rachaidh méideanna na dtáirgí peitriiliam sin a allmhairítear chuig an tSeicia ó mBallstáit eile thar na meánmhéideanna arna n-allmhairiú chuig an tSeicia ó na Ballstáit eile sin le linn na tréimhse céanna le linn na 5 bliana roimhe sin.

▼ M32

Ón 5 Feabhra 2023 ar aghaidh, de mhaolú ar na toirmisc dá dtagraítear sa tríú fómhír, féadfaidh údaráis inniúla na hUngáire agus na Slóvaice, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú táirgí áirithe peitriiliam chuig an Úcráin, a údarú, ar táirgí iad a fhaightear ó amhola a allmhairíodh faoi mhír 3(d), tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:

- (a) go bhfuil na táirgí beartaithe lena n-úsáid go heisiach san Úcráin;
- (b) nach bhfuil an díol, an soláthar, an t-aistriú ná an t-onnmhairiú sin ceaptha dul timpeall ar na toirmisc sa tríú fómhír.

Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin mír seo laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

▼ M32

Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na hearraí ábhartha atá le cumhdach leis an maolú a leagtar amach sa chúigiú fomhír a chinneadh.

▼ M34

9. Ní bhainfidh na toirmisc i mír 1 le ceannacháin amhola nó táirgí peitri Liam sa Rúis, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an gCinneadh seo, ar earraí iad a bhfuil gá leo chun freastal ar bhunriachtanais an cheannaitheora sa Rúis nó ar bhunriachtanais tionscadal daonchairdiúil sa Rúis.

▼ M27

10. Glacfaidh an tAontas na bearta is gá chun na hítimí ábhartha atá le cumhdach leis an Airteagal seo a chinneadh.

*Airteagal 4p***▼ M34**

1. Beidh toirmeasc ar chúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó maoiniú nó cúnamh airgeadais, a bhaineann le hamhola nó táirgí peitri Liam, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an gCinneadh seo, de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairítear ón Rúis, a thrádáil, bróicéireacht a dhéanamh ina leith nó a iompar chuig tríú tíortha, lena n-áirítear aistriithe ó long go long, a sholáthar go díreach nó go hindíreach.

▼ M30

2. An toirmeasc i mír 1, ní bheidh feidhm aige maidir le forghníomhú conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 4 Meitheamh 2022, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú go dtí:

(a) an 5 Nollaig 2022, le haghaidh amhola a thagann faoi chód AC 2709 00;

(b) an 5 Feabhra 2023, le haghaidh táirgí peitri Liam a thagann faoi chód AC 2710.

3. An toirmeasc i mír 1, níl feidhm aige maidir le héilimh árachais a íoc tar éis an 5 Nollaig 2022, le haghaidh amhola a thagann faoi chód AC 2709 00, nó tar éis an 5 Feabhra 2023, le haghaidh táirgí peitri Liam a thagann faoi chód AC 2710, ar bhonn conarthaí árachais a tugadh i gcrích roimh an 4 Meitheamh 2022 agus ar choinníoll go bhfuil deireadh tagtha leis an gcumhdach árachais faoi na dátaí ábhartha.

▼ M31

4. Cuirfear toirmeasc ar thrádáil, bróicéireacht nó iompar, lena n-áirítear trí aistriithe ó long go long, amhola a thagann faoi chód AC 2709 00 chuig tríú tíortha, ón 5 Nollaig 2022 ar aghaidh, nó táirgí peitri Liam a thagann faoi chód AC 2710, ón 5 Feabhra 2023 ar aghaidh, mar a liostaítear in ► **M34** Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an gCinneadh seo ◀, ar de thionscnamh na Rúise iad nó ar onnmhairíodh ón Rúis iad.

5. Beidh feidhm ag an toirmeasc i mír 4 den Airteagal seo ó dháta theacht i bhfeidhm an chéad Chinneadh ón gComhairle lena leasaítear Iarscríbhinn XI, i gcomhréir le pointe (a) de mhír 9 den Airteagal seo, agus ón dáta sin ar aghaidh.

▼ **M31**

Ó dháta theacht i bhfeidhm gach Cinnidh ón gComhairle ina dhiaidh sin lena leasaítear Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an gCinneadh seo, agus ón dáta sin ar aghaidh, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 4 den Airteagal seo, ar feadh tréimhse 90 lá, maidir le hiompar táirgí a liostaítear in ► **M34** Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an gCinneadh seo ◀ agus ar de thionscnamh na Rúise iad nó a onnmhairíodh ón Rúis, agus maidir le cúnaimh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó maoiniú nó cúnaimh airgeadais a bhaineann leis an iompar a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, ar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) go bhfuil iompar nó soláthar cúnaimh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó maoiniú nó cúnaimh airgeadais a bhaineann leis an iompar bunaithe ar chonradh a tugadh i gcrích roimh dháta theacht i bhfeidhm gach Cinnidh ón gComhairle ina dhiaidh sin lena leasaítear Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an gCinneadh seo; agus
- (b) nár mhó an praghas ceannaigh in aghaidh an bhairille ná an praghas a leagtar síos in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an gCinneadh seo ar an dáta a tugadh an conradh sin i gcrích.

▼ **M34**

6. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 4:

- (a) ón 5 Nollaig 2022 ar aghaidh, maidir le hamhola a thagann faoi chód AC 2709 00, agus ón 5 Feabhra 2023 ar aghaidh, maidir le táirgí peitrliam a thagann faoi chód AC 2710, ar táirgí de thionscnamh na Rúise iad nó a onnmhairíodh ón Rúis, ar choinníoll nach mó praghas ceannaigh na dtáirgí sin in aghaidh an bhairille ná na praghsanna a leagtar síos in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an gCinneadh seo;
- (b) maidir le hamhola nó táirgí peitrliam mar a liostaítear in Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an gCinneadh seo i gcás inar de thionscnamh tríú tír na hearraí sin agus nach bhfuil siad ach á luchtú sa Rúis, ag imeacht ón Rúis nó ar idirthuras tríd an Rúis, ar choinníoll nach de thionscnamh na Rúise na hearraí sin agus nach Rúiseach úinéir na n-earraí sin;
- (c) iompar na dtáirgí a luaitear in Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an gCinneadh seo, nó cúnaimh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnaimh airgeadais a bhaineann le hiompar den sórt sin chuig na tríú tíortha a luaitear ann, ar feadh na tréimhse a shonraítear san Iarscríbhinn sin;
- (d) ón 5 Nollaig 2022 ar aghaidh, maidir le hamhola a thagann faoi chód AC 2709 00, ar de thionscnamh na Rúise í nó a onnmhairíodh ón Rúis a ceannaíodh ag praghas atá os cionn an phraghais a leagtar síos in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an gCinneadh seo agus a luchtáitear ar shoitheach ag an gcalafort luchtaithe roimh an 5 Nollaig 2022 agus a dhíluchtaítear ag an gcalafort cinn scríbe deiridh roimh an 19 Eanáir 2023;
- (e) ón 5 Feabhra 2023, maidir le táirgí peitrliam a thagann faoi chód AC 2710, ar de thionscnamh na Rúise iad nó a onnmhairíodh ón Rúis agus a ceannaíodh ag praghas atá os cionn an phraghais ábhartha a leagtar síos in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an gCinneadh seo, a luchtáitear ar shoitheach ag an gcalafort luchtaithe roimh an 5 Feabhra 2023 agus a dhíluchtaítear ag an gcalafort cinn scríbe deiridh roimh an 1 Aibreán 2023.

▼ **M38**

6a. I gcur i bhfeidhm mhíreanna 4 agus 6, pointe (a), i gcás amhola nó táirgí peitrliam Rúiseach a liostaítear in Iarscríbhinn XIII, arna luchtú ón. 20 Feabhra 2024, déanfaidh soláthraithe seirbhíse nach bhfuil rochtain acu ar an bpraghas ceannaigh in aghaidh an bhairille a leagtar síos in Iarscríbhinn XI de na táirgí sin faisnéis mhiondealaithe faoi phraghsanna a bhailiú le haghaidh costais choimhdeacha arna soláthar ag oibreoirí níos gaire do thús shlabhra soláthair na trádála i

▼ M38

dtáirgí amhola Rúiseacha nó táirgí peitriiliam Rúiseacha . Soláthrófar an fhaisnéis mhiondealaithe sin faoi phraghsanna do chontrapháirithe agus d'údaráis inniúla, arna iarraidh sin, chun comhlíonadh an Airteagail seo a fhíorú.

▼ M30

7. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le soláthar seirbhísí píolótacha is gá ar chúiseanna sábháilteachta muirí.

▼ M38**▼ M30**

9. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón Ardionadaí le tacaíocht ón gCoimisiún, an méid seo a leanas a leasú:

▼ C5

- (a) Iarscríbhinn XI ar bhonn na bpraghsanna arna gcomhaontú ag Comhghuaillíocht na Caidhpe Praghais;
- (b) Iarscríbhinn XII ar bhonn critéir incháilitheachta oibiachtúla a chomhaontaigh Comhghuaillíocht na Caidhpe Praghais chun tion-scadail shonracha fuinnimh atá riachtanach le haghaidh slándáil fuinnimh tríú tíortha áirithe a dhíolmhú.

▼ M31

10. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 4 maidir le hiompar nó soláthar cúnamh theicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó maoiniú nó cúnamh airgeadais, a bhaineann leis an iompar is gá chun teagmhas ar dócha go mbeidh tionchar tromchúiseach mór aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol a chosc nó a mhaolú go práinneach, nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha, ar choinníoll go dtabharfar fógra don údarás inniúil náisiúnta láithreach a luaithe a shainaitheofar an teagmhas.

11. Cuirfidh na Ballstáit agus an Coimisiún a chéile ar an eolas faoi chásanna a bhraitear ina ndearnadh sárú nó imchéimniú ar na toirmisc a leagtar amach san Airteagal seo.

Aon fhaisnéis a sholáthraítear nó a fhaightear i gcomhréir leis an Airteagal seo, úsáidfeadh í chun na gcríoch a soláthraíodh í nó a fuarthas í, lena n-áirítear éifeachtacht an bhirt a áirithiú.

▼ M34

12. Déanfar athbhreithniú ar fheidhmiú shásra na caidhpe praghais, lena n-áirítear Iarscríbhinn XI mar aon leis na toirmisc i míreanna 1 agus 4 den Airteagal seo, faoi lár mhí an Mhárta 2023 agus gach 2 mhí ina dhiaidh sin.

Leis an athbhreithniú, cuirfeadh san áireamh éifeachtacht an bhirt i dtéarmaí na dtorthaí a meastar a bheidh aige, a chur chun feidhme, comhlíonadh idirnáisiúnta shásra na caidhpe praghais agus an t-ailíniú neamhfhoirmiúil leis, agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar an Aontas agus ar a Bhallstáit. Freagróidh sé ar fhorbairtí sa mhargadh, lena n-áirítear aon suaitheadh a d'fhéadfadh tarlú.

Chun cuspóirí na caidhpe praghais a bhaint amach, lena n-áirítear a cumas ioncam ola na Rúise a laghdú, beidh an chaidhpe praghais 5 % ar a laghad faoi bhun mheánphraghas an mhargaidh do tháirgí ola agus peitriiliam de chuid na Rúise, arna ríomh ar bhonn sonraí arna soláthar ag an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh.

▼ M36*Airteagal 4pa*

1. De mhaolú ar Airteagail 3, 3a, 4h agus 4m, féadfaidh na húdaráis inniúla díol, soláthar, aistriú, onnmhairiú, nó idirthuras tríd an Rúis na n-earraí agus na teicneolaíochta dá dtagraítear sna hAirteagail sin a údarú, nó cúnamh gaolmhar teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile, nó maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar, chun

▼ **M36**

píblínte de Phíblíne Chuibhreannais Chaisp (CPC) agus an bonneagar gaolmhar a oibriú agus cothabháil a dhéanamh orthu, ar earraí agus ar teicneolaíocht iad a thagann faoi AC 2709 00 de thionscnamh na Casacstáine agus nach bhfuil ach á luchtú sa Rúis, ag imeacht ón Rúis nó ar idirthuras tríd an Rúis, faoi cibé coinníollacha is iomchuí leo, tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:

- (a) díol, soláthar, aistriú, onnmhairiú nó idirthuras tríd an Rúis den sórt sin, nó soláthar an chúnamh ghaolmhar theicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile, nó maoiniú nó cúnamh airgeadais, tá gá leis chun comhpháirteanna píblíne CPC agus den bhonneagar gaolmhar a oibriú, cothabháil bhunriachtanach a dhéanamh orthu, iad a dheisiú nó iad a athionadú;
- (b) ní théann na cineálacha earraí, teicneolaíochtaí agus cúnamh a iarradh thar na cineálacha earraí agus teicneolaíochta a onnmhairíodh roimhe sin, nó an cúnamh a sholáthraíodh roimhe sin ón Aontas, ó tír is ball den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, ón Eilvéis nó ó tír comhpháirtí a liostaítear in Iarscríbhinn VII chuig an Rúis chun comhpháirteanna de píblíne CPC agus den bhonneagar gaolmhar a oibriú, cothabháil bhunriachtanach a dhéanamh orthu, iad a dheisiú nó a iad a athionadú, agus cúnamh gaolmhar;
- (c) tá na méideanna a iarradh i gcomhréir leis na méideanna a úsáidtear chun comhpháirteanna de píblíne CPC agus den bhonneagar lena mbaineann a oibriú, cothabháil bhunriachtanach a dhéanamh orthu, iad a dheisiú nó iad a athionadú; agus
- (d) cuirfidh duine nádúrtha nó dlítheanach atá faoi réir Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 na hearraí agus an teicneolaíocht sin ar fáil go heisiach le haghaidh úsáid deiridh in oibriú, cothabháil riachtanach, deisiú nó athsholáthar comhpháirteanna na píblíne CPC agus an bhonneagair lena mbaineann..

2. De mhaolú ar Airteagal 1k, féadfaidh na húdaráis inniúla soláthar seirbhísí iniúchóireachta, seirbhísí innealtóireachta seirbhísí comhairleacha dlí, seirbhísí tástála teicniúla agus seirbhísí anailíse a údarú chun píblínte de CPC agus den bhonneagar gaolmhar a oibriú agus chothabháil a dhéanamh orthu, ar píblínte iad atá riachtanach chun earraí a thagann faoi AC 2709 00 de thionscnamh na Casacstáine a iompar agus nach bhfuil á luchtú isteach sa Rúis, ag imeacht as an Rúis nó idirthuras tríd an Rúis ach amháin tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:

- (a) is gá na seirbhísí sin a sholáthar chun comhpháirteanna de píblíne CPC agus den bhonneagar gaolmhar a oibriú, cothabháil riachtanach a dhéanamh orthu, iad a dheisiú nó a iad athionadú; agus
- (b) is duine nádúrtha nó dlítheanach a sholáthraíonn na seirbhísí sin faoi réir Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014.

3. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhíreanna 1 agus 2 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

4. Agus údarú á dheonú faoi mhíreanna 1 agus 2, ceanglóidh an t-údarás inniúil go gcuirfead deimhniú úsáideora deiridh agus tuarascálacha rialta mionsonraithe i láthair lena léirítear nach ndearnadh aon earraí, teicneolaíocht ná seirbhísí den sórt sin a atreorú ón gcrióch a beartaíodh dóibh le linn na n-oibreacha ábhartha. Féadfaidh sé coinníollacha breise a fhorchur, i gcomhréir le mír 1.

▼ **M28***Airteagal 4q*

1. Beidh toirmeasc ar ór a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú isteach san Aontas nó in aon tríú tír, go díreach nó go hindíreach, más de thionscnamh na Rúise é nó más ón Rúis a onnmhairítear é, tar éis 22 Iúil 2022.
2. Beidh toirmeasc ar táirgí a phróiseáiltear i dtríú tír ina n-ionchorpraítear an táirge a thoirmiscear i mír 1 a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach.
3. Beidh toirmeasc ar sheodra óir a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú isteach san Aontas, go díreach nó go hindíreach, más de thionscnamh na Rúise é nó más ón Rúis a onnmhairítear é, tar éis 22 Iúil 2022.
4. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:
 - (a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 agus a bhaineann le soláthar, monaraíocht, cothabháil agus úsáid na n-earraí sin, go díreach nó go hindíreach, i ndáil leis an toirmeasc i míreanna 1, 2 agus 3.
 - (b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 chun na hearraí sin a cheannach, a allmhairiú, nó a aistriú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, i ndáil leis an toirmeasc i míreanna 1, 2 agus 3.
5. Ní bheidh feidhm ag an toirmisc i míreanna 1, 2 agus 3 maidir le hór is gá chun críoch oifigiúil misean taidhleoireachta, post consalach nó eagraíochtaí idirnáisiúnta sa Rúis a bhfuil díolúintí acu i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.
6. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 3 maidir le seodra óir le haghaidh úsáid phearsanta ag daoine nádúrtha atá ag taisteal chuig an Aontas Eorpach nó ag baill dá neasteaghlaigh a bheidh ag taisteal leo, atá faoi úinéireacht na ndaoine aonair sin agus nach bhfuil ceaptha le díol.
7. De mhaolú ar mhíreanna 1, 2 agus 3, féadfaidh na húdaráis inniúla aistriú nó allmhairiú earraí cultúrtha atá ar iasacht chuig an Rúis a údarú i gcomhthéacs comhar cultúrtha foirmiúil leis an Rúis.
8. Glacfaidh an tAontas na bearta is gá chun na hítimí ábhartha atá le cumhdach leis an Airteagal seo a chinneadh.

▼ **M32***Article 4r*▼ **M44**

1. De mhaolú ar Airteagail 3, 3a, 4, 4c, 4d, 4g, 4j and 4m, féadfaidh na húdaráis inniúla díol, soláthar nó aistriú earraí agus teicneolaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinní II, VII, X, XI, XVI, XVIII, XX agus XXIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 seo agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821, chomh maith le cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú, nó a aistriú ar aon bhealach eile chomh maith le cearta rochtana nó athúsáide a dheonú ar aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear le cearta

▼ M44

maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad, a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht a luaitear thuas a údarú go dtí an 31 Nollaig 2024, i gcás ina bhfuil géarghá le díol, soláthar, aistriú, ceadúnú, deonú cearta rochtana nó athúsáide den sórt sin le haghaidh an dífheistithe ón Rúis nó chun gníomhaíochtaí gnó sa Rúis a fhoirceannadh, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

▼ M32

- (a) tá na hearraí agus na teicneolaíochtaí faoi úinéireacht náisiúnaigh Ballstáit nó duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit nó tá siad faoi úinéireacht daoine dlítheanacha, eintiteas nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis agus atá faoi úinéireacht nó faoi rialú, rialú iomlán nó compháirteach, duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit; agus
- (b) níl aon fhoras réasúnta ag na húdaráis inniúla a dhéanann cinneadh maidir le hiarrataí chun a chreidiúint go bhféadfadh sé go mbeadh na hearraí beartaithe le haghaidh úsáideoir deiridh míleata nó le haghaidh úsáid deiridh mhíleata sa Rúis; agus
- (c) bhí na hearraí agus na teicneolaíochtaí lena mbaineann lonnaithe go fisiceach sa Rúis sular tháinig na toirmisc ábhartha in Airteagail 3, 3a, 4, 4c, 4d, 4g, 4j nó 4m i bhfeidhm i leith na n-earraí agus na dteicneolaíochtaí sin.

▼ M44

1a. De mhaolú ar Airteagal 3, féadfaidh na húdaráis inniúla díol, soláthar nó aistriú earraí agus teicneolaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh 833/2014 a údarú go dtí an 31 Nollaig 2024, i gcás ina bhfuil géarghá leis an díol, an soláthar nó an t-aistriú sin ar mhaithe leis an dífheistiú ó chomhfhiontar arna ionchorprú nó arna bhunú faoi dhlí Ballstáit roimh an 24 Feabhra 2022, lena mbaineann duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht Rúiseach, agus a oibríonn bonneagar píblíne gáis idir an Rúis agus tríú tíortha.

2. De mhaolú ar Airteagail 4i agus 4k, féadfaidh na húdaráis inniúla allmhairiú nó aistriú ítimí a liostaítear in Iarscríbhinní XVII agus XXI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a údarú go dtí an 31 Nollaig 2024, i gcás ina bhfuil géarghá leis an allmhairiú nó leis an aistriú sin le haghaidh an dífheistithe ón Rúis nó chun gníomhaíochtaí gnó sa Rúis a fhoirceannadh ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

▼ M32

- (a) tá na hearraí faoi úinéireacht náisiúnaigh Ballstáit nó duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit nó faoi úinéireacht daoine dlítheanacha, eintiteas nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis agus atá faoi úinéireacht nó faoi rialú, iomlán nó comhpháirteach, duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá inchorpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit; agus
- (b) bhí na hearraí lena mbaineann lonnaithe go fisiceach sa Rúis sular tháinig na toirmisc ábhartha in Airteagail 4i agus 4k i bhfeidhm i leith na n-earraí sin.

▼ M44

2a. De mhaolú ar Airteagal 1k, féadfaidh na húdaráis inniúla leanúint soláthar seirbhísí a liostaítear san Airteagal sin go dtí an 31 Nollaig 2024 a údarú, i gcás ina bhfuil géarghá leis an soláthar seirbhísí sin le haghaidh an dífheistithe ón Rúis nó chun gníomhaíochtaí gnó sa Rúis a fhoirceannadh ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

▼ M35

- (a) soláthraítear na seirbhísí sin do dhaoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a eascraíonn ón dífheistiú sin agus dá dtairbhe amháin; agus
- (b) níl aon fhoras réasúnta ag na húdaráis inniúla a dhéanann cinneadh maidir le hiarrataí ar údaruithe chun a chreidiúint go bhféadfadh sé go soláthrófaí na seirbhísí go díreach nó go hindíreach do Rialtas na Rúise nó d'úsáideoir deiridh míleata nó le haghaidh úsáid deiridh mhíleata sa Rúis.

▼ M36

2b. De mhaolú ar Airteagal 1k(2), féadfaidh na húdaráis inniúla soláthar seirbhísí comhairleacha dlíthiúla a údarú, go dtí an 31 Márta 2024, ar seirbhísí iad a cheanglaítear leis an dlí chun díol nó aistriú ceart dílseánaigh atá faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis a thabhairt chun críche le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas.

3. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhíreanna 1, 1a, 2, 2a nó 2b laistigh de choicís ón údarú.

▼ M38*Airteagal 4s*

Ní bheidh feidhm ag na toirmisc a leagtar síos sa Chinneadh seo maidir le soláthar seirbhísí piolótacha a bhfuil gá leo ar chúiseanna sábháilteachta muirí.

▼ M35*Airteagal 4t*

1. Chun críocha na dtoirmeasc ar earraí a allmhairiú dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, féadfaidh na húdaráis chustaim earraí atá san Aontas a scaoileadh, mar a fhoráiltear in Airteagal 5, pointe (26) de Chód Custaim an Aontais⁽¹⁾, ar choinníoll gur cuireadh faoi bhráid na n-údarás custaim iad i gcomhréir le hAirteagal 134 de Chód Custaim an Aontais roimh theacht i bhfeidhm nó roimh dháta cur i bhfeidhm na dtoirmeasc allmhairiúcháin faoi seach, cibé acu is déanaí.

2. Ceadófar gach céim nós imeachta is gá le haghaidh scaoileadh na n-earraí ábhartha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 5 de bhun Chód Custaim an Aontais.

3. Ní cheadóidh na húdaráis chustaim scaoileadh na n-earraí má tá forais réasúnta acu a bheith in amhras go bhfuil seachaint i gceist agus ní údaróidh siad ath-onnmhairiú na n-earraí chuig an Rúis.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

▼ **M35**

4. Beidh fócaíochtaí i ndáil leis na hearraí sin comhsheasmhach le forálacha agus cuspóirí an Chinnidh seo, go háirithe an toirmeasc ar cheannach, agus Cinneadh 2014/145/CBES.

5. Maidir le hearraí atá san Aontas go fisiceach agus a cuireadh faoi bhráid na n-údarás custaim roimh an 26 Feabhra 2023 agus a stopadh le linn chur i bhfeidhm an Chinnidh seo, féadfaidh na húdaráis chustaim iad a scaoileadh faoi na coinníollacha dá bhforáiltear i míreanna 1, 2, 3 agus 4.’;

▼ **M38***Airteagal 4u*

1. Ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh, cuirfear toirmeasc ar dhiamaint agus ar tháirgí ina n-ionchorpraítear diamaint a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach, más de thionscnamh na Rúise iad nó má onnmhairíodh iad ón Rúis isteach san Aontas nó chuig aon tríú tír.

2. Ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh, cuirfear toirmeasc ar dhiamaint agus ar tháirgí ina n-ionchorpraítear diamaint, a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach, má rinne siad idirthuras trí chríoch na Rúise.

3. Ón 1 Márta 2024 ar aghaidh, cuirfear toirmeasc ar tháirgí a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach, nuair a phróiseáiltear i dtríú tír iad agus atá comhdéanta de dhiamaint de thionscnamh na Rúise nó arna n-onnmhairiú ón Rúis ag a bhfuil meáchan atá cothrom le 1.0 carat nó atá níos mó ná sin in aghaidh an diamaint.

▼ **M44**

4. Ón 1 Meán Fómhair 2024 ar aghaidh, cuirfear toirmeasc ar tháirgí a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach, nuair a phróiseáiltear i dtríú tír iad agus atá comhdhéanta de dhiamaint de thionscnamh na Rúise nó arna n-onnmhairiú ón Rúis, ag a bhfuil meáchan atá cothrom le 0.5 carat nó 0.1 gram nó atá níos mó ná sin in aghaidh an diamaint.

4a. Maidir le táirgí a liostaítear i gCuid C d'Iarscríbhinn XXXVIII A a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, nuair a phróiseáiltear iad i dtríú tír, ina n-ionchorpraítear diamaint de thionscnamh na Rúise nó arna n-onnmhairiú ón Rúis ag a bhfuil meáchan atá cothrom le 0.5 carat nó 0.1 gram in aghaidh an diamaint nó níos mó, beidh feidhm ag an toirmeasc i mír 4 ón dáta a chinnfidh an Chomhairle ag gníomhú di d'aon toil ar bhonn Airteagail 29 agus 30 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

▼ **M38**

5. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i míreanna 1 go 4 agus a bhaineann le soláthar, monaraíocht, cothabháil agus úsáid na n-earraí sin, go díreach nó go hindíreach, i ndáil leis na toirmisc i míreanna 1 go 4;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i míreanna 1 go 4 chun na hearraí sin a cheannach, a allmhairiú, nó a aistriú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, i ndáil leis na toirmisc i míreanna 1 go 4.

6. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 go 4 den Airteagal seo maidir le hearraí ina n-ionchorpraítear diamaint le haghaidh úsáid phearsanta ag daoine nádúrtha atá ag taisteal chuig an Aontas nó ag baill dá neasteaghlaiigh a bheidh ag taisteal leo, atá faoi úinéireacht na ndaoine aonair sin agus nach bhfuil ceaptha le díol.

▼ **M38**

7. De mhaolú ar mhíreanna 1 go 4, féadfaidh na húdaráis inniúla aistriú nó allmhairiú earraí cultúrtha atá ar iasacht chuig an Rúis a údarú i gcomhthéacs comhar cultúrtha foirmiúil leis an Rúis.

▼ **M44**

8. Chun críocha mhíreanna 3 agus 4 den Airteagal seo, earraí a thagann faoi chóid AC 7102 31 00 agus 7102 10 00 a allmhairítear isteach san Aontas, cuirfear faoi bhráid an údarais a shonraítear in Iarscríbhinn XXXVIII B a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 na hearraí sin lena bhfiorú gan mhoill, mar aon le doiciméadacht lena ndeimhnítear a dtionscnamh. Áiríteoidh an Ballstát ina dtabharfar na hearraí sin isteach i gcríoch chustaim an Aontais go gcuirfear faoi bhráid an údarais a shonraítear in Iarscríbhinn XXXVIII B a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014. Féadfar idirthuras custaim a dheonú chuige sin. Má dheonaítear an t-idirthuras custaim sin, cuirfear an fiorú dá bhforáiltear sa mhír seo ar fionraí go dtí go dtiocfaidh na hítimí sin an t-údarás a shonraítear in Iarscríbhinn XXXVIII B a ghabhann le Rialachán (ae) Uimh. 833/2014. Beidh an t-allmhaireoir freagrach as gluaiseacht cheart na hítimí sin agus costais na gluaiseachta sin. Ní bheidh gá le taisceadh chuig an údarás sin ar choinníoll go ndearnadh an nós imeachta forúcháin dá bhforáiltear sa mhír seo roimhe sin ar na hearraí agus ar choinníoll go bhfuil fianaise bunaithe ar inrianaitheacht cruthaithe, lena n-áirítear deimhniú comhfhreagrach lena ndeimhnítear nár baineadh, nár próiseáladh ná nár táirgeadh na diamaint sa Rúis, dá bhforáiltear i mír 10 den Airteagal seo.

▼ **M38**

9. Déanfar gach fiorú a cheanglaítear faoi mhír 8 a chur i gcrích i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 2368/2002 ⁽¹⁾ ón gComhairle, ag a mbeidh feidhm *mutatis mutandis*.

▼ **M44**

10. Chun críocha mhíreanna 3 agus 4, tráth an allmhairithe, soláthróidh allmhaireoirí fianaise maidir le tír thionscnaimh na ndiamant nó na dtáirgí ina n-ionchorpraítear diamaint a úsáidtear mar ionchur chun an táirge a phróiseáil i dtríú tír.

Ón 1 Márta 2025 ar aghaidh, san fhianaise bunaithe ar inrianaitheacht le haghaidh táirgí a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn XXXVIII A a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, áireofar deimhniú comhfhreagrach lena ndeimhnítear nár baineadh, nár próiseáladh ná nár táirgeadh na diamaint sa Rúis.

▼ **M38**

11. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na nithe ábhartha atá le cumhdach leis an Airteagal seo agus an údarás um fiorú diamaint a chinneadh.

▼ **M44**

11. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1, 3 agus 4 maidir leis na táirgí a liostaítear i gCodanna A, B agus C d'Iarscríbhinn XXXVIII A a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 má bhí na táirgí sin lonnaithe go fisiceach san Aontas roimh dháta infheidhmeachta an toirmisc ar leith sin agus má rinneadh iad a onnmhairiú chuig tríú tír seachas an Rúis ina dhiaidh sin.

Tráth an allmhairithe isteach san Aontas, soláthróidh allmhaireoirí fianaise go raibh na táirgí sin lonnaithe go fisiceach san Aontas nó deimhniú, bunaithe ar dhearbhuí stoic a tíolacadh, ón údarás a shonraítear in Iarscríbhinn XXXVIII B a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 roimh an onnmhairiú ón Aontas.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 2368/2002 ón gComhairle an 20 Nollaig 2002 lena gcuirtear chun feidhme scéim deimhniúcháin Phróiseas Kimberley um thrádáil idirnáisiúnta i ndiamaint gharbha (IO L 358, 31.12.2002, lch. 28).

▼ **M44**

12. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1, 3 agus 4 maidir leis na táirgí a liostaítear i gCodanna A, B agus C d'Iarscríbhinn XXXVIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 má bhí na táirgí sin lonnaithe go fisiceach, nó má rinneadh iad a shnasú nó a mhonarú, i dtríú tír seachas an Rúis roimh dháta infheidhmeachta an toirmisc ar leith sin.

Déanfaidh allmhairí, tráth an allmhairithe isteach san Aontas, fianaise a sholáthar gur allmhairíodh na táirgí isteach sa tríú tír ar dtús roimh dháta infheidhmeachta an toirmisc ar leith sin le haghaidh táirgí a thagann faoi na cóid AC 7102 10 00, 7102 31 00 agus 7104 21 00. I gcás táirgí a thagann faoi na cóid AC 7102 39 00 agus 7104 91 00, agus i gcás táirgí a liostaítear i gCuid C d'Iarscríbhinn XXXVIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, soláthróidh allmhairí, tráth a n-allmhairithe, fianaise gur sa tríú tír a rinneadh próiseáil chríochnaitheach nó monarú chríochnaitheach na dtáirgí, nó go raibh siad lonnaithe go fisiceach i bhfoirm phróiseáilte nó mhonaraithe sa tríú tír roimh dháta infheidhmeachta an toirmisc ar leith sin.

13. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 4 agus 5 maidir le táirgí a liostaítear i gCuid C d'Iarscríbhinn XXXVIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 agus a monaraíodh roimh an 1 Meán Fómhair 2024, agus maidir le seirbhísí gaolmhara, má rinneadh na táirgí sin a allmhairiú go sealadach isteach san Aontas ó aon tríú tír nó críoch, seachas an Rúis, nó a allmhairiú tar éis onnmhairiú sealadach chuig aon tríú tír nó críoch, seachas an Rúis, ar choinníoll gur cuireadh na táirgí sin faoi na nósanna imeachta custaim um chead isteach sealadach, um próiseáil isteach nó um próiseáil amach nuair a tháinig siad isteach san Aontas nó gur dearbháidh iad agus úsáid á baint as na cóid chustaim le haghaidh onnmhairiú sealadach lasmuigh den Aontas.

▼ **M38***Airteagal 4v*

1. Cuirfear toirmeasc ar aon náisiúnach de chuid Ballstáit, ar aon duine nádúrtha a bhfuil cónaí air i mBallstát, agus ar aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas tancaeir chun amhola nó táirgí peitriiliam a liostaítear in Iarscríbhinn XIII, a thagann faoi chód CC ex 8901 20 a dhíol nó a onnmhairiú, nó úinéireacht orthu a aistriú ar bhealach eile, go díreach nó go hindíreach, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis, bíodh na tancaeir sin de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt, faoi na coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tancaeir chun amhola nó táirgí peitriiliam a liostaítear in Iarscríbhinn XIII, a thagann faoi láthair faoi chód CC ex 8901 20, a dhíol nó a onnmhairiú, nó úinéireacht orthu a aistriú ar bhealach eile .

3. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le hiarrataí ar údaruithe dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, ní dheonóidh na húdaráis inniúla údarú maidir le díol nó onnmhairiú, nó úinéireacht a aistriú ar bhealach eile, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas ná comhlacht sa Rúis ná lena úsáid sa Rúis, má tá forais réasúnacha acu lena chreidiúint go bhféadfaí an tancaer a úsáid chun amhola nó táirgí peitriiliam a iompar, nó go bhféadfaí iad a ath-onnmhairiú chun na críche sin, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XIII, ar de thionscnamh na Rúise iad nó arna n-onnmhairiú ón Rúis le allmhairiú isteach san Aontas de shárú ar Airteagail 4o nó le hiompar chuig tríú tíortha ar phraghas ceannaigh in aghaidh an bhairille a sháraíonn an praghas a leagtar síos in Iarscríbhinn XI.

▼ **M38**

4. Maidir le haon díol nó socrú eile atá i gceist leis úinéireacht a aistriú náisiúnach de chuid Ballstáit, ar aon duine nádúrtha a bhfuil cónaí air i mBallstát, agus ar aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas tancaer chuig aon tríú tír chun amhola nó táirgí peitriúil a liostaítear in Iarscibhinn XIII, a thagann faoi chód CC ex 8901 20, a iompar, cé is moite de dhíol nó aistriú úinéireachta a bhfuil toirmeasc air faoi mhír 1, tabharfar fógra faoi sin láithreach d'údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil úinéir an tancaer ina shaoránach, ina bhfuil cónaí air nó ina bhfuil sé bunaithe.

Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad san fhógra a thabharfar don údarás inniúil: céannacht an díoltóra agus an cheannaitheora, agus i gcás inarb infheidhme doiciméid chorpraithe an díoltóra agus an cheannaitheora lena n-áirítear scairsheilbh agus bainistiú; uimhir aitheantais loinge IMO an tancaer; agus Glao-Chód an tancaer

5. Maidir le haon cheann de na tancaer dá dtagraítear i míreanna 1 agus 4 a dhíol nó úinéireacht a aistriú ar bhealach eile tar éis an 5 Nollaig 2022 agus roimh an 19 Nollaig 2023, tabharfar fógra d'údaráis inniúla na mBallstát faoi roimh an 20 Feabhra 2024.

6. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhír 2, agus faoi aon fhógra faoi mhíreanna 4 agus 5, laistigh de 2 sheachtain ón údarú nó ón bhfógra.

▼ **M44***Airteagal 4w*

1. Cuirfear toirmeasc ar sheirbhísí athlódála a sholáthar i gcóir an Aontais chun críoch oibríochtaí trasloingsithe gáis nádúrtha leachtaithe a thagann faoi chód AC 2711 11 00, ar de thionscnamh na Rúise é nó a onnmhairíodh ón Rúis.

2. Cuirfear toirmeasc ar chúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnaimh airgeadais, a bhaineann leis an toirmeasc i mír 1, a sholáthar go díreach nó go hindíreach.

3. De mhaolú ar na toirmisc i míreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla seirbhísí athlódála a údarú chun críocha oibríochtaí trasloingsithe gáis nádúrtha leachtaithe a thagann faoi chód AC 2711 11 00, ar de thionscnamh na Rúise é nó a onnmhairítear ón Rúis más gá an t-athluchtú sin chun é a iompar chuig Ballstát agus dheimhnigh an Ballstát sin go n-úsáidtear trasloingsiú chun soláthar fuinnimh sa Bhallstát sin a áirithiú.

4. Chun comhlíonadh na dtoirmeasc i míreanna 1 agus 2 a áirithiú, féadfaidh údaráis inniúla rialacha agus treoraíocht a bhunú ar an leibhéal náisiúnta. Áireofar sna rialacha agus sa treoraíocht sin ceanglais fheabhsaithe díchill chúil go háirithe chun seirbhísí athlódála a shainiú a sholáthraítear chun críche oibríochtaí trasloingsithe, agus sainiúlachtaí an chreata rialála náisiúnta is infheidhme maidir le saoráidí gáis nádúrtha leachtaithe á gcur san áireamh, na cleachtais ghnó a bhí ag na seoltóirí roimhe seo, an t-am idir an díluchtú agus an t-athluchtú, tásca maidir le naisc thráchtála dhíreacha idir an díluchtú agus an t-athluchtú, lena n-áirítear seirbhísí nua díluchtaithe agus athlódála a chuirtear ar fáil i mbeart, agus tír chlárúcháin na n-oibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann.

5. Cuirfidh na húdaráis inniúla an Coimisiún ar an eolas, ar a dhéanaí an 26 Nollaig 2024, faoi na rialacha agus an treoraíocht arna mbunú faoi mhír 4, nó nach bhfuil sé ar intinn acu na rialacha sin a bhunú.

▼M44

6. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 go dtí an 26 Márta 2025 maidir le forfheidhmiú na gconarthaí arna dtabhairt i gcrích roimh an 25 Meitheamh 2024.

7. Daoine dlítheanacha a dhéanann oibríochtaí díluchtaithe gáis nádúrtha leachtaithe a thagann faoi chód AC 2711 11 00, ar de thionscnamh na Rúise é nó a onnmhairítear ón Rúis, cuirfidh siad an méid sin in iúl, faoin 26 Iúil 2024 agus gach mí ina dhiaidh sin, d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil siad lonnaithe, faoi na hoibríochtaí díluchtaithe uile agus na hallmhairí gáis nádúrtha leachtaithe uile isteach san Aontas, a thagann faoi chód AC 2711 11 00, ar de thionscnamh na Rúise iad nó a onnmhairítear ón Rúis. Áireofar sa tuairisciú faisnéis maidir le toirteanna.

Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann an fhaisnéis a fuarthas ar fáil don Choimisiún.

8. Ní bheidh feidhm ag mír 2 i gcás soitheach a bhfuil cúnaimh de dhíth air agus é ag lorg áit dídine, i gcás cuaird éigeandála ar chalafort ar chúiseanna sábháilteachta muirí, nó i gcás inar gá duine a shábháil ar muir nó chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach nach beag aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol, nó chun freagairt ar thubaistí nádúrtha.

9. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir le seirbhísí athlódála is gá le haghaidh buncaireacht soithí gáis nádúrtha leachtaithe bhreoslaithe.athlódála

10. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar shreafaí, margáí agus praghsanna gáis nádúrtha leachtaithe, iomaíochas an Aontais, agus sciar na n-allmhairí gáis nádúrtha leachtaithe ón Rúis in allmhairí fuinnimh iomlána an Aontais. Cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid na Comhairle i gcás aon fhorbairtí tábhachtacha a bhfuil baint acu leis na toirmisc i míreanna 1 agus 2, agus ar a dhéanaí 26 Meitheamh 2025. Cuirfidh an Chomhairle na tuarascálacha sin san áireamh agus athbhreithniú á dhéanamh aici ar na bearta sriantacha.

11. I gcás forbairtí tábhachtacha a bhaineann leis na toirmisc i míreanna 1 agus 2, ar forbairtí iad a dhéanann dífead do shreafaí, margáí agus praghsanna gáis nádúrtha leachtaithe, d'iomaíochas an Aontais nó don sciar d'allmhairithe gáis nádúrtha leachtaithe ón Rúis in allmhairí fuinnimh iomlána an Aontais, molfaidh an Coimisiún bearta maolaitheacha don Chomhairle, agus measúnú ar thionchar na mbeart sin ag gabháil leo.

Airteagal 4x

1. Toirmiscfead an méid seo a leanas a dhéanamh, go díreach nó go hindíreach, i ndáil le haon soitheach a liostaítear in Iarscríbhinn XVI:

- (a) rochtain a sholáthar ar chalafóirt, criosanna ancaireachta agus loic i gcríoch an Aontais, agus rochtain a bheith ag soitheach den sórt sin orthu;
- (b) soitheach den sórt sin a allmhairiú isteach san Aontas, é a cheannach nó é a aistriú;
- (c) soitheach den sórt sin a dhíol, a sholáthar, lena n-áirítear é a chairtfhostú, nó a onnmhairiú;
- (d) soitheach den sórt sin a oibriú nó criú loinge a sholáthar dó;
- (e) seirbhísí cláraithe bratachchun tairbhe do shoitheach den sórt sin;
- (f) maoiniú agus cúnaimh airgeadais a sholáthar, lena n-áirítear árachas, chomh maith le seirbhísí bróicéireachta, lena n-áirítear bróicéireacht loinge;

▼ **M44**

- (g) cúnadh teicniúil a sholáthar agus seirbhísí eile, lena n-áirítear buncaeireacht, seirbhísí soláthair loinge, seirbhísí athraithe criú loinge, seirbhísí luchtaithe lasta agus díluchtaithe lasta, seirbhísí soláthair gardaí agus tugaí chun tairbhe do shoitheach den sórt sin; agus
- (h) dul i mbun aistriú ó long go long nó i mbun aon aistriú lasta le soitheach den sórt sin ná seirbhísí a fháil ó shoitheach den sórt sin.

2. In Iarscríbhinn XVI áireofar soithigh:

- (a) a iompraíonn earraí agus teicneolaíocht a úsáidtear in earnáil na cosanta agus na slándála, ón Rúis nó chuig an Rúis, lena n-úsáid nó lena húsáid sa Rúis nó le haghaidh chogaíocht na Rúise san Úcráin;
- (b) a iompraíonn táirgí amhola nó peitríliam, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, ar táirgí iad atá de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairítear ón Rúis le linn a bheith i mbun cleachtais loingseoireachta ardriosca agus neamhrialta mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta;
- (c) a oibrítear ar shlí lena rannchuidítear nó lena dtacaítear le gníomhaíochtaí nó beartais chun earnáil an fhuinnimh a dhúshaothrú, a fhorbairt sa Rúis, nó chun borradh a chur fúithi, lena n-áirítear bonneagar fuinnimh, nó iompar onnmhairí fuinnimh a éascú nó a bharrfheabhsú, ar bhealach atá contrártha leis an gcuspóir ioncam na Rúise san earnáil sin a laghdú;
- (d) a oibrítear ar bhealach lena rannchuidítear nó lena dtacaítear le gníomhaíochtaí nó beartais a dhéanann dochar do mharthain eacnamaíoch nó slándáil bia na hÚcráine, mar shampla iompar ghrán na hÚcráine a goideadh, nó oidhreacht chultúrtha na hÚcráine a chaomhnú, iompar earraí cultúrtha na hÚcráine a goideadh, cuir i gcás;
- (e) a iompraíonn earraí de thionscnamh an Aontais nó arna n-onnmhairiú ón Aontas a liostaítear in Iarscríbhinní XI, XX agus XXIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, nó earraí de thionscnamh na Rúise nó arna n-onnmhairiú ón Rúis agus arna n-allmhairiú isteach san Aontas a liostaítear in Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 agus, ar an gcaoi sin, lena gcumasaítear gníomhaíochtaí na Rúise i ndíobhsú staid na hÚcráine;
- (f) a oibrítear ar bhealach lena n-éascaítear nó lena dtéitear i mbun forálacha an Chinnidh seo Chinntí 2014/145/CBES, 2014/386/CBES, nó (CBES) 2022/266 ón gComhairle nó Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 (AE) Uimh. 269/2014, (AE) Uimh. 692/2014, nó (AE) 2022/263 a shárú nó dul timpeall orthu nó iad a chur ó rath go mór ar bhealach eile; nó
- (g) atá faoi úinéireacht, nó atá á gcairtfhostú nó á n-oibriú ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014, nó a úsáidtear ar bhealach eile in ainm, thar ceann nó i ndáil le daoine mar sin, nó a úsáidtear chun tairbhe do dhaoine mar sin.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 i gcás soitheach, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XVI, a bhfuil cúnadh de dhíth air agus é ag lorg áit dídine, i gcás ina bhfuil cuaird ar chalafort éigeandála aige ar chúiseanna sábháilteachta muirí, nó chun críoch daonnúil, nó chun duine a shábháil ar muir nó chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol, nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha, nó chun breithiúnas nó dámhachtain eadrána a tugadh i mBallstát a aithint nó a fhorghníomhú.

▼ **M44**

4. De mhaolú ar phointí (a) agus (g) de mhír 1, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit oileánaigh soitheach a liostaítear in Iarscríbhinn XVI faoi mhír 2(e) a údarú chun rochtain a fháil ar chalafoirt agus ar chriosanna ancaireachta, agus seirbhísí a fháil faoi mhír 1(g) faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:

- (a) go bhfuil géarghá leis na hearraí chun bunriachtanais an Bhallstáit sin a chomhlíonadh; agus
- (b) nach bhfuil toirmeasc ar shlí eile ar allmhairiú na n-earraí sin faoin gCinneadh seo ná faoi Rialachán (AE) Uimh. 833/2014.

5. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 4 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

Airteagal 4y

1. Toirmiscefear earraí agus teicneolaíocht a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, agus seirbhísí a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis i gcás ina bhfuil earraí, teicneolaíocht agus seirbhísí den sórt sin chun tionscadail gáis nádúrtha leachtaithe, amhail críochfort agus gléasraí, a chur i gcrích.

2. Toirmiscefear an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) cúnadh teicniúil nó seirbhísí bróicéireachta a bhaineann le hearraí, teicneolaíocht agus seirbhísí sa Rúis a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, nuair atá na hearraí, an teicneolaíocht agus na seirbhísí sin beartaithe le tionscadail gáis nádúrtha leachtaithe den sórt sin a chur i gcrích;
- (b) maoiniú nó cúnadh airgeadais a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, a bhaineann le hearraí, teicneolaíocht agus seirbhísí sa Rúis nuair atá na hearraí, an teicneolaíocht agus na seirbhísí sin beartaithe le tionscadail gáis nádúrtha leachtaithe den sórt sin a chur i gcrích.

3. Na toirmisc i míreanna 1 agus 2, beidh siad gan dochar don chur i gcrích, go dtí an 26 Meán Fómhair 2024 i gcás conarthaí a thabharfar i gcrích roimh an 25 Meitheamh 2024, nó conarthaí coimhdeacha a bhfuil gá leo chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

Airteagal 4z

1. Maidir le gás nádúrtha leachtaithe a thagann faoi chód AC 2711 11 00, atá de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairíodh ón Rúis, toirmiscefear é a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach, trí chríochfoirt san Aontas nach bhfuil nasctha leis an gcóras gáis nádúrtha idirnasctha.

2. Cuirfear toirmeasc ar chúnadh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnadh airgeadais nó aon seirbhís eile a bhaineann leis an toirmeasc i mír 1, a sholáthar go díreach nó go hindíreach.

3. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 go dtí an ... [1 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh leasaithe seo] maidir le conarthaí a thabharfar i gcrích roimh an ... [dáta theacht i bhfeidhm an Chinnidh leasaithe seo], nó conarthaí coimhdeacha a bhfuil gá leo chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

4. Ní bheidh tionchar ag na toirmisc i mír 1 agus 2 ar sholáthar gáis nádúrtha leachtaithe de thionscnamh na Rúise ó mhórthír Ballstáit chuig na réigiúin is forimeallaí dá chuid.

▼ **M44***Airteagal 4za*

1. Maidir le hearraí maoinne cultúrtha de chuid na hÚcráine agus earraí eile lena mbaineann tábhacht seandálaíochta, stairiúil, chultúrtha, reiligiúnach nó tábhacht eolaíoch as an ngnáth, toirmiscefar iad a cheannach, a allmhairiú, a aistriú, a dhíol, a sholáthar nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ann chun bheith in amhras gur aistríodh na hearraí ón Úcráin gan toiliú a n-úinéirí dlisteanacha nó gur aistríodh iad de sháru ar dhlí na hÚcráine nó an dlí idirnáisiúnta, go háirithe más cuid dhílis iad na hearraí de na bailiúcháin phoiblí a liostaítear i bhfardail na mbailiúchán caomhnúcháin atá ag músaeim, cartlanna nó leabharlanna na hÚcráine, nó i bhfardail institiúidí reiligiúnacha na hÚcráine.
2. Cuirfear toirmeasc ar chúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais nó aon seirbhís eile a bhaineann leis an toirmeasc i mír 1, a sholáthar go díreach nó go hindíreach.
3. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i míreanna 1 agus 2 má léirítear an méid seo a leanas:
 - (a) rinneadh na hearraí a onnmhairiú ón Úcráin roimh an 1 Márta 2014; nó
 - (b) tá na hearraí á gcur ar ais go sábháilte chuig úinéirí dlisteanacha na n-earraí san Úcráin.

▼ **B***Article 5*

In order to maximise the impact of the measures referred to in this Decision, the Union shall encourage third States to adopt restrictive measures similar to those provided for herein.

▼ **M36***Airteagal 5a*

1. Cuirfear toirmeasc ar earraí agus ar theicneolaíocht, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XIV, a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, bíodh na hearraí agus an teicneolaíocht sin de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa tríú tír a shonraítear san Iarscríbhinn sin.
2. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:
 - (a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1, agus a bhaineann le soláthar, monaraíocht agus cothabháil na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa tríú tír arna sonrú;
 - (b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, a sholáthar go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa tríú tír arna sonrú;
 - (c) cearta maoinne intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d'aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoinne intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa tríú tír arna sonrú.

▼ **M36**

3. Ní áireofar in Iarscríbhinn XIV ach earraí agus teicneolaíocht dé-úsáide íogaire, nó earraí agus teicneolaíocht lena bhféadfaí rannchuidiú le feabhsú míleata, teicneolaíoch agus tionsclaíoch na Rúise, nó le forbairt earnáil cosanta agus slándála na Rúise, ar bhealach lena neartófaí cumas na Rúise cogadh a chur, agus a bhfuil a n-onnmhairiú chuig an Rúis toirmisce the faoin gCinneadh seo agus lena mbaineann ardriosca agus riosca leanúnach go ndéanfar iad a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú ó thríú tíortha chuig an Rúis tar éis iad a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú ón Aontas. Sonrófar in Iarscríbhinn XIV, i gcás gach ítim earra nó teicneolaíochta a liostaítear, na tríú tíortha a bhfuil toirmeasc ar a ndíol, a soláthar, a n-aistriú nó a n-onnmhairiú chucu.

Ní áireofar in Iarscríbhinn XIV ach tríú tíortha a bhfuil sé aitheanta ag an gComhairle gur mhainnigh siad go córasach agus go leanúnach cosc a chur ar dhíol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú earraí agus teicneolaíochta, mar a liostaítear san Iarscríbhinn sin chuig an Rúis agus a onnmhairítear ón Aontas, in ainneoin fhor-rochtain agus cúnaimh an Aontais roimh ré don tír atá i dtrácht.

